iomaíocht

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht



# 2006 Tuairisc Bhliantúil

iomaíocht

tomhaltóir
sa
gheilleagar

táirgiúlacht

**The Competition Authority**
An tÚdarás Iomaíochta

designed by www.reddog.ie

# An Clár


Brollach 3

Roinn 1: Dlí na hIomaíochta a Fhorfheidhmiú 5
Roinn 2: Measúnú ar Chumaisc agus ar Éadálacha 23
Roinn 3: An Iomaíocht a Chur Chun Cinn in Éirinn 41
Roinn 4: Seirbhísí Polasaí agus Corparáideacha 53

Aguisíní 61

maíocht

luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

iomaíocht

gheilleagar



## Brollach *Bill Prasifka*

Bhí toradh na hoibre ag an Údarás Iomaíochta in 2006 ag teacht leis an toradh a mbeifí ag súil leis ó ghníomhaireacht rialtais atá anois ina shéú bliain déag.

Ba in 2006 a tharla an chéad chiontú coiriúil ar díotáil i gcionta i gcoinne an Achta Iomaíochta. Bhí an méid seo a leanas bainte amach roimh dheireadh na bliana: de bhrí gur éirigh leis an iliomad ionchúiseamh sa chás ola téimh in Iarthar na hÉireann, d'éirigh le cúig chiontú choiriúla san iomlán, lena n-áirítear an chéad chiontú trí thriail le giúiré i gcionta Achta Iomaíochta san Eoraip. Ba chéim thábhachtach í seo ní hé amháin don Údarás Iomaíochta féin, ach i dtreo cultúr iomaíochta a chur ar bun sa Stát.

Chaith an tÚdarás roinnt mhaith dá chuid acmhainní le cúrsaí forfheidhmithe agus tugadh imeachtaí sibhialta éagsúla chun críche go sásúil i rith an ama. Ar na nithe is suntasaí a bhain an tÚdarás amach lean sé lena iarrachtaí a chinntiú go mbainfeadh tomhaltóirí fónamh as buntáistí an mhargaidh Eorpaigh aonair agus go raibh an iomaíocht i réim san earnáil chúraim shláinte.

Ba léir ón líon cumasc i rith na bliana go raibh borradh faoin eacnamaíocht, tríd is tríd, agus rinne an tÚdarás Iomaíochta 96 cinneadh réasúnaithe san iomlán. Den 96 cás cumaisc a ndearna an tÚdarás déileáil leo in 2006, ceadaíodh 93 díobh ag an gcéim thosaigh den phróiseas cinnteoireachta, rud a léiríonn go bhfuil an tÚdarás Iomaíochta ar a lándícheall a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach ann le cumaisc a cheadú.

Chun tacú lena ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin déanann an tÚdarás Iomaíochta buntáistí na hiomaíochta a chur chun cinn sa tír. Díothaíodh an tOrdú Grósaera ar deireadh thiar thall in 2006 tar éis dianfheachtas fada aighneachta, ar chuir roinnt mhaith táirgeoirí ina choinne. Ba chun sochair na dtomhaltóirí is mó a bhí an cinneadh deireadh a chur leis an bpíosa reachtaíochta éigiallta seo.

Léiríonn sonraí oifigiúla ón bPríomh-Oifig Staidrimh go raibh an t-ardú i bpraghsanna bia níos moille ná an t-ardú a bhí ag tarlú, tríd is tríd, toisc an bhoilscithe ó díothaíodh an tOrdú Grósaera in 2006 agus go raibh an ráta boilscithe níos moille fós i gcás earraí a bhíodh san áireamh san Ordú Grósaera. Ghlac an tÚdarás Iomaíochta le freagrachtaí nua don earnáil ghrósaera - ina measc, dul i mbun mórthionscadal monatóireachta san earnáil tar éis bhunú na timpeallachta nua rialála.
Chomh maith leis sin, foilsíodh an Tuarascáil Deiridh in 2006 ar Ghairmeacha Lucht Dlí, tuarascáil a rabhthas ag súil léi le fada an lá. Má chuirtear na moltaí sa tuarascáil sin i bhfeidhm ina n-iomláine, beidh an córas dlíthiúil sa tír i bhfad níos follasaí agus níos cuntasaí agus freastalóidh sé i bhfad níos fearr ar riachtanais na gcliant.

Ar bhonn níos leithne, bhíothas ag cur cúrsaí iomaíochta ag barr an chláir pholasaí in earnálacha éagsúla. Roimh dheireadh 2006 bhíothas tar éis an gá atá le níos mó iomaíochta i measc fóntais phoiblí (leictreachas go háirithe) agus sa soláthar cúraim shláinte a chur ar bun. Tá daoine anois ag tabhairt aird níos mó ar sheasamh an Údaráis Iomaíochta i leith na saincheisteanna seo - seasamh a bhí ag an Údarás le fada an lá.

Bhí gá mór leis an bhfás seo sa chultúr iomaíochta in Éirinn mar go raibh leasanna táirgeoirí go mór i réim san iliomad réimsí san eacnamaíocht. Leanfaidh an tÚdarás Iomaíochta lena iarrachtaí an mhíchothromaíocht a cheartú i bhfabhar na dtomhaltóirí ach athruithe ar pholasaí a mholadh – athruithe atá bunaithe ar réasúnú eacnamaíochta slán. Níl amhras ar bith ann ach gur chuir daoine eile go mór leis an dul chun cinn. Ina measc bhí

daoine aonair a rinne obair go príobháideach sa tsochaí shibhialta maille le hoifigigh phoiblí sa Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus sa ghníomhaireacht nua – An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí. Is beag a bhainfeadh an tÚdarás Iomaíochta amach gan tacaíocht ó dhaoine agus ó dhreamanna eile.

Dhéanfainn faillí mura luafainn nach mbeimis tar éis ciontú coiriúil a bhaint amach sa chás ola téimh gan saineolas, díograis agus seiftiúlacht an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí agus a oifig. Táimid fíorbhuíoch as a thacaíocht i gcásanna go dtí seo agus i gcúrsaí éagsúla a bheidh idir lámha againn amach anseo.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Údaráis Iomaíochta. Sháraigh siad gach dúshlán a cuireadh rompu i rith 2006, agus níorbh aon dóithín é a bheith ag plé le Cathaoirleach nua a d'fhill arís ar réimse na hiomaíochta tar éis seal a chaitheamh ag treabhadh i ngort aislingeach na rialála.

tomhaltóir nuálachas
iomaíocht
tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas



# Roinn 1: Dlí na hIomaíochta a Fhorfheidhmiú

# 1. Dlí na hIomaíochta a Fhorfheidhmiú

Tháinig toradh sa bhliain 2006 ar chinneadh na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta acmhainní breise a chur ar fáil don Údarás Iomaíochta chun imscrúduithe coiriúla a dhéanamh maidir le trombheartaíocht cairtéal in Éirinn nuair a bhí Éire ar an gcéad tír san Eoraip a raibh triail ghiúiré inti maidir le coir chion iomaíochta. Lean an tÚdarás Iomaíochta ag tabhairt líon suntasach cásanna sibhialta os comhair na hArd-Chúirte chomh maith.

Ceaptar dlí na hiomaíochta chun cosaint agus buntáiste a thabhairt do na tomhaltóirí go príomha a bhfuil de cheart acu earraí agus seirbhísí a cheannach ar phraghas iomaíoch. Bíonn luach maith ag an tomhaltóir as breis iomaíochta agus cothaítear gnó leis, chomh maith le cur leis an eacnamaíocht ar fad. Is é an toradh a bhíonn ar iompar frithiomaíoch go n-íocann na tomhaltóirí praghsanna níos airde gan aon bhuntáiste sa bhreis a fháil agus go dtógtar ón acmhainn iomaíochta in eacnamaíocht na hÉireann.

Is ionann na bearta frithiomaíocha a bhíonn ar bun ag cairtéil, ar nós socrú praghsanna agus socrú tairiscintí, agus gadaíocht – daoine atá ag féachaint le brabús breise a dhéanamh agus an tomhaltóir thíos leis.

### 1.1 Na Cumhachtaí Forfheidhmithe in Úsáid

Rinne an tÚdarás Iomaíochta iarratas ar 9 gcinn de bharántais chuardaigh leis na Cúirteanna Dúiche, a bhronn iad, i rith na bliana 2006 mar gheall ar imscrúduithe reatha faoi iompar frithiomaíoch. Oifigigh údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta a d'fhorghníomhaigh na barántais chuardaigh sin. Bhí cabhair ar fáil ar roinnt ócáidí ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise agus ó Ghardaí áitiúla de chuid an Gharda Síochána ar fud na tíre.

Chomh maith leis sin, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta 38 toghairm fhinné i rith na bliana. Tá sé de cheart ag an Údarás Iomaíochta toghairmeacha a eisiúint chun iallach a chur ar fhinnéithe fianaise a thabhairt faoi mhionn agus na cáipéisí a iarrtar a chur ar fáil. Is cion faoin Acht Iomaíochta, 2002, loic i ndéanamh de réir na dtoghairmeacha sin.

| Tábla 1.1: Úsáid a bhaint as Cumhacht Forfheidhmithe | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 | 2002 | 2001 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Barántais chuardaigh | 9 | 42 | 24 | 21 | 18 | 2 |
| Toghairmeacha | 38 | 46 | 58 | 69 | 56 | 11 |

tiomáineann iomaíocht bhríomhar táirgiúlacht fás, nuálachas agus luach do gach tomhaltóir sa gheilleagar

táirgiúlacht

**1.2 Cásanna Coiriúlachta arna dtabhairt ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí**

**An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil, Con Muldoon, Muldoon Oil Limited, James Kearney, Cloonan Oil Limited, Ruby Oil (Roscommon) Limited, Kevin Hester, Sean Hester, All Star Oil Limited, Alan Kearney, Mor Oil Limited, Pat Hegarty, Sweeney Oil Limited, Gort Oil, Declan Geraghty, Matt Geraghty Oil Limited, Michael McMahon, Fenmac Oil & Transport Limited, Tom Connolly, Eugene Dalton Snr., Corrib Oil Company Limited, Kevin Cunniffe, Hi-Way Oil (Galway) Limited, JP Lambe,**

Thionscain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) imeachtaí dlí in aghaidh na 24 cúisí a luaitear thuas in Aibreán, Bealtaine agus Meitheamh 2004. Bhain na cúiseanna a tugadh in aghaidh na ndaoine sin agus na ngnóthas corparáide le líomhaintí faoi phraghas miondíolacháin na hola téimh, atá déanta as ola gáis nó ceirisín a shocrú. Tháinig ionchúiseamh na 24 cúisí seo tar éis don Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh agus comhad a chur faoi bhráid an SIP sa bhliain 2003. Cuireadh na cúisithe ar fad ar aghaidh chun a dtrialach, ar a ndíotáil, go dtí an Chúirt Chuarda i nGaillimh.

I mí Dheireadh Fómhair 2004, thug an SIP le fios gur mhian leis grúpa de cheathrar cosantóirí a thabhairt os comhair na cúirte ar dtús. I mí na Nollag 2004 rinne na habhcóidí a bhí ag triúr de na cosantóirí **(Corrib Oil Company Limited, Eugene Dalton Snr & Tom Connolly)** iarratas leis an gCúirt Chuarda i nGaillimh an triail a athrú go dtí an Chúirt Choiriúil Chuarda i mBaile Átha Cliath ar an bhforas nach dócha go dtarlódh triail chóir i nGaillimh óir ba dhócha na daoine a bheadh ar an ngiúiré a bheith ina gcustaiméirí ag ceann nó níos mó de na cosantóirí agus/nó de na finnéithe ar son an ionchúisimh. Glacadh leis an iarratas agus aistríodh triail an cheathrú cosantóir **(JP Lambe)** go Cúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath chomh maith. Socraíodh dáta trialach den 14 Samhain 2005 don cheathrar cosantóirí uile.

An 14 Samhain, chuir an Breitheamh Michael White triail Corrib Oil Company Limited, Eugene Dalton Snr & Tom Connolly ar athló go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2006 mar nach raibh seomra cúirte ar fáil don triail.

I mí na Nollag 2005 chuir an SIP in iúl don Chúirt Choiriúil Chuarda i nGaillimh gur mhaith leis cás a thriail le grúpa de thriúr cúisí eile, eadhon, Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil, Con Muldoon agus Muldoon Oil Limited. Dhiúltaigh Cúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe an 10 Eanáir iarratas an triail a aistriú go dtí Cúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath ar an bhforas nár dhócha triail chóir le fáil i nGaillimh. Leagadh síos dáta trialach ar an 28 Feabhra 2006 don triúr cúisithe.

Maidin an 28 Feabhra, shocraigh an tUasal Con Muldoon agus Muldoon Oil Limited araon go ndéanfaí ath-dhíotchúiseamh orthu, rinne siad malairt pléadála agus thaifead siad pléadáil chiontach i leith cúis amháin ar an mBille Díotála faoi seach. Phléadáil Con Muldoon ciontach maidir leis an gcúis seo a leanas:

*Ráiteas faoin gCion:* A bheith ina stiúrthóir ar ghnóthas a rinne comhaontú arbh é a bhí de chuspóir leis ná an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh mar shárú ar Alt 2 den Acht Iomaíochta (Leasú) 1996 mar a fhoráiltear dó in Alt 3(4)(a) den Acht céanna.

*Sonraí an Chiona:* Bhí Conrad Muldoon ó 1 Eanáir 2001 go dtí an 11 Feabhra 2002, araon san áireamh, i gContae na Gaillimhe, ina stiúrthóir ar Muldoon Oil Limited, gnóthas de réir bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 1991, agus cion déanta ag an gcuideachta chéanna, eadhon, comhaontú a dhéanamh le gnóthais eile, de réir bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 1991 freisin, arbh é a bhí de chuspóir leis an iomaíocht sa trádáil ar ola gáis i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh trí phraghas díolta na hola gáis a shocrú go díreach nó go hindíreach, agus gur údaraigh nó gur thoiligh sé le déanamh na ngníomhartha ba riachtanach don chion sin.

Bhí Con Muldoon cúisithe ar scór eile ar an mBille Díotála chomh maith i dtéarmaí ab ionann leis an gcúis thuas ach amháin go mba ceirisín seachas ola gáis an táirge. Chuir an SIP in iúl don Bhreitheamh sa chás, an Breitheamh Uasal Raymond Groarke, gur mhaith leis an SIP *nolle prosequi* a thaifeadadh i gcás an dara cúis a bhí os comhair na cúirte.

Phléadáil Muldoon Oil Limited ciontach sa chúis seo a leanas:

*Ráiteas faoin gCion:* Comhaontú a dhéanamh arbh é a bhí de chuspóir leis an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh mar shárú ar Alt 2(2) den Acht Iomaíochta (Leasú) 1996.

*Sonraí an Chiona:* Rinne Muldoon Oil Limited ó 1 Eanáir 2001 go dtí an 11 Feabhra 2002, araon san áireamh, i gContae na Gaillimhe, arna bheith dó ina ghnóthas de réir bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 1991, comhaontú le gnóthais eile, de réir bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 1991 freisin, arbh é a bhí de chuspóir leis an iomaíocht sa trádáil ar ola gáis i gCathair agus i gContae na Gaillimhe a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh trí phraghas díolta na hola gáis a shocrú go díreach nó go hindíreach.

Mar a chéile le Con Muldoon, bhí Muldoon Oil Limited cúisithe ar scór eile ar an mBille Díotála chomh maith i dtéarmaí ab ionann leis an gcúis thuas ach amháin arís go mba ceirisín seachas ola gáis an táirge. Chuir an SIP in iúl don Bhreitheamh sa chás, an Breitheamh Uasal Raymond Groarke, gur mhaith leis an SIP nolle prosequi a thaifeadadh i gcás an dara cúis a bhí os comhair na cúirte.

Shocraigh Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil cur i gcoinne na gcúiseanna a leagadh amach ina aghaidh agus rollaíodh giúiré. Rinne an tUasal Denis Vaughan Buckley AS in éineacht leis an Uasal Conor Fahy BL an cás a ionchúiseamh, faoi theagasc an Uasail Séamus Cassidy, Aturnae de chuid Rannóg Phríomh-Aturnae Ionchúisimh an SIP. Lean an triail trí lá. Rinne an Breitheamh Groarke coimriú don ghiúiré Déardaoin an 2 Márta agus scoir siad chun a bhfíorasc a mheas. Rinne an giúiré machnamh ar feadh 2 uair an chloig agus 4 nóiméad sular tugadh isteach fíorasc ciontachta ar an dá scór ar an mbille díotála in aghaidh Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil as an bpáirt a bhí aige sa chomhcheilg maidir le praghsanna a shocrú. Ghearr an Breitheamh Groarke fíneáil €3,500 in iomláine ar Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil. Ag gearradh na pianbhreithe air, dúirt an breitheamh Groarke gur le teann sainte amháin a bhí siad siúd a raibh páirt acu i gcairtéil agus baint acu le praghsanna a shocrú ag feidhmiú agus nach raibh aon bhuntáiste seachas brabús airgid le baint as; gurbh é sin an fáth a raibh dearcadh chomh géar ag an Oireachtas i leith a leithéide; agus, go bhfacthas dó cásanna i ndán ina ngearrfaí téarmaí príosúnachta ar dhaoine a chiontódh giúiré. *("Those engaged in cartels and involved in the fixing of prices are doing so only with the motivation of greed, and with nothing to be gained but financial profit. That is why the legislature takes such a serious view of it...I could well see circumstances where persons convicted by a jury could be subjected to terms of imprisonment.")*

D'admhaigh an Breitheamh Groarke gurbh mionéan i measc na seabhac sa ghnó dáileacháin ola a bhí in Michael Flanagan ag trádáil dó mar Flanagan Oil agus luaigh sé go gcuirfí sin san áireamh agus pianbhreith á gearradh air.

Ciontaíodh Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil sna cúiseanna seo a leanas:

*Ráiteas faoin gCion:* Comhaontú a dhéanamh arbh é a bhí de chuspóir leis an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh mar shárú ar Alt 2(2) den Acht Iomaíochta (Leasú) 1996.

*Sonraí an Chiona:* Rinne Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil ón 1 Eanáir 2001 go dtí an 11 Feabhra 2002, araon san áireamh, i gContae na Gaillimhe, arna bheith dó ina ghnóthas de réir bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 1991, comhaontú le gnóthais eile, de réir bhrí Alt 3 den Acht Iomaíochta 1991, arbh é a bhí de chuspóir leis an iomaíocht sa trádáil ar ola gáis i gCathair agus i gContae na

Gaillimhe a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh trí phraghas díolta na hola gáis a shocrú go díreach nó go hindíreach.

Bhí an dara scór inar ciontaíodh é i dtéarmaí ab ionann leis an gcúis thuas ach amháin go mba maidir leis an táirge Ceirisín é seachas ola gáis.

Bhí pléadáilte ciontach ag **J.P. Lambe** i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath an 27 Deireadh Fómhair 2005 maidir leis an dá scór ar an mbille díotála as cabhrú agus neartú le Corrib Oil Company Limited ag socrú praghsanna. Ghearr an Breitheamh Catherine Delahunt pianbhreith 6 mhí príosúnachta, ar fionraí ar feadh tréimhse 12 mí, agus fíneáil €15,000 air an 6 Márta 2006 ar scór amháin ar an mBille Díotála. Cuireadh an dara scór ar an mBille Díotála san áireamh. Dúirt an Breitheamh Delahunt, ag gearradh na pianbhreithe di ar Lambe, nach bhféadfadh an cineál saofa a bhí os comhair na cúirte oibriú ar leibhéal d'aon suntas murach bua, géire intinne agus eolas a leithéidsean maidir leis an ngnó *("Without your talent, acumen and knowledge of this business, the kind of distortion before the court today could not have functioned to any sort of significant level.")*

Ba é sin an chéad phianbhreith coinneála a gearradh ar dhuine aonair in Éirinn nó san Eoraip mar gheall ar chion faoi dhlí na hIomaíochta. Go dtí seo, tá an fhíneáil a gearradh ar Lambe ar an bhfíneáil aonair is airde a ghearr cúirt de chuid na hÉireann ar ghnóthas nó ar dhuine aonair mar gheall ar chion faoi dhlí na hIomaíochta.

Liostaíodh na cásanna in aghaidh na 17 cosantóir eile i gcairtéal na hola téimh lena lua den chéad uair eile i gCúirt Chuarda na Gaillimhe ar an 9 Márta 2006. Rinneadh 4 ghnóthas corparáide agus 2 stiúrthóir a ath-dhíotchúiseamh os comhair an Bhreithimh Raymond Groarke agus phléadáil siad ciontach as cúis amháin an comhlacht nó an duine maidir le praghsanna a shocrú sa díolachán ar ola téimh i Limistéar Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Seo a leanas na gnóthais a phléadáil ciontach; **All Star Oil Limited, Hi-Way Oil (Galway) Limited, Mor Oil Limited and Matt Geraghty Oil Limited.** Ba iad **Seán Hester** ina stiúrthóir dó ar All Star Oil Limited agus **Kevin Cunniffe** ina stiúrthóir dó ar Hi-Way Oil (Galway) Limited an bheirt stiúrthóirí a phléadáil ciontach. Phléadáil gach ceann de na gnóthais chorparáide ciontach maidir le cúiseanna go ndearnadh praghsanna a shocrú sa díolachán ar ola gáis agus thaifead an SIP nolle prosequi maidir leis an gcúis eile mar gheall ar cheirisín. Bhí foclaíocht na gcúiseanna i ngach cás ionann go díreach leis an bhfoclaíocht sa chúis in aghaidh Muldoon Oil Limited a ndearnadh tagairt dó thuas. Phléadáil an bheirt stiúrthóirí ciontach maidir le cúiseanna go ndearnadh praghsanna a shocrú sa díolachán ar ola gáis agus thaifead an t-ionchúiseamh *nolle prosequi* maidir leis an gcúis eile mar gheall ar cheirisín. Arís bhí foclaíocht na gcúiseanna ionann go díreach leis an bhfoclaíocht sa chúis in aghaidh Mr Con Muldoon a ndearnadh tagairt dó thuas. Chuir an SIP in iúl go ndéanfadh sé *nolle prosequi* a thaifeadadh maidir leis an dá chúis in aghaidh Declan Geraghty, stiúrthóir ar Matt Geraghty Oil Limited agus Alan Kearney, stiúrthóir ar Mor Oil Limited araon. Cuireadh gearradh na pianbhreithe i gcás na gcúisithe seo ar fad a phléadáil ciontach an 9 Márta ar athló go dtí an 10 Márta nuair a bheadh Muldoon Oil Limited agus Con Muldoon Oil os comhair na cúirte maidir le pianbhreith chomh maith.

Chiontaigh an Breitheamh Raymond Groarke Muldoon Oil Limited an 10 Márta agus ghearr fíneáil €3,500 air mar gheall ar an scór ar phléadáil an gnóthas corparáide sin ciontach as an tseachtain roimhe sin. Ciontaíodh Con Muldoon agus gearradh fíneáil €1,000 air as an scór ar an mBille Díotála ar thaifead sé pléadáil chiontach ina leith. Gearradh fíneáil €7,500 ar na gnóthais chorparáide eile, eadhon, Star Oil Limited, Hi-Way Oil (Galway) Limited, Mor Oil Limited agus Matt Geraghty Oil Limited. Gearradh fíneáil €1,500 an duine ar Sheán Hester agus Kevin Cunniffe.

Thug an Breitheamh Groarke an phléadáil chiontach a thaifead Muldoon Oil Limited agus Con Muldoon Oil faoi seach go luath, pléadáil a taifeadadh roimh thriail Michael Flanagan ag trádáil faoin ainm Flanagan Oil os comhair giúiré. Gearradh

fíneáil níos ísle ar Muldoon Oil Limited agus Con Muldoon araon ar an gcúis sin ná mar a gearradh ar na gnóthais agus ar na stiúrthóirí eile ar gearradh an phianbhreith orthu an lá céanna. Ag gearradh na bpianbhreitheanna dó an 10 Márta, dúirt an Breitheamh Groarke go mba goid an bheartaíocht a rinne na 5 ghnóthas corparáide agus an triúr stiúrthóirí a raibh páirt acu i gcairtéal na hola téimh. Dúirt an Breitheamh Groarke chomh maith go raibh na fir ghnó láneolasach faoina raibh ar siúl acu agus faoina bheith ina choir in aghaidh an dlí agus go mba saint ba bhun leis *("These businessmen went into this with their eyes wide open and knew that what they were doing was criminally illegal. It was about greed...")*.

An 21 Márta, phléadáil Fenmac Oil and Transport Company Limited ag trádáil faoin ainm McMahon Oil agus stiúrthóir na cuideachta, an tUasal Michael McMahon as Cinn Mhara, Co. na Gaillimhe ciontach i scór amháin maidir le socrú praghsanna sa díolachán ar ola gáis. Mar a tharla i gcás na ngnóthas corparáide eile sa chás seo, thaifead an SIP *nolle prosequi* mar gheall ar an scór eile i gcás an dá chúisí faoi seach. Ghearr an Breitheamh Groarke fíneáil €7,500 ar Fenmac Oil and Transport Company Limited ag trádáil faoin ainm McMahon Oil agus fíneáil €1,500 ar Michael McMahon. Thug an Breitheamh Groarke chun aire gur fhan an dá chúisí go raibh toradh na trialach i gcás Flanagan Oil ar eolas sula ndearnadh pléadáil chiontach a thaifeadadh. Arna admháil go mba mionpháirtithe na cúisithe, thug an Breitheamh Groarke chun aire nach n-éiríonn le cairtéil ach amháin nuair atá na miondaoine sáite ann *("...cartels only succeeded when the smallest people were involved")*. Luaigh sé ansin go bhfuil an dlí i bhfeidhm i gcás an ngnáthdhuine chomh mór leis an té a bhfuil seasamh maith faoi *("The law applies to the small man just as much as for the bigger man.")*

An 25 Aibreán, phléadáil Gort Oil Limited ciontach i gCúirt Chuarda na Gaillimhe maidir le scór amháin (ola gáis) de dhá scór a bhí os comhair na cúirte agus, mar a chéile le páirtithe cúisithe eile, taifeadadh *nolle prosequi* i gcás na cúise eile (ceirisín). Gearradh fíneáil €7,500 ar an gcuideachta sin. Níor ionchúisíodh aon duine aonair as an gcuideachta sin mar gheall ar an imscrúdú seo.

Thaifead Cloonan Oil Limited agus Ruby Oil (Roscommon) Limited pléadáil chiontach an 18 Bealtaine maidir le scór amháin an comhlacht (ola gáis) ar an mbille díotála maidir lena bpáirt i gcairtéal na hola téimh. Thaifead an SIP *nolle prosequi* i gcás an dá chúis eile (ceirisín) ina n-aghaidh. Ionchúisíodh James Kearney ina Stiúrthóir dó ar Ruby Oil (Roscommon) Limited agus ina bhainisteoir dó ar Cloonan Oil Limited, ach thaifead an SIP nolle prosequi i gcás na gcúiseanna uile ina aghaidhsean.

Ghearr an Breitheamh Groarke fíneálacha beagán níos airde ar Cloonan Oil Limited agus Ruby Oil (Roscommon) Limited ná mar a gearradh ar na gnóthais chorparáide eile. Thug an Breitheamh Groarke chun aire go raibh na gnóthais sin beagán níos mó ná na gnóthais eile ar gearradh fíneálacha orthu go dtí sin. D'athdhearbhaigh an breitheamh ina dhiaidh sin féin a chuid tuairimí ó thráthanna pianbhreithe roimhe sin sa chás agus luaigh go raibh a fhios go forleathan an dearcadh a bhí aige ar an gcineál seo beartaíochta...gur ionann bheith páirteach i gcairtéal agus goid *("being involved in a cartel was theft")*.

Cuireadh triail Corrib Oil Company Limited agus bheirt de stiúrthóirí an ghnóthais chorparáide sin, Eugene Dalton Snr & Tom Connolly, ar athló i mí na Samhna 2005 go dtí an 3 Deireadh Fómhair 2006 nuair nach raibh seomra cúirte ar fáil. Ar an 2 Deireadh Fómhair, rinneadh Corrib Oil Company Limited agus Eugene Dalton Snr a ath-dhíotchúiseamh i gCúirt 8 sa Chúirt Choiriúil Chuarda i mBaile Átha Cliath agus thaifead siad uile pléadáil ciontach as beart amháin praghas-shocraithe i gcairtéal na hola téimh. Chuir an chúirt siar gearradh na pianbhreithe go dtí an 23 Eanáir 2007. Thug an tUasal George Birmingham AS thar ceann an SIP le fios don chúirt go raibh rún ag an SIP nolle prosequi a thaifeadadh i gcás na gcúiseanna in aghaidh Tom Connolly.

| Tábla 1.2 An Toradh ar Imeachtaí in aghaidh 24 Cosantóir i gCás na hOla Téimh amhail an 31 Nollaig 2006 | | |
|---|---|---|
| **Cosantóir** | **Stádas Reatha** | **Toradh más cuí a lua** |
| Michael Flanagan | Fuair giúiré ciontach é i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (2 Márta 2006) | Fíneáil €3,500<br>Gearradh pianbhreith an 2 Márta 2006 |
| Con Muldoon | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (28 Feabhra 2006) | Fíneáil €1,000<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Muldoon Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (28 Feabhra 2006) | Fíneáil €3,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| James Kearney | Níor ionchúisíodh (25 Aibreán 2006) | Nolle prosequi |
| All Star Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (9 Márta 2006) | Fíneáil €7,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Kevin Hester | Níor ionchúisíodh (9th Márta 2006) | Nolle prosequi |
| Corrib Oil | Taifeadadh pléadáil ciontach an 2 Deireadh Fómhair 2006 | Ag feitheamh le pianbhreith an 23 Eanáir 2007 |
| Mor Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (9 Márta 2006) | Fíneáil €7,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Alan Kearney | Níor ionchúisíodh (9 Márta 2006) | Nolle prosequi |
| Sweeney Rabbitte Oil | Dáta éisteachta i mí Márta 2007 i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe | Ag feitheamh lena thriail |
| Pat Hegarty | Dáta éisteachta i mí Márta 2007 i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe | Ag feitheamh lena thriail |
| Cloonan Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (25 Aibreán 2006) | Fíneáil 12,500<br>Gearradh pianbhreith 18 Bealtaine 2006 |
| Ruby Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (25 Aibreán 2006) | Fíneáil 10,000<br>Gearradh pianbhreith an 18 Bealtaine 2006 |
| Matt Geraghty Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (9 Márta 2006) | Fíneáil 7,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Declan Geraghty | Níor ionchúisíodh (9 Márta 2006) | Nolle prosequi |
| Fenmac Oil & Transport | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (21 Márta 2006) | Fíneáil 7,500<br>Gearradh pianbhreith an 21 Márta 2006 |
| Michael McMahon | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (21 Márta 2006) | Fíneáil 1,500<br>Gearradh pianbhreith an 21 Márta 2006 |
| Tom Connolly | Tugadh le tuiscint go dtaifeadfar Nolle Prosequi in am trátha | Ag feitheamh le pianbhreith |
| Eugene Dalton Snr. | Phléadáil ciontach an 2 Deireadh Fómhair 2006 | Ag feitheamh le pianbhreith |
| JP Lambe | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda Bhaile Átha Cliath (27 Deireadh Fómhair 2005) | Sé mhí príosúnachta (fionraithe) agus fíneáil €15,000<br>Gearradh pianbhreith an 6 Márta 2006 |
| Seán Hester | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (9 Márta 2006) | Fíneáil €1,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Hi-Way Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (9 Márta 2006) | Fíneáil €7,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Kevin Cunniffe | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (9 Márta 2006) | Fíneáil €1,500<br>Gearradh pianbhreith an 10 Márta 2006 |
| Gort Oil | Phléadáil ciontach i gCúirt Choiriúil Chuarda na Gaillimhe (25 Aibreán 2006) | Fíneáil €7,500<br>Gearradh pianbhreith an 25 Aibreán 2006 |

### An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Denis Manning

Thionscain an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí imeachtaí in aghaidh Denis Manning sa Chúirt Dhúiche i gCorcaigh in Aibreán 2006. Toghaireadh Denis Manning os comhair na cúirte chun freagra a thabhairt mar gheall ar dhá chúis lenar líomhnaíodh gur chabhraigh agus gur chuidigh sé leis an Irish Ford Dealers Association agus baill an chumainn sin i gcur i bhfeidhm chomhaontuithe chun praghsanna díolta mhótarfheithiclí Ford taobh istigh den Stát a shocrú ó Bhealtaine 2001 go dtí Meitheamh 2003. Bhain an chéad cheann den dá chúis le cion arna líomhain faoi Acht na bliana 1991 arna leasú agus an dara ceann den dá chúis le cion arna líomhain faoi Acht na bliana 2002.

An 21 Meitheamh 2006, cuireadh an tUasal Manning chun a thrialach maidir leis an dá chúis ón gCúirt Dhúiche i gCorcaigh go dtí an Phríomh-Chúirt Choiriúil. Tháinig sé i láthair na Príomh-Chúirte Coiriúla i mBaile Átha Cliath den chéad uair os comhair an Bhreithimh Uasal Paul Carney an 26 Meitheamh. Cuireadh an cás ar athló go dtí an 24 Iúil 2006 nuair a chuir an Breitheamh Uasal Carney an cás in aghaidh an Uasail Manning síos chun a thrialach ar an 30 Eanáir 2007 sa Phríomh-Chúirt Choiriúil ag suí go speisialta i gCorcaigh. Leagadh an cás ar an mbreitheamh iomaíochta, an Breitheamh Uasal Liam McKechnie, lena thriail.

Faoi Alt 7 den Acht um Cheartas Coiriúil 1997, tá daoine aonair a fhaightear ciontach i gcabhrú agus neartú le cion a dhéanamh a thoirmisctear faoi Alt 4 den Acht Iomaíochta ciontach sa tslí chéanna agus dá mbeadh an cion iomaíochta féin déanta acu.

### An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí v Pat Morgan

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis Iomaíochta don bhliain 2005, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta toghairm fhinné leis an Uasal Pat Morgan, Bainisteoir Stiúrtha Tru Gas Limited, sa bhliain 2004 faoi Alt 31 den Acht Iomaíochta. Dhiúltaigh an tUasal Morgan fónamh d'fhonn a cheistiú faoi mhionn de bhun na toghairme finné sin. Rinne an tÚdarás Iomaíochta gearán leis an nGarda Síochána ag Stáisiún na nGardaí ar Shráid Mhic Giobúin. Tar éis a n-imscrúdú faoi ghearán an Údaráis a thabhairt chun críche, chuir na Gardaí comhad an imscrúdaithe ar aghaidh chuig an SIP a chinn ina dhiaidh sin Pat Morgan a ionchúiseamh i gcion faoi Alt 31 (4)(a) den Acht Iomaíochta 2002 (loic teacht i láthair os comhair an Údaráis Iomaíochta de bhun gairme finné). Éisteadh an cás i gCúirt Dhúiche Chathrach Bhaile Átha Cliath an 22 Nollaig 2005 agus ba í breith an Bhreithimh nuair a bhí deireadh leis an gcás gur cruthaíodh fíorais an cháis.

Ina ainneoin sin, d'aontaigh an Breitheamh, ar a iarraidh ag an Údarás Iomaíochta, gearradh pianbhreithe ar an Uasal Morgan a chur ar athló go dtí an 6 Feabhra d'fhonn am a thabhairt don Uasal Morgan déanamh de réir na toghairme finné faoi Alt 31 agus an t-eolas a bhí á iarraidh ag an Údarás Iomaíochta air ar dtús a chur ar fáil. De bhun ordú seo na cúirte, rinne an tUasal Morgan de réir na toghairme finné a sheirbheáil an tÚdarás Iomaíochta air agus chuir sé an t-eolas a bhíothas ag iarraidh a fháil uaidh ar fáil don Údarás Iomaíochta. Lig Breitheamh na Cúirte Dúiche sochar faoi Alt 1(1) den Acht Promhaidh leis an Uasal Morgan an 6 Feabhra 2006.

## 1.3 Cúiseanna sibhialta a thug an tÚdarás Iomaíochta

### An tÚdarás Iomaíochta v Beef Industry Development Society

I mí Iúil 2006, tugadh breith san Ard-Chúirt in aghaidh an Údaráis Iomaíochta maidir le himeachtaí in aghaidh an Beef Industry Development Society (BIDS). B'agóid na himeachtaí dlí sin in aghaidh chomhaontaithe chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an tionscal próiseála mairteola arbh é tuairim an Údaráis Iomaíochta go bhféadfadh sárú ar Alt 4 den Acht Iomaíochta agus ar Airteagal 81 den Chonradh lenar bunaíodh an tAontas Eorpach a bheith ag baint leis.

iomaíocht

tiomáineann iomaíocht bhríomhar táirgiúlacht fás, nuálachas

do gach tomhaltóir sa gheilleagar

Ba é breith an Bhreithimh Uasail McKechnie nár chuir an tÚdarás Iomaíochta fianaise inchreidte i láthair a léireodh go mbeadh an comhaontú, dá gcuirfí i bhfeidhm é, ina shárú ar Airteagal 81 (1) den Chonradh tríd an iomaíocht sna margaí a bhaineann le hábhar a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh. Ba é breith bhreitheamh na hArd-Chúirte chomh maith nach raibh ceann de choinníollacha Airteagail 81 (3) á chomhlíonadh. Chuir sé in iúl, go háirithe, tuairim nach raibh oiread fianaise tugtha ar aird ag BIDS agus a chruthódh go mbeadh sciar cóir den chostas a shábhálfaí leis an gcuíchóiriú á fháil ag na tomhaltóirí. Tá achomharc á dhéanamh ag an Údarás Iomaíochta leis an gCúirt Uachtarach maidir le breith na hArd-Chúirte.

**An tÚdarás Iomaíochta v Ceardchumann Dochtúirí na hÉireann**

Thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí san Ard-Chúirt in aghaidh Cheardchumann Dochtúirí na hÉireann (IMO) an 3 Iúil 2006. Is é an IMO an eagraíocht náisiúnta ionadaíochta thar ceann gnáthdhochtúirí teaghlaigh agus dochtúirí nach dochtúirí comhairleacha iad in ospidéil.

Tar éis gearáin i mí Feabhra 2005, chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le himscrúdú chun féachaint an raibh socrú praghsanna ar siúl lena sárófaí Alt 4 (1) den Acht Iomaíochta 2002. Bhain sin le seirbhísí áirithe a chuireann dochtúirí teaghlaigh ar fáil do chomhlachtaí árachais saoil, eadhon Tuairisc ó Dhochtúir Príobháideach (TDP) agus scrúduithe míochaine.

Ba é cinneadh an Údaráis Iomaíochta tar éis an imscrúdaithe go raibh d'aidhm nó de thionchar ag an IMO le comhordú a dhéanamh ar bheartaíocht na mball trí threoir nó moladh a thabhairt faoi na táillí ba cheart do dhochtúirí teaghlaigh a ghearradh ar TDP agus ar thuairiscí ar scrúduithe míochaine, go ndéanfaí an iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh le sárú ar Alt 4(1) den Acht Iomaíochta 2002.

Tá an tÚdarás Iomaíochta ag éileamh na nithe seo a leanas ar an Ard-Chúirt;

- Dearbhú go mba sárú ar an Acht Iomaíochta, 2002 iompar an IMO;
- Urghaire bhuan in aghaidh iompar dá shórt arís ag an IMO; agus,
- Costais na n-imeachtaí.

**An tÚdarás Iomaíochta v Superquinn**

Lean na himeachtaí in aghaidh Superquinn san Ard-Chúirt faoi líomhaintí go raibh praghas miondíolacháin an bhainne á shocrú. Thángthas ar réiteach in imeachtaí dá sórt le Tesco i mí na Nollag 2002, le Glanbia agus Sligo Dairies i mí Iúil 2003 agus le Dairygold i mí an Mhárta 2004. (Taifead Uimh. 6916P de chuid na hArd-Chúirte)

**An tÚdarás Iomaíochta v Soft Drinks Beer Bottlers Association**

Thionscain an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí dlí sa bhliain 1999 in aghaidh sé cinn de chuideachtaí maidir le líomhaintí go rabhthas ag socrú praghsanna agus beoir phacáistithe agus deochanna boga á ndíol. Tá na himeachtaí dlí ar siúl san Ard-Chúirt i gcónaí in aghaidh an chosantóra amháin atá fágtha sa chás, Nash Beverages Limited. (Taifead Uimh. 12162P 1998 de chuid na hArd-Chúirte)

**1.4 Cásanna a tugadh in aghaidh an Údaráis Iomaíochta**

**Comharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn V An tÚdarás Iomaíochta**

Tharla éisteacht an achomhairc in aghaidh bhreith na hArd-Chúirte i mí Dheireadh Fómhair 2004 i gcás Chomharchumann na gComhar Creidmheasa in Éirinn (CCCÉ) i mí na Samhna 2006. Lean an éisteacht dhá lá go leith agus níor thug breithiúna na Cúirte Uachtaraí treoir ar bith maidir leis an uair a thabharfaí an bhreith.

Téann cinneadh an Údaráis Iomaíochta imeachtaí a thionscain sa chás seo siar chomh fada leis an mbliain 2003 agus bhí sin bunaithe ar shárú ar Alt 5 den Acht Iomaíochta agus/nó ar Airteagal 82 den Chonradh lenar bunaíodh an tAontas Eorpach. Mheas an tÚdarás Iomaíochta, go háirithe, go raibh CCCÉ ag baint mí-úsáide as an gceannasacht trí dheis ar an Scéim Cosanta Coigiltis sin aige a shéanadh ar chomhair creidmheasa nach raibh ina mbaill de.

**1.5 Imscrúduithe suntasacha a dtángthas ar réiteach orthu gan gá le himeachtaí cúirte**

**TicketMaster Ireland**

I mí Márta 2006, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta sonraí faoi imscrúdú dá chuid ar mhí-úsáid cheannasachta arna líomhain ar TicketMaster Ireland.

Bhí imscrúdú an Údaráis Iomaíochta dírithe ar mhargadh na seirbhísí seachtracha ticéad maidir le himeachtaí a mbeadh tarraingt go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta orthu ar oileán na hÉireann. Tar éis an imscrúdaithe, a lean ar feadh dhá bhliain, chinn an tÚdarás Iomaíochta nárbh ionann iompar TicketMaster Ireland agus mí-úsáid as ceannasacht (ainneoin Alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002) agus nach raibh an iomaíocht á cosc, á srianadh ná á saobhadh (ainneoin Alt 4 den Acht Iomaíochta, 2002) ag na comhaontuithe idir TicketMaster Ireland agus an dá thionscnóir imeachtaí is mó sa tír.

Tharraing imscrúdú an Údaráis Iomaíochta aird ar cheist amháin a d'fhéadfadh a bheith ina chúis imní agus sin maidir le leibhéal na follasachta san eolas faoi phraghas ticéid. Ina ainneoin sin, ní sárú ar dhlí na hiomaíochta easpa follasachta san eolas faoi phraghsanna. Dá réir sin, tharraing an tÚdarás Iomaíochta aird Oifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóra agus na Gníomhaireachta Náisiúnta Tomhaltóirí ar an gceist sin.

Gearáin ó na mílte tomhaltóir (achainí gearáin arna shíniú ag líon is airde ná 8,000 duine ina measc) a spreag imscrúdú an Údaráis Iomaíochta. Seo a leanas ábhar na ngearán:

- Praghas nó aghaidhluach na dticéad a dhíolann TicketMaster Ireland;
- Leibhéal na dtáillí áirithinte ag TicketMaster Ireland. Bíonn na táillí sin le híoc ag an tomhaltóir deiridh nuair a cheannaítear ticéad. Braitheann an táille áirithinte ar an modh ceannacháin (i.e. an tIdirlíon/teileafón, oifig na dticéad ag ionad an imeachta nó gníomhaire miondíolacháin). Sa bhliain 2004, mar shampla, bhain réimse idir náid agus uastáille €5.95 an ticéad leis na táillí áirithinte ag TicketMaster; agus
- Na comhaontuithe, eisiach de réir líomhna, idir TicketMaster Ireland agus na tionscnóirí imeachtaí is mó atá ag obair ar oileán na hÉireann faoi láthair MCD Productions Limited agus Aiken Promotions.

Ba é cinneadh an Údaráis Iomaíochta gurbh é an tionscnóir, i gcomhar leis an ealaíontóir, a shocraíonn praghas nó aghaidhluach an ticéid a dhíolann TicketMaster Ireland.

Líon teoranta ceolchoirmeacha a sheinneann na healaíontóirí is mó clú acu ar fud an domhain gach bliain. Bíonn iomaíocht ghéar le déanamh ag tionscnóirí imeachtaí ar oileán na hÉireann le tionscnóirí i dtíortha eile chun a áitiú ar ealaíontóirí mórchlú, trí théarmaí sách mealltach a thairiscint dóibh, taibhléiriú a dhéanamh in Éirinn. Bíonn an-chumhacht mar sin ag na healaíontóirí mórchlú le linn na margála leis na tionscnóirí agus féadann siad táillí suntasacha a ghearradh ar a theacht i láthair, táillí a léirítear ina dhiaidh sin sa phraghas a bhíonn le híoc ag tomhaltóirí ar na ticéid.

Is faoi TicketMaster Ireland 100% den mhargadh seirbhísí seachtracha ticéad i gcás imeachtaí a mbeadh tarraingt go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta orthu faoi láthair. Ina ainneoin sin, tá srian ar

TicketMaster Ireland an róshaothrú a dhéanamh dá bharr sin mar:

- Tá cúis mhaith ag MCD Promotions agus Aiken Promotions an táille áirithinte a ghearrann TicketMaster Ireland ar an tomhaltóir deiridh a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Is mar a chéile seirbhísí seachtracha ticéad agus aon bheartaíocht eile a n-íocann na tionscnóirí air nó a ndéanann siad conradh mar gheall air maidir leis an gceolchoirm nó imeachtaí eile atá ar bun acu chun a dhíol leis an tomhaltóir; agus

- Tá cumhacht thréan frithchúitimh ag MCD Promotions agus Aiken Promotions maidir leis an soláthraí seirbhíse ticéad sin acu, TicketMaster Ireland. Mura n-aontaíonn TicketMaster Ireland leis na táillí áirithinte a éilíonn an dá thionscnóir mór sin, féadann siadsan bagairt le dealramh go n-athróidh siad go dtí soláthraí seirbhíse ticéad eile nó go gcuirfidh siad áis seirbhíse ticéad dá gcuid féin ar bun.

Bunaithe ar an imscrúdú, ba é cinneadh an Údaráis Iomaíochta go dtarlaíonn iomaíocht agus sin i gcás na gconarthaí a dhéanann MCD Promotions, Aiken Promotions agus dreamanna eile, seachas ar bhonn imeachta amháin sa turas.

Tá tuarascáil iomlán ar imscrúdú an Údaráis Iomaíochta ar TicketMaster Ireland ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.tca.ie.

### JC Bamford Excavators v Equipment Company of Ireland

Thug an tÚdarás Iomaíochta an t-imscrúdú ar an margadh maidir le táirgí talmhaíochta agus tionsclaíochta JC Bamford Excavators Limited (JCB) a sholáthar in Éirinn chun críche trí ghlacadh le téarmaí an tsocraithe a thairg Equipment Company of Ireland Limited (ag trádáil faoi ECI-JCB) agus Kellys of Borris Limited agus bhunaigh ECI JCB agus Kellys of Borris cuideachta comhfhiontair neamhspleách (ag trádáil faoi ECI-JCB Agri (Kilkenny)) maidir le miondíolachán táirgí JCB in oirdheisceart na hÉireann. Bhí sé ina chúis imní ag an Údarás Iomaíochta go bhféadfadh na socruithe lenar bhain ECI-JCB agus Kellys of Borris, maidir le hoibriú Ronason a bheith ag sárú Alt 4 (1) den Acht Iomaíochta 2002. Bhí an bhéim maidir le himscrúdú an Údaráis Iomaíochta ar an malartú ar eolas a bheadh íogair ó thaobh tráchtála de idir gnóthais neamhspleácha agus an srian ar Ronason trealamh a dhíol taobh amuigh den limistéar a bhí ceaptha dó fiú nuair a dhéanfadh an custaiméir cumarsáid go díreach leis an ngnóthas (díolachán éighníomhach mar a thugtar air).

Bhí an tÚdarás Iomaíochta sásta go mba freagra ar an gcúis imní na gealltanais a thug ECI JCB agus Kellys of Borris agus cinneadh dá bhrí sin an t-imscrúdú a thabhairt chun críche gan gá le himeachtaí cúirte.

### Great Gas Petroleum Ireland v Esso Ireland Limited

Fuair an tÚdarás Iomaíochta gearán ó Great Gas Petroleum Ireland ("Great Gas") maidir le Esso Ireland Limited ("Esso"). Scríobh aturnaetha Esso chuig Great Gas i mí an Mheithimh 2006 ag líomhain go raibh Great Gas ag iarraidh a ndéileálaithe a aslach, ar déileálaithe iad a bhfuil comhaontuithe eisiacha acu breosla mótair a sholáthar, le go sáróidís a gconradh le Esso. Shonraigh Esso ina litir an choinníoll seo a leanas: mura bhfaigheadh sé gealltanas ó Great Gas laistigh de sheacht lá scor den chleachtas a bheith ag cur a phraghsanna in iúl do dhéileálaithe Esso, go bhforchoimeádfadh Esso an ceart imeachtaí a thionscnamh in aghaidh Great Gas.

Thug Great Gas freagra ar Esso i leitir dar dáta 19 Meitheamh 2006 ag sonrú go gcuireann Great Gas comhairle i gcónaí ar bhaill ionchasacha go gcaithfidh siad déileáil lena n-oibleagáidí faoina gcomhaontuithe soláthair reatha. De bhreis air sin, shonraigh Great Gas nach ndearna sé iarracht déileálaithe Esso a aslach le go sáróidís a gconarthaí reatha.

Scríobh an tÚdarás Iomaíochta chuig Esso i mí Iúil 2006 ag iarraidh air a mhíniú cén fáth a raibh sé den tuairim go raibh Great Gas ag iarraidh déileálaithe Esso a aslach le go sáróidís a gcomhaontú le Esso, trína phraghsanna breosla mótair a chur in iúl do na déileálaithe a bhfuil comhaontuithe acu le Esso. Chomh maith leis sin, d'fhiafraigh sé cibé acu an bhfuil sé beartaithe ag Esso imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Great Gas nó nach bhfuil.

Thug aturnae Esso freagra ar an Údarás ag sonrú go raibh Great Gas ag seoladh teachtaireachtaí téacs go dtí déileálaithe Esso ag leagan amach na bpraghsanna ag a bhféadfadh Great Gas breosla a sholáthar do na déileálaithe sin. Dar le haturnae Esso chuir sé comhairle ar Esso go raibh an chuma ar an scéal go rabhthas ag iarraidh iallach a chur ar na déileálaithe a gconradh le Esso a shárú, toisc go raibh na teachtaireachtaí téacs sin á seoladh go minic. Chomh maith leis sin, shonraigh Esso nach dócha gur thug na teachtaireachtaí téacs a sheol Great Gas le fios do na déileálaithe gur chóir dóibh a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi na comhaontuithe soláthair reatha le Esso. De bhreis air sin, sonraíonn Esso nach bhfuil sé ag iarraidh imeachtaí dlíthiúila a thionscnamh i gcoinne Great Gas ach go bhfuil sé ag meas na fianaise agus go ndéanfaidh sé cinneadh bunaithe ar chomhairle dhlíthiúil cibé acu an bhfuil gá imeachtaí a thionscnamh toisc go ndearnadh iarracht conradh a shárú, nó nach cóir.

Thug an tÚdarás Iomaíochta an cás gearáin seo chun críche ar an mbonn nach bhfuil Esso tar éis imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Great Gas go fóill toisc go ndearna sé iarracht déileálaithe Esso a aslach le go sáródh siad a gconarthaí reatha. Bheadh imní ar an Údarás Iomaíochta dá ndéanfadh Esso iarracht imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Great Gas toisc Great Gas a bheith ag cur eolais faoi phraghsanna ar fáil maidir lena tháirge. Níl sé le tuiscint go raibh Great Gas ag iarraidh déileálaithe Esso a aslach le go sáróidís a gcomhaontuithe soláthair reatha. D'urramódh an tÚdarás Iomaíochta an teidlíocht dhlíthiúil atá ag Esso go ndéanfaí maith de chomhaontuithe breosla mótair Esso, ach go gcaithfeadh Esso a bheith cúramach gan dul thairis sin, mar shampla imeachtaí a thionscnamh i gcoinne Great Gas toisc é a bheith ag iarraidh daoine a aslach lena gconradh a shárú, nuair nach bhfuil an chuma ar an scéal ach go bhfuil Great Gas ag iarraidh eolas faoina phraghsanna a chur ar fáil do dhéileálaithe Esso.

## Imscrúdú a rinne an tÚdarás Iomaíochta ar an líomhain go ndearna TEAMS baghcat

Fuair an tÚdarás Iomaíochta gealltanas ó Travelsavers Educational and Marketing Services Limited ("TEAMS") go gcomhlíonfadh an chuideachta agus a cuid fostaithe forálacha an Achta Iomaíochta 2002. Fuair an tÚdarás Iomaíochta na gealltanais seo ar scór imscrúdaithe, a tosaíodh i mí Eanáir 2005, ar imscrúdú é ar an líomhain go ndearna gníomhaire taistil baghcat ar tháirgí de chuid Budget Travel mar fhreagra ar chinneadh Budget Travel an méid coimisiúin a íoctar le gníomhairí taistil a laghdú. Bhí na gníomhairí taistil go léir seo a bhí ina bpáirtithe sa bhaghcat ina mbaill de TEAMS.

Chun gníomhú ina aghaidh na n-éifeachtaí neamhfhabhracha a eascródh as an gcoimisiún a laghdú, thug Budget Travel faoi dhianfheachtas fógraíochta i mí Eanáir 2005. Mar thoradh air sin, ní raibh ach tionchar neodrach, ar a mhéid, ag moladh TEAMS ar ghnó Budget Travel. (Stad Budget Travel ag díol a tháirgí trí ghníomhairí taistil neamhspleácha ó shin.)

Ón bhfianaise atá bailithe ag an Údarás Iomaíochta san imscrúdú taispeánadh go ndearna stiúrthóir cuideachta comhordú ar na gníomhartha a luadh i leith TEAMS, agus go ndearna sé é seo as a stuaim féin gan an mháthairchuideachta a bheith ar an eolas faoi. (Rinneadh fianaise leis an bhfíric seo le linn imeachtaí san Ard-Chúirt nár bhain le himscrúdú an Údaráis Iomaíochta.)

Ar an mbonn go bhfuil bearta curtha i bhfeidhm ag TEAMS chun dul i ngleic leis an iompar a nochtadh a bhuíochas le himscrúdú an Údaráis Iomaíochta

1. Is é TEAMS an chuideachta chleamhnaithe in Éirinn ag cuideachta atá lonnaithe i SAM, Travelsavers International, Inc.

d'aontaigh an tÚdarás Iomaíochta go nglacfadh sé le gealltanas ón gcuideachta go rachadh sí i mbun réiteach a fháil ar chúrsaí. Forálann an gealltanas a thug TEAMS don Údarás Iomaíochta nach ngabhálfeadh TEAMS dá leithéid sin iompair arís agus scríobh TEAMS chuig a bhaill ag cur oibleagáidí gach baill faoin Acht in iúl dóibh.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféadfaí TEAMS a bheith faoi dhliteanas i leith ghníomhartha a stiúrthóra faoi Alt 6(6) d'Acht 2002 Act cé nach raibh TEAMS in iúl ar a ghníomhartha, ar an mbonn go raibh sé ag feidhmiú faoi raon a chuid fostaíochta le TEAMS.

### 1.6 Treoir maidir le cur i bhfeidhm Dhlí na hIomaíochta

#### Treoir maidir le Comhchaibidlíocht a bhaineann le Táillí Leighis a Shocrú

Chuir an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú i gcrích, i mí Mheán Fómhair 2005, maidir leis an gcaoi a ndéantar táillí do sheirbhísí lianna comhairleacha a chaibidliú idir lianna comhairleacha agus árachóirí sláinte príobháideacha. Tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim ón imscrúdú gurb ionann gníomhartha fhoras ionadaíoch na lianna comhairleacha, eadhon Irish Hospital Consultants Association ("an IHCA"), i gcomhthéacs na caibidlíochta seo, agus praghas-socrú, rud atá ag sárú Alt 4(1)(a) den Acht Iomaíochta, 2002 ("An tAcht Iomaíochta").

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta doiciméad comhairliúcháin i mí Eanáir 2006 chun raon na treorach a chinneadh a bhféadfaí a sholáthar maidir le comhchaibidlíocht i ndáil le táillí leighis a shocrú. D'eascair an comhairliúchán as Comhaontú agus Gealltanas a chuir an Irish Hospital Consultants Association ar fáil don Údarás Iomaíochta in 2005 mar gur iarr an IHCA treoir bhreise maidir le comhlíonadh a chuid den tsocraíocht. An aidhm a bhí leis an Doiciméad Comhairliúcháin ná tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a ndéantar táillí do lianna comhairleacha a chaibidliú idir lianna comhairleacha agus árachóirí sláinte príobháideacha.

Tá imní ar an Údarás Iomaíochta go bhfuil iompar i measc lianna comhairleacha, sa phlé atá ann idir lianna comhairleacha ospidéil (agus a gcomhlachtaí ionadaíocha amhail an IHCA agus an IMO) agus árachóirí sláinte príobháideacha, atá ag sárú an Achta Iomaíochta.

An aidhm atá ag an Údarás Iomaíochta ná treoir a eisiúint a chinnteoidh go bhfuil lianna comhairleacha ar an eolas maidir leis na toirmisc a sonraítear san Acht Iomaíochta, 2002, mar a mbaineann siad leo siúd agus cuidiú leo an Acht Iomaíochta, 2002, a chomhlíonadh.

**Tábla 1.3 Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe an Údaráis Iomaíochta**

| Cumhachtaí Imscrúdaithe & Forfheidhmithe | Cur Síos |
|---|---|
| Cineálacha Imscrúduithe a rinneadh | • Imscrúduithe coiriúla<br>• Imscrúdaithe sibhialta<br>• Measúnacht ar Chumaisc<br>• Staidéir Fhoirmiúla |
| Dul Isteach & Áitreabh a Chuardach | Féadfaidh oifigigh údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta dul isteach in áitreabh nó in áit chónaithe agus cuardach a dhéanamh ar an áit sin le barántas eisithe ag an gCúirt Dúiche |
| An Chumhacht chun Doiciméid agus Taifid a Urghabháil | Féadfaidh oifigigh údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta doiciméid/taifid a urghabháil de bhun barántas eisithe ag an gCúirt Dúiche |
| An Chumhacht Finnéithe a Ghairm | Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta finné a ghairm le go mbeadh sé/sí i láthair os a chomhair agus go ndéanfaí imscrúdú ar an duine sin faoi mhionn.<br><br>Tá na díolúintí agus na pribhléidí céanna ag an bhfinné is a bheadh aige/aici os comhair na hArd-Chúirte. |
| An Chumhacht Soláthar Taifead agus Eolais a éileamh | Tá an chumhacht ag an Údarás Iomaíochta a éileamh go soláthrófaí taifid agus eolas.<br><br>Is cion coiriúil é gan an t-éileamh seo a chomhlíonadh. |
| An chumhacht eolas a éileamh ar thríú páirtithe | Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta eolas a fháil ó thríú páirtithe, lena n-áirítear comhairleoirí gairmiúla agus institiúidí airgeadais |
| Bealaí ina bhféadfaí teacht ar Shocraíocht | • **Ionchúiseamh coiriúil (ar díotáil)** - Arna thionscnamh ag an SIP sa Phríomh-Chúirt Choiriúil (nó an Chúirt Chuarda Choiriúil faoi Acht 1991) tar éis don Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh<br>• **Ionchúiseamh coiriúil (achomair)** – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta sa Chúirt Dúiche<br>• **Caingean Sibhialta** – Arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta san Ard-Chúirt d'fhonn stad a chur le hiompar a cheaptar é a bheith frithiomaíoch<br>• Socraíocht gan caingean cúirte – Áit a ndéanann na páirtithe i gceist na sáruithe a d'fhéadfaí a bheith ann ar dhlí na hiomaíochta a aithint agus a leigheas |
| An tUasleibhéal Fíneálacha & Pionóis | • **Coiriúil (ar díotáil sa Phríomh-Chúirt Choiriúil)** - €4 mhilliún nó 10% den láimhdeachas, cibé acu is mó, agus/nó cúig bliana sa phríosún<br>• **Coiriúil (achomair sa Chúirt Dúiche)** -€3,000 agus/nó sé mhí sa phríosún<br>• **Caingean Sibhialta (arna thionscnamh ag an Údarás Iomaíochta)** – níl ann dó<br>• **Caingean Sibhialta (arna thionscnamh ag na páirtithe díobhálaithe)** – Damáistí de rogha na Cúirte |
| Achomharc maidir le húsáid Cumhachtaí | |

## Na Rannóga Forfheidhmithe san Údarás Iomaíochta

Is ar Rannóga na gCairtéal agus na Monaplachtaí san Údarás Iomaíochta atá an phríomhfhreagracht dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú, go háirithe an tAcht Iomaíochta, 2002. De bhreis air sin, tá ról forfheidhmithe ag Rannóg na gCumasc, de réir mar atá sonraithe sa chéad chaibidil eile.

**Ról Rannóg na gCairtéal**
Díríonn Rannóg na gCairtéal ar imscrúdú a dhéanamh ar ghrúpaí cairtéal coiriúla a bhíonn ag gabháil do thrombheartaíocht agus ionchúiseamh a dhéanamh orthu, amhail na grúpaí sin a bhíonn ag gabháil do phraghas-socrú, do thairiscint-socrú agus do leithdháileadh margaidh i measc a n-iomaitheoirí. Go minic is coireanna casta iad seo agus bíonn gá le scileanna speisialta chun imscrúdú a dhéanamh orthu. Fostaíonn Rannóg na gCairtéal iarbhaill den Gharda Síochána, baill ón mBiúró um Shócmhainní Coiriúla agus ó ghníomhaireachtaí um fheidhmiú an dlí a bhfuil taithí acu ar imscrúduithe bóna báin. Chomh maith leis sin, bíonn beirt Bhleachtaire-Sháirsintí ann ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise Garda (GBFI) ar iasacht leis an Údarás Iomaíochta le go n-oibreoidís go lánaimseartha sa réimse seo agus tá siad ina nOifigigh Údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta.

Nuair a fhaigheann an tÚdarás Iomaíochta fianaise go bhfuil cairtéal ag feidhmiú, cuireann sé comhad faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí le moladh go ndéanfaí ionchúiseamh ar na páirtithe i gceist. I gcásanna eile féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta ionchúiseamh achomair a thionscnamh sa Chúirt Dúiche. Ó am go chéile féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta cásanna a shocrú gan leas a bhaint as imeachtaí Cúirte nuair a aithníonn na páirtithe ciontacha a n-iompar frithiomaíoch agus nuair a leigheasann siad é.

Ról Rannóg na Monaplachtaí
Déanann Rannóg na Monaplachtaí imscrúdú, go príomha, ar líomhaintí, go raibh daoine aonair nó cuideachtaí ag gabháil do mhí-úsáid cheannasachta in earnálacha éagsúla. Tá mí-úsáid cheannasachta i gcoinne an dlí de réir Alt 5 den Acht Iomaíochta, 2002. Ní sárú é ar an dlí má tá ceannasacht agat. Chun gur coir a bheadh i gceist bheadh ar an duine aonair nó ar an gcuideachta mí-úsáid a bhaint as an gceannasacht sin. Chomh maith leis sin, tá Rannóg na Monaplachtaí freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar chomhaontuithe neamhchairtéil a d'fhéadfadh a bheith frithiomaíoch. D'fhéadfadh gur idir dhíoltóirí sa mhargadh céanna na comhaontuithe seo (comhaontuithe cothrománacha) nó idir ghnóthais ag staideanna éagsúla den phróiseas táirgeachta, dáilte nó den slabhra miondíolacháin (comhaontuithe ingearacha).

Nuair atá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim gur sáraíodh an tAcht Iomaíochta, is féidir leis imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh d'fhonn iallach a chur ar pháirtithe deireadh a chur leis an ngníomhaíocht a mbreathnaítear uirthi a bheith ina gníomhaíocht neamhdhleathach. Imeachtaí sibhialta a bhíonn sna himeachtaí seo de ghnáth (trí mheán na hArd-Chúirte) cé go bhféadfadh imeachtaí coiriúla a bheith ann ag brath ar choinníollacha gach cáis ar leith. Chun a ról imscrúdaithe a chomhlíonadh, tá ceathrar eacnamaithe agus triúr aturnaetha ar an bhfoireann ildisciplíneach i Rannóg na Monaplachtaí.

Go minic tagtar ar réiteach ar féidir leis an Údarás Iomaíochta glacadh leis tar éis caibidlíocht fhairsing a bheith ann leis na páirtithe. Chomh maith leis sin, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta cásanna a shocrú gan leas a bhaint as na cúirteanna sa chás go n-aithníonn na páirtithe ciontacha a n-iompar frithiomaíoch agus go leigheasann siad é.

## Obair le gníomhaireachtaí Stáit eile

Le linn 2006, d'oibrigh an tÚdarás Iomaíochta go dlúth le roinnt gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile sa Stát chun comhlíonadh dhlí na hiomaíochta a chothú.

### An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí

Nuair a chuireann an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú coiriúil i gcrích féadfaidh sé comhad a chur faoi bhráid an Stiúrthóra Ionchúisimh Phoiblí le moladh go mbeadh triail ar díotáil ann.

Nuair a cheapann an SIP go bhfuil cás inchosanta ann, glacann a oifig an fhreagracht iomlán uirthi féin maidir le haon chaingean forfheidhmithe ina dhiaidh sin. Sna cásanna sin tógann Oifig an Phríomh-Aturnae Ionchúisimh i gcúram na himeachtaí thar ceann an SIP agus ullmhaíonn an Oifig sin an Leabhar Fianaise a sheirbheálfar ar an gcúisí.

### An Garda Síochána

Bhí beirt Bhleachtaire-Sháirsintí ó Bhiúró an Gharda Síochána um Imscrúdú Calaoise (GBFI) ar iasacht le Rannóg na gCairtéal mar Oifigigh Údaraithe de chuid an Údaráis Iomaíochta ó mhí an Mhárta 2002 i leith. Cuireann An Garda Síochána cúnamh suntasach ar fáil i gcónaí don Údarás Iomaíochta ag amanna ríthábhachtacha, mar shampla, nuair atá barántais cuardaigh á bhforghníomhú.

### Gníomhaireachtaí Forfheidhmithe Dlí eile

D'fhonn a fheidhmeanna imscrúdaithe a chur i gcrích, oibríonn an tÚdarás Iomaíochta i gcomhar le gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí eile, mar shampla Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Biúró um Shócmhainní Coiriúla agus na Coimisinéirí Ioncaim.

### Rialtóirí

Go minic iarrtar ar an Údarás Iomaíochta scrúdú a dhéanamh ar chásanna in earnálacha ina bhfuil rialtóir ceaptha ag an Rialtas cheana féin, e.g., cumarsáid, fuinneamh agus eitlíocht. Cé gur ar an Údarás Iomaíochta atá an fhreagracht i gcónaí an tAcht Iomaíochta a fhorfheidhmiú, i gcásanna áirithe oireann sé go mbeadh idirchaidreamh ann idir an tÚdarás Iomaíochta agus an ghníomhaireacht rialaitheach chuí chun réiteach a fháil ar chúrsaí.

Féadfaidh rialtóir toradh sásúil a bhaint amach níos gasta ná mar a d'fhéadfadh an tÚdarás Iomaíochta trí mheán imeachtaí dlíthiúla, ach a chumhachtaí rialaitheacha a fheidhmiú. Ar an gcaoi seo, is féidir leis an Údarás Iomaíochta a chinntiú go bhfaigheann tomhaltóirí an toradh ar bhonn tráthúil éifeachtach. Tá an tÚdarás Iomaíochta tar éis dul i gcomhaontuithe comhair leis an gCoimisiún Craolacháin in Éirinn, leis an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh, leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta, agus le hOifig an Stiúrthóra Gnóthaí Tomhaltóirí.

## Gearán a dhéanamh leis an Údarás Iomaíochta

**Gearáin maidir le hiompar frithiomaíoch**

Tagann na gearáin a cuirtear i bhfios don Údarás Iomaíochta ón iliomad foinsí – i measc na bhfoinsí sin tá baill den phobal, gnóthais indibhidiúla, eagraíochtaí trádála, ionadaithe poiblí, agus Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais.

Más leor an t-eolas a chuirtear ar fáil trí mheán an ghearáin chun go mbeadh an tÚdarás Iomaíochta den tuairim gur cion atá i gceist faoin Acht Iomaíochta, 2002, féadfaidh sé imscrúdú foirmiúil a chur sa tsiúl. Nuair a chuireann sonraí an ghearáin in iúl go bhfuil dlíthe nó rialacháin ann, nó go bhfuil riaradh á dhéanamh ag Roinn nó ag gníomhaireacht Rialtais, a chuireann srian nach gá le hiomaíocht, cuirtear an cheist faoi bhráid na Rannóige Aighneachta.

Ar an gcéad dul síos deimhneoidh an tÚdarás Iomaíochta gur féidir déileáil leis an ngearán faoi dhlí na hiomaíochta. Tá Córas Scagthástála Gearáin ag an Údarás Iomaíochta le foireann a thagann le chéile gach seachtain chun gach iarratas ar eolas agus gach gearán a mheas. Díríonn Córas Scagthástála an Údaráis Iomaíochta ar na cásanna is ábhartha a roghnú, ach cinntítear go ndéileáiltear le gach gearán, idir ghearáin nach bhfuil aon fhianaise ag tacú leo is ghearáin atá ar bheagán fianaise, go gasta ach go cóir.

Tá trí chéim ag baint le Córas Scagthástála Gearáin an Údaráis:

- Réamh-Scagthástáil;
- Measúnú sonrach; agus,
- Imscrúdú.

Sna cásanna is tromchúisí féadfaidh imscrúdú iomlán eascairt as gearán agus féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta cúpla gníomh a chur sa tsiúl, ina measc -

- Comhad a sheoladh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí (SIP) le moladh go mbeadh cúiseamh coiriúil ann;
- Imeachtaí cúirte a thionscnamh san Ard-Chúirt d'fhonn deireadh a chur le hiompar frithiomaíoch;
- Socraíochtaí lasmuigh den chúirt a aontú le cuideachtaí agus le heagraíochtaí a aontaíonn gan tabhairt faoi iompar frithiomaíoch agus, i gcásanna áirithe, a n-iompar a athrú ionas go ndéanfaí aon díobháil iomaíoch a leigheas; agus,
- Moltaí a chur faoi bhráid an Rialtais maidir le rialacháin fhrithiomaíocha a athrú.

Gearáin a réiteach gan caingean dlí

I gcás fhormhór na ngearán a cuirtear faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta léirítear nach raibh sárú ar dhlí na hiomaíochta i gceist nó gur féidir iad a réiteach go luath gan aon ghá le caingean dlí.

Tar éis réamh-scagthástáil a dhéanamh ar ghearáin is féidir cúrsaí a réiteach i roinnt mhaith cásanna ar na cúiseanna seo a leanas:

- Ní gearán atá ann i ndáiríre ach iarratas ar eolas;
- Níl dlí na hiomaíochta i gceist leis na ngearán;
- Eascraíonn an gearán as gnóthas a bheith in iomaíocht, ar iomaíocht dhlisteanach í, i margadh áitiúil an ghnóthais sin; agus
- Baineann an gearán le praghsanna atá cosúil lena chéile, ach níl aon fhianaise ann go raibh comhaontú ann idir chuideachtaí.

Uaireanta bíonn gá gearáin áirithe a mheas ar bhonn níos sonraí ná gearáin eile chun a dtábhacht a mheas agus chun a bheartú an bhfuil gá tús a chur le himscrúdú iomlán. Féadfaidh gá a bheith le taighde cúlra nuair atá an measúnú sonrach seo ar siúl - ráitis fhoirmiúla a fháil ó ghearánaithe agus ó thríú páirtithe agus scrúdú a dhéanamh ar pharaiméadair dhlíthiúla an cháis. I measc na bpríomhchúiseanna a réitítear gearáin tar éis measúnú dá leithéid a dhéanamh tá siad seo a leanas:


- Ní féidir bunús a thabhairt leis an gcás;
- Baineann an gearán le díospóid phríobháideach nó le díospóid chonartha, agus níl aon tábhacht iomaíochta ag baint leis;
- Tá údarás ag gníomhaireacht rialaitheach eile sa chás agus is féidir leo leigheas a fháil ar an scéal níos gasta trí mheán a feidhmeanna; agus,
- Baineann saincheisteanna agus fíricí leis an ngearán atá cosúil leo sin a ndearnadh scrúdú orthu roimhe seo agus a bhfuair an tÚdarás Iomaíochta réiteach orthu.

**An Próiseas Scagthástála Gearáin**

| | 2006 | 2005 | 2004 | 2003 |
|---|---|---|---|---|
| Líon Iomlán Faighte | 419 | 413 | 293 | 200 |
| Réitithe le linn na Réamh-Scagthástála | 247 | 328 | 212 | 169 |
| Measúnú Sonrach | 72 | 61 | 25 | 26 |
| Leanúnach | 31 | 27 | - | - |
| Réitithe | 41 | 34 | 25 | - |
| Curtha leis na himscrúduithe reatha/leis an obair reatha | | 23 | 19 42 | - |
| Imscrúduithe Iomlána | 5 | 6 | 14 | 5 |

**Sonraí Teagmhála an Údaráis Iomaíochta**

| | |
|---|---|
| Foirm le Gearáin a dhéanamh ar líne: | www.tca.ie/complaints.html |
| R-phost: | complaints@tca.ie |
| Fón: | Lóghlao: 1890 220 224 (idirnáis.:+353-1-8045400) |
| Facs: | +353-1-8045401 |
| Gearáin i scríbhinn: | An tÚdarás Iomaíochta, Teach Parnell, 14 Cearnóg Parnell, B.Á.C 1. |



# Roinn 1: Measúnú ar Chumaisc agus ar Éadálacha

# Measúnú ar Chumaisc agus ar Éadálacha

D'fhan an líon cumasc agus éadálacha ag leibhéal ard le linn 2006. Mar thoradh air sin, tá fás ag teacht ar an líon cumasc a cuirtear i bhfios don Údarás Iomaíochta. Fuarthas 98 fógra cumaisc[2] in 2006 i gcomparáid le 84 in 2005 agus 81 in 2004.

Is féidir le formhór na gcumasc a bheith tairbhiúil do thomhaltóirí, nuair a eascraíonn níos mó éifeachtachta astu, maille le laghdú ar chostais nach bhfuil gá leo. Cibé scéal é, is féidir le cumaisc eile iomaíocht a laghdú chun dochair do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh nós imeachta forfheidhmithe cumaisc ann atá éifeachtach agus tráthúil chun go bhféadfaí cumaisc a bheadh tairbhiúil a cheadú, fad is a chuirfeadh sé cosc le cinn a laghdaíonn iomaíocht go substainteach.

### 2.1 Fógraí Cumaisc le linn 2006

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta an fheidhm air féin measúnú a dhéanamh ar chumaisc agus ar éadálacha an 1 Eanáir 2003. Roimhe sin, bhí cumaisc mar fhreagracht ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, go príomha.

Ní gá ach do pháirtithe a bhfuil tairseacha áirithe i gceist lena ngnóthais, tairseacha atá sonraithe san Acht Iomaíochta, 2002, cumasc beartaithe a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta le go ndéanfaí measúnú orthu.[3] Níl aon tairseach i bhfeidhm maidir le hidirbhearta a mheastar a bheith ina gcumaisc sna meáin agus mar sin ní mór gach cumasc meáin a chur i bhfios don Údarás.

Léiríonn na cumaisc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta in 2006 na réimsí tábhachtacha de gheilleagar na hÉireann a mbaineann sé seo leo - na hearnálacha seo a leanas ina measc - miondíolachán, foirgníocht, teileachumarsáid, fuinneamh, seirbhísí airgeadais, na meáin agus TF. Is féidir tionchar neamhfhabhrach ar thomhaltóirí na hÉireann a bheith ag praghsanna arda, praghsanna a eascraíonn as easpa iomaíochta sna hearnálacha seo.

Féach Aguisín B le haghaidh liosta iomlán cumasc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta in 2006.

I measc na bpríomhnithe ar cuireadh béim orthu i measúnú an Údaráis Iomaíochta ar chumaisc agus éadálacha in 2006 bhí siad seo a leanas:

- Mhéadaigh an líon cumasc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta go 98[4] in 2006 i gcomparáid le 84 fógra in 2005 agus 81 fógra in 2004;
- Cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta 7 n-idirbheart a cuireadh i bhfios dó in 2005 – ar idirbhearta iad ar shín a spriocdháta go 2006;
- Rinneadh anailísiú ar gach idirbheart laistigh den tréimhse ama reachtúil ach amháin M/06/044 – Topaz/Statoil, agus pléitear iadsan i Roinn 2.3 thíos;
- Ceadaíodh 93 as an 96 cinneadh a rinne an tÚdarás Iomaíochta le linn an imscrúdaithe thosaigh (Céim 1);
- In 2006 thionscain an tÚdarás Iomaíochta 4 imscrúdú iomlána (imscrúduithe Céim 2), cuireadh stop le ceann amháin; cuireadh dhá cheann i gcrích; agus tugadh ceann amháin ar aghaidh chuig 2007;
- In 2006 níor cuireadh i gcrích aon idirbheart ag Céim 1 ar ghá bearta sonracha a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní a cuireadh in iúl le linn réamhimscrúdú an Údaráis Iomaíochta; agus,
- Bhí laghdú beag ar an ngníomhaíocht cumasc agus éadálacha meáin in Éirinn in 2006, mar ar cuireadh 22 cumasc meáin i bhfios don Údarás Iomaíochta i gcomparáid le 23 in 2006.

2. Tarraingíodh dhá cheann de na fógraí seo siar tar éis don Údarás Iomaíochta leagan leasaithe a fhoilsiú de "Notice in respect of certain terms used in Part 3 of the Competition Act, 2002" (N/02/003). San fhógra seo ba é ba chiall leis an léirléamh leasaithe "carries on business" ná – sa dá chás seo - nár shroich ar a laghad ceann amháin de na gnóthais an tairseach atá leagtha amach in Alt 18(1)(a)(ii) den Acht Iomaíochta, 2002.
3. I mí Iúil 2006, d'fhoilsigh Oifigeach Cáis ó Rannóg na gCumasc nóta cleachtais sa Law Society Gazette ag cur síos ar na cúinsí, atá sonraithe san Acht Iomaíochta 2002, inar ghá do chuideachtaí cumasc beartaithe a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta, ag cur síos go sonrach ar an hiarmhairtí a bheadh ann do thríú páirtithe a dteipfeadh orthu fógra a thabhairt. Nuair nach gcuirtear idirbheart i bhfios don Údarás Iomaíochta, agus nuair a chuireann tríú páirtithe é i bhfeidhm ina dhiaidh sin, tá an cumasc nó éadáil curtha ar neamhní. Baineann sé seo gach cinnteacht dhlíthiúil le haghaidh aon ghnímh a chuirtear i bhfeidhm i ndiaidh an chumaisc, lena n-áirítear aon chonarthaí ar imíodh fúthu nó aon phearsanra a ceaptar agus de bhreis air sin d'fhéadfaí pionóis choiriúla a ghearradh toisc gur teipeadh an fógra a thabhairt, chomh maith le héilimh faillí i gcoinne aturnae toisc gur theip ar an aturnae comhairle cheart a chur ar an gcuideachta. Sonraí breise le fáil in Rosemary O'Loughlin, "All Together Now", Law Society Gazette, Iúil 2006, lgh26-29.
4. Féach fonóta 2.

Ghlac an tÚdarás Iomaíochta an fhreagracht air féin in 2003 maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar chumaisc agus éadálacha in Éirinn, freagracht a bhí ar an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí sin. Le linn na tréimhse 2003 go dtí deireadh 2006:

- cuireadh 310 cumasc agus éadáil i bhfios don Údarás Iomaíochta (47 in 2003, 81 in 2004, 84 in 2005 agus 98 in 2006).
- rinne an tÚdarás Iomaíochta cinneadh maidir le 297 de na fógraí sin, tarraingíodh 4 cinn siar [5] agus bhí 9 gcinn fós á n-imscrúdú.


Léiríonn Fíor 2.1 thíos, na comparáidí míosúla idir na fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta don tréimhse 2004 go dtí 2006. Is i mí na Nollag agus i mí an Mheithimh 2005 a bhí an líon ba mhó fógraí a fuair an tÚdarás Iomaíochta. Fuair an tÚdarás 12 fógra i ngach ceann de na míonna seo in 2006.[6] Is é mí na Nollag fós an mhí is gnóthaí le meánlíon fógraí ag 11 le trí bliana anuas.

**2.2 Cumaisc a raibh gá Imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu (Céim 2)**

Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú iomlán a dhéanamh (Imscrúdú Céim 2) ar idirbheart más rud é nach raibh an tÚdarás in ann a bhaint mar thátal as réamhimscrúdú (Céim 1) nach ndéanfadh an t-idirbheart "iomaíocht a laghdú go substainteach". In 2006 chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le ceithre imscrúdú Céim 2 - agus tugadh ceann amháin díobh ar aghaidh go 2007;

- M/06/027 – ceadaíodh gan choinníoll, an 10 Lúnasa 2006, an éadáil a bhí beartaithe ag Tetra Laval Group chun roinnt de na gnóthaí ag Carlisle Process Systems a fháil.

- M/06/039 – an 25 Deireadh Fómhair 2006, toirmisceadh an éadáil a bhí beartaithe ag Kingspan Group plc (Kingpsan) chun Leanort Group (Xtratherm) a fháil.




| | Ean | Feabh | Már | Aib | Bealt | Meith | Iúil | Lún | MF | DF | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2004 | 6 | 5 | 7 | 8 | 8 | 4 | 5 | 6 | 8 | 4 | 8 | 12 |
| 2005 | 1 | 7 | 4 | 4 | 8 | 14 | 8 | 8 | 10 | 5 | 7 | 8 |
| 2006 | 5 | 4 | 10 | 5 | 4 | 12 | 9 | 11 | 8 | 7 | 11 | 12 |

5. Féach fonóta 2 mar a mhínítear cén fáth ar tarraingíodh siar an dá fhógra cumaisc in 2005.
6. Mar a míníodh thuas tarraingíodh siar dhá cheann de na 14 fógra a fuarthas i mí na Nollag - féach fonóta 2.

- M/06/057 – ceadaíodh gan choinníoll, an 10 Samhain 2006, an éadáil a bhí beartaithe ag Coillte Teoranta chun Weyerhaeuser Europe Limited a fháil.

- M/06/087 – d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta, an 21 Nollaig, go raibh sé beartaithe aige imscrúdú iomlán a dhéanamh maidir leis an éadáil a bhí beartaithe ag Applied Materials Inc. chun sócmhainní agus gnóthaí áirithe de chuid Brooks Automation a fháil. Rinneadh an t-imscrúdú seo le linn 2007.

### Éadáil Tetra Laval Group chun gnóthaí áirithe de chuid Carlisle Process Systems a fháil

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta an 10 Lúnasa go raibh sé tar éis faomhadh gan choinníoll a dhéanamh ar an éadáil a bhí beartaithe ag Tetra Laval Group chun gnóthaí áirithe de chuid Carlisle Process Systems a fháil. Cuireadh an éadáil bheartaithe seo i bhfios don Údarás Iomaíochta an 10 Bealtaine 2006. Ar an 9 Meitheamh 2006, d'fhógair na tÚdarás Iomaíochta go raibh sé tar éis cinneadh a dhéanamh imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh ar an éadáil bheartaithe. Thángthas ar an gcinneadh seo tar éis réamhimscrúdú (Céim 1) a dhéanamh, nuair nach raibh an tÚdarás Iomaíochta in ann a bheartú, gan tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh, cibé acu an laghdódh an t-idirbheart iomaíocht go substainteach nó nach laghdódh.

In imscrúdú an Údaráis Iomaíochta rinneadh scrúdú ar an tionchar ar iomaíocht a bheadh ag táirgeadh agus soláthar trealaimh le feidhm theoranta a úsáidtear i bpróiseáil táirgí cáise. Ainmníodh ceithre réimse ina mbeadh forluí táirge ann i ngníomhaíochtaí na ngnóthas: malartóirí teasa, dabhcha cáise, meaisíní céadarálacha, agus múnlóirí bloic. Ní raibh aon chúis imní ann, ámh, ach amháin i gcás na múnlóirí bloic.

Sa mhéid go bhfuil múnlóirí bloic ina gcuid riachtanach den phróiseas táirgthe cáise céadair, ní bheadh an dara foinse soláthair múnlóirí bloic ann tar éis an chumaisc, agus mar sin bheadh tionchar díobhálach aige ar chumas iomaíochta na n-iomaitheoirí freastal ar riachtanais na gcustaiméirí lánlíne. Cé gur toradh nádúrtha é ar chumasc go mbainfí iomaitheoir as an margadh tairisceana, léirigh imscrúdú an Údaráis Iomaíochta go raibh custaiméirí den tuairim gur leor dhá tháirgeoir sa mhargadh dá gcuspóirí agus nach mbainfeadh cumasc gach foinse mhalartach eile soláthair múnlóirí bloic as an margadh.

Rinne an Office of Fair Trading (OFT) sa Bhreatain, scrúdú ar an idirbheart chomh maith. Sa mhéid go bhfuil coinníollacha iomaíochta éagsúla sa Bhreatain fuair an OFT amach gur bhain fadhbanna tromchúiseacha iomaíochta leis an idirbheart agus nach bhféadfaí iad a leigheas gan pacáiste réitigh a chur i bhfeidhm. Ó thaobh na gcustaiméirí sa Stát de, cinntíonn pacáiste an OFT go mbeidh rogha níos fairsinge ag custaiméirí maidir le múnlóirí bloic i gcomparáid leis an rogha iarchumaisc a bhí beartaithe.

Mar sin féin, shocraigh an tÚdarás Iomaíochta i dtaobh na tréimhse iarchumaisc, ag cur san áireamh an tionchar fabhrach a bheadh ag pacáiste réitigh an OFT, nach laghdófaí iomaíocht go substainteach de bharr an idirbhirt a bhí beartaithe agus cheadaigh sé an t-idirbheart gan choinníoll an 10 Lúnasa 2006.

### Éadáil Kingspan Group plc (Kingpsan) chun Leanort Group (Xtratherm) a fháil

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta an 26 Deireadh Fómhair 2006, go raibh sé tar éis a chinneadh cosc a chur leis an éadáil a bhí beartaithe ag Kingspan Group plc (Kingpsan) chun Leanort Group (Xtratherm) a fháil, mar gheall ar go laghdódh an t-idirbheart iomaíocht go substainteach i gcás déantúsaíocht agus soláthar ábhair inslithe sa Stát[7].



7. Bíonn an dá pháirtí i mbun ábhair inslithe don tógáil a dhéanamh agus a sholáthar.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta an cinneadh seo tar éis do Rannóg na gCumasc ceithre mhí a chaitheamh ag déanamh anailís eacnamaíochta agus fiosrúcháin sa mhargadh (cuireadh an t-idirbheart beartaithe i bhfios don Údarás don chéad uair an 26 Meitheamh, 2006). Bhain an tÚdarás a thátail as an scéal tar éis a imscrúdaithe mar seo a leanas:

(i) Is é an margadh le haghaidh ábhair inslithe PU/PIR an margadh cuí.

(ii) Is iad na páirtithe a raibh an cumasc beartaithe acu an dá sholáthraí ábhar inslithe PU/PIR sa Stát, agus bíonn siad in iomaíocht go díreach lena chéile agus i gcoinne a chéile.

(iii) Seo a leanas saintréithe an mhargaidh seo:
- táirge aonchineálach;
- comhchruinniú ard;
- sciar ard den mhargadh ag an eintiteas atá ag moladh an chumaisc;
- poitéinseal fáis teoranta sa mhargadh;
- iomaíocht allmhaire theoranta; agus,
- dóthain ró-acmhainneachta i measc na ndaoine atá ag feidhmiú sa tionscal chun iontráil sa mhargadh a chosc.

Dá bhrí sin, bheadh mar thoradh ar an gcumasc seo go laghdófaí iomaíocht toisc go mbeadh iomaitheoir tréan á bhaint as an margadh a bhíonn in iomaíocht le Kingspan agus bheadh an mór-iomaitheoir ag an eintiteas cumaiscthe in ann freastal ar aon ardú praghais a chuirfeadh an t-eintiteas cumaiscthe i bhfeidhm.

## Éadáil Coillte Teoranta chun Weyerhaeuser Europe Limited a fháil

D'fhógair an tÚdarás Iomaíochta an 10 Samhain 2006 go raibh sé tar éis faomhadh gan choinníoll a dhéanamh ar an éadáil a bhí beartaithe ag Coillte Teoranta chun Weyerhaeuser Europe Limited a fháil.

Cuireadh an éadáil bheartaithe i bhfios don Údarás Iomaíochta an 22 Lúnasa 2006. An 21 Meán Fómhair 2006, d'fhógair an tÚdarás Iomaíochta a chinneadh go raibh sé chun imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh maidir ar an éadáil bheartaithe.
Rinne Rannóg na gCumasc san Údarás Iomaíochta an t-imscrúdú agus an anailís seo de réir na bparaiméadar agus na gcaveat seo a leanas:

- bhain an anailís a rinneadh ar an gcumasc leis an saintionchar iomaíochta a eascródh as an gcumasc - is é sin go príomha go mbeadh níos mó cumhachta monapsonachta ag Coillte, de bharr an chumaisc, i gceannachán laíon adhmaid, de bhreis ar an gcumhacht reatha atá aige sna margaí réamhtheachtaigh ar nós margadh lomáin chruinne. Ach ní de bharr cumaisc a bheadh an chumhacht réamhtheachtaigh seo aige sa mhargadh[8];

- cé gur dhá bhliain de léaslíne atá i gceist de réir Threoirlínte Cumaisc an Údaráis Iomaíochta agus é ag breithniú an tionchair iomaíochta a bheadh ag cumasc, baintear úsáid as tréimhse níos sia - suas le 20 go 25 bliain - chun scrúdú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag an gcumasc seo, a léiríonn timthriall táirgthe agus baint crann;

- agus na teoiricí seo á scrúdú maidir leis an dochar a dhéanfadh siad don tomhaltóir, rinne an tÚdarás Iomaíochta breithniú ar an mbeadh an spreagadh agus an cumas ag an eintiteas cumaiscthe, i ndiaidh an chumaisc, feidhm a bhaint as a phunann mhéadaithe gníomhaíochtaí ar bhealach nach mbeadh díobhálach do tomhaltóirí. Léiríonn sé seo gur ar thomhaltóirí atá an SLC dírithe go príomha agus ní ar sholáthraithe ná ar an eintiteas cumaiscthe;

- nuair atáthar ag ceapadh frithfhírice i gcás cumaisc, dé ghnáth déantar breathnú ar an scéal ag cur i gcás go bhfuil an poitéinseal ag an



8. Mar sin féin, chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl ina Chinntiú maidir leis an gcumasc seo má tá sé mícheart ina anailís agus má tharlaíonn fadhbanna mar thoradh ar an gcumasc, go bhfuil an chumhacht aige iompar a imscrúdú a cheapann sé a bhfuil cúiseanna imní ag baint leis faoin Acht. Mar sin, mar shampla, dá rachadh líon mór saothróirí foraoiseachta i gconarthaí fadtéarmacha le Coillte a cheanglaíonn lomán sáimh agus laíon adhmaid, tá an chumhacht ag an Údarás Iomaíochta imscrúdú a dhéanamh ar cibé acu an bhfuil aon chúis imní ag baint leis na comhaontuithe sin faoi fhorálacha reatha an Achta nó nach bhfuil.

eintiteas cumaiscthe praghsanna a ardú toisc an chumaisc. Sa chumasc seo, ní hé sin an scéal, toisc go mbeidh sé mar thoradh ar an gcumasc seo go ligfí le cúrsaí leanúint mar atá seachas go mbeadh praghsanna níos airde mar thoradh ar an gcumasc. An chúis atá leis seo ná go bhfaightear an praghas is airde ón gCóras Díolacháin Adhmaid atá ann faoi láthair.

Cé go mbíonn an dá pháirtí ag gabháil do tháirgí adhmaid a dhéanamh agus a tháirgeadh sa Stát rinne imscrúdú an Údaráis Iomaíochta iniúchadh ar an tionchar a bheadh ag an éadáil bheartaithe ar iomaíocht ar fud raon margaí atá bainteach lena chéile go hingearach san earnáil.

Le linn a imscrúdaithe rinne an tÚdarás Iomaíochta iniúchadh sonrach ar thrí theoiric éagsúla maidir leis an díobháil a dhéanfadh an t-idirbheart don tomhaltóir:

- Teoiric an cheangail – i ndiaidh na héadála, d'fhéadfadh Coillte ceangal a chruthú idir díolachán lomáin agus laíon adhmaid trí mheán comhaontuithe fadtéarmacha le saothróirí foraoiseachta príobháideacha. An tionchar a bheadh aige seo ná go mbeadh praghas níos airde ar lomán sáibh sa todhchaí ná mar a bheadh seachas sin. Mar seo, ní bheadh na tomhaltóirí deiridh in ann sochar a bhaint as an laghdú praghais a eascródh as aschur na muilte sábhadóireachta;

- Teoiric Chúngach an Chorrlaigh – i ndiaidh na héadála, d'fhéadfadh Coillte na corrlaigh sna muilte sábhadóireachta a chúngú trí phraghas lomán sáibh a bhrú in airde agus trí phraghas sliseanna adhmaid a bhrú síos. Mar thoradh ar an ardú seo ar phraghsanna lomáin sháimh chuirfí an t-ardú ar aghaidh chuig na tomhaltóirí toisc praghsanna aschuir na muilte sábhadóireachta a bheith ag dul in airde;

- Teoiric na dídhreasachta ar iontráil – mar thoradh ar Coillte a bheith ina cheannaitheoir monapsonachta laíon adhmaid i ndiaidh na héadála, bheadh Coillte ina sholáthraí lena dhóthain féin laíon adhmaid. Dá bharr sin, d'fhéadfaí saothróirí foraoiseachta príobháideacha a chur ó dhoras ar saothróirí iad a d'fhéadfadh foraoisí a chur (nó d'fhéadfaí an plandú a chur ar athló ar feadh cúpla bliain chun a fháil amach an bhfuil rogha asraoin ann le haghaidh laíon adhmaid idir an dá linn). An toradh a bheadh air seo ná go mbeadh laghdú ar an leibhéal iomaíochta sa mhargadh i gcomhair lomáin chruinne i gceann 30-40 bliain mar go mbeadh cumhacht Coillte sa mhargadh níos mó ná mar a bheadh aige dá mbeadh iontráil sa mhargadh tar éis titim amach. De barr an chumhachta méadaithe seo bheadh praghas níos airde ar lomán sáibh, agus dá bhrí sin, praghsanna níos airde ar adhmad próiseáilte don tomhaltóir.

Cinneadh in imscrúdú an Údaráis Iomaíochta nach raibh aon cheann de na trí theoiric thuasluaite díobhálach don tomhaltóir agus is dianscrúdú a rinneadh ar an scéal agus dá bhrí sin ní laghdófaí iomaíocht go substainteach de bharr an chumaisc.

**2.3 M/06/044 Cumasc Topaz/Statoil Ireland**

Níor éirigh leis an Údarás Iomaíochta cinneadh a dhéanamh i ndáil le cumasc Topaz/Statoil laistigh den tréimhse ama forordaithe faoin Acht Iomaíochta, 2002. Dá réir sin, bhí cead ag na páirtithe an cumasc a chur i gcrích de réir dlí. Sa chuid seo den tuarascáil tugaimid breac-chuntas ar an gcaoi ar tharla an earráid; tá cur síos ar iarmhairtí na hearráide ó thaobh na hiomaíochta de; agus, tá cur síos ar a bhfuil déanta ag an Údarás Iomaíochta chun a chinntiú nach dtarlóidh a leithéid d'earráid arís.

### An chaoi ar tharla an Earráid

Leagann an tAcht Iomaíochta, 2002 amach na nósanna imeachta a gcaithfidh an tÚdarás Iomaíochta a urramú agus iad ag próiseáil tograí le haghaidh cumaisc atá laistigh dá dhlínse. Forordaíonn an tAcht gur chóir don Údarás Iomaíochta feidhmiú laistigh de theorainneacha áirithe ama. Is féidir spriocdhátaí faoin Acht a athshocrú trí bhearta a chuirfeadh an tÚdarás Iomaíochta nó na páirtithe i gcrích.

Tá mí amháin ("one month") ag an Údarás Iomaíochta cinneadh a dhéanamh tar éis comhlíonadh sásúil a bheith déanta ar iarratas foirmiúil ar eolas a eisíodh faoin Alt 20(2) den Acht. Athraítear an tréimhse seo go dtí 45 lá (ó dháta an chomhlíonta ar an iarratas ar eolas) má chuireann na páirtithe moladh isteach chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní a chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl le linn a imscrúdaithe deiridh.

Tharla an earráid toisc gur chomhairigh an fhoireann a bhí ag déanamh an imscrúdaithe ar an gcumasc an dáta deiridh trí 15 lá a shuimiú leis an mhí – is é sin an spriocdháta - seachas 45 lá a athríomh ón dáta bunaigh. Bhí an 15 lá seo a suimíodh tubaisteach do phróiseas an Údaráis Iomaíochta mar go raibh 31 lá sa mhí (thrasnaigh an tréimhse seo mí Lúnasa agus mí Mheán Fómhair). Tar éis na hearráide tosaigh, níor athsheiceáladh ríomhadh an dáta. Níor tugadh an earráid bhunaigh faoi deara go dtí i ndiaidh dheireadh na tréimhse a bhí ag an Údarás Iomaíochta feidhmiú ina leith.


### Iarmhairtí na hEarráide ó thaobh na hIomaíochta de

Sular tugadh an earráid faoi deara, bhí an tÚdarás iomaíochta tar éis measúnú fairsing a dhéanamh ar an gcumasc a bhí beartaithe ag Topaz/Statoil lenar áiríodh:

(i) iarratais fhoirmiúla ar eolas a sheoladh chuig Topaz agus Statoil araon;
(ii) measúnú a dhéanamh ar aighneachtaí tríú páirtí
(iii) ceistneoirí a sheoladh chuig na hiomaitheoirí agus na tomhaltóirí atá ag Topaz agus Statoil, agus measúnú a dhéanamh ar na freagraí ar na ceistneoirí sin;
(iv) cuairt a thabhairt ar shuímh na gcríochfort ola i mBaile Átha Cliath agus i nGaillimh;
(v) plé a bheith ann le gníomhaireachtaí rialtais eile; agus
(vi) taighde fairsing ar an tionscal ola – idir chríochfortú agus an chaoi a n-oibrítear stáisiúin mhiondíolacháin breosla mótair;

Léirigh imscrúdú an Údaráis Iomaíochta an struchtúr margaidh seo a leanas:

**Fíor 2.2: Margaí Cuí don Anailís ar Chumasc Topaz/Statoil Ireland**




Deighleog Mhargaidh A: Soláthar don mhargadh seirbhísí críochfortaithe
Deighleog Mhargaidh B: Táirgí peitriliam scagtha a sholáthar
Deighleog Mhargaidh C: Dáileadh tráchtála ar tháirgí peitriliam scagtha
Deighleog Mhargaidh D: Oibriú na stáisiún seirbhíse breosla mótair

**Tábla 2.1: Na Deighleoga Margaidh inar thug an tÚdarás Iomaíochta cúiseanna imní maidir le hiomaíocht faoi deara**

| Deighleoga Margaidh | Limistéar Geografach Laighean | Mumhan | Connachta |
|---|---|---|---|
| Críochfortú & Mórdhíolachán | ✗ | ✗ | ✔ |
| Breoslaí Mótair Miondíolacháin | ✔ (i margaí áitiúla) | ✗ | ✗ |
| [ ][9] | [ ] | [ ] | [ ] |

Mar thoradh ar an anailís ar na deighleoga margaidh seo chinn an tÚdarás Iomaíochta ar na trí réimse ina dtiocfadh cúiseanna imní chun cinn maidir le hiomaíocht toisc na héadála a bhí beartaithe. Tá breac-chuntas orthu sin i dtábla 2.1.

Rinneadh na cúiseanna imní seo a phlé leis na páirtithe roimh 9 Deireadh Fómhair 2006, an dáta faoina raibh an tÚdarás Iomaíochta lena chinneadh a dhéanamh faoi na forálacha a bhaineann le cumaisc san Acht Iomaíochta agus fuarthas na moltaí, faoi Alt 20(4) den Acht, ó Topaz a dúirt go rachadh sé i ngleic le haon tionchar a bheadh ag an éadáil bheartaithe ar iomaíocht sna réimsí a d'ainmnigh an tÚdarás. Seo a leanas na sonraí:

*Seirbhísí críochfortaithe a sholáthar agus táirgí peitriliam scagtha a sholáthar:*

*Fadhb Iomaíochta*
Fuair imscrúdú an Údaráis amach go laghdódh an éadáil bheartaithe an líon soláthraithe seirbhísí críochfortaithe ó 3 (Topaz, Texaco & Statoil) go 2 (Topaz & Statoil) agus go laghdódh sé an líon soláthraithe mórdhíolacháin ó 6 go 5 i limistéar na Gaillimhe. Léirigh imscrúdú an Údaráis go bhfuil bacainní suntasacha le hiontráil sa deighleog seo den margadh agus nach dócha go mbeadh iontráil ag teacht go tráthúil le Treoirlíne an Údaráis maidir le hAnailís ar Chumaisc . Léirigh measúnú a rinneadh sa mhargadh seo nach gcuirfidh críochfoirt i limistéir eile srian iomaíochta ar an eintiteas cumaiscthe i réigiún Chonnacht. Dá bhrí sin, sa mhéid go bhfuil bacainní móra ar iontráil sa deighleog mhargaidh seo agus toisc an dóchúlacht atá ann go dtarlódh éifeacht aontaobhach (i.e., ardú praghais i ndiaidh an chumaisc), chuir an tÚdarás an réamhthuairim in iúl go n-eascródh cúiseanna imní tromchúiseacha as an idirbheart ó thaobh soláthar seirbhísí críochfortaithe agus táirgí peitriliam scagtha a sholáthar i limistéar Chonnacht.

*Réiteach Iomaíochta*
Chun dul i ngleic le cúis imní an Údaráis, gheall Topaz go ngabhfadh sé de láimh, laistigh de thréimhse ama réasúnta i ndiaidh na héadála, comhaontú tréchuir, ar feadh tréimhse shubstainteach, ag a chríochfort i nGaillimh le mórallmhaireoir neamhspleách ola. Déanfar é seo de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a cheapann an tÚdarás Iomaíochta a chuideoidh le hiomaíocht i soláthar mórdhíolacháin agus ar deireadh thiar a rachaidh chun sochair do na tomhaltóirí i réigiún Chonnacht. Toradh eile a bheidh air ná trí oibritheoir neamhspleácha sa réigiún a chothú, díreach mar a bhí ann roimh an gcumasc.

*Oibriú na Stáisiún Seirbhíse Miondíolacháin Breosla Mótair*
Bhí líonra asraoin miondíolacháin á n-oibriú ag Topaz agus Statoil araon sa Stát. I gcásanna roimhe seo (e.g. Maxol/Busselle) chinn an tÚdarás go raibh margadh miondíolacháin breosla mótair logánaithe ann, ar an



9. Tugadh faoi deara cúis imní eile a aimsíodh i ndeighleog mhargaidh eile nach gcuirfeadh isteach go hábhartha ar raon an idirbhirt seo. Réitigh Topaz an tsaincheist seo i bplé a bhí aige leis an Údarás Iomaíochta. Níl níos mó sonraí á gcur ar fáil ag an staid seo ar an mbonn go bhfuil íogaire thráchtála ag baint leo.
10. Féach Cinneadh Uimh. N/002/04.

iomlán, a dhíolann peitreal agus díosal araon. Mar sin, chinn an tÚdarás nach raibh aon chúis imeacht ón sainmhíniú a bhí ann roimhe sin ar an deighleog mhargaidh seo.

Bhí déileálaithe ina n-úinéirí ar fhormhór mór na stáisiún seirbhíse miondíolacháin breosla mótair faoi gach ceann de bhrandaí Topaz agus Statoil. Mar thoradh ar an idirbheart beartaithe, bheadh 307 stáisiún seirbhíse breosla mótair (as ar a laghad 2100 sa stát) ag feidhmiú faoi eintiteas cumaiscthe.

D'fhonn na cúiseanna imní a aithint ina mbeadh forluí ann idir stáisiúin Statoil agus Topaz gabhadh de láimh an anailís seo a leanas:

- Chuir Topaz agus Statoil sonraí ar fáil, ag baint úsáide as achar faoi 2 mhíle timpeall i limistéir uirbeacha agus faoi 5 mhíle timpeall i limistéir thuaithe, láraithe timpeall ar shuímh Topaz (i.e., anailís Topaz-lárnaíoch). Mar thoradh ar an anailís Topaz-lárnaíoch aimsíodh 13 limistéar le forluí ina mbeadh iomaíocht ann don eintiteas cumaiscthe ó dhá éadanchlár ar a mhéid.[11] Agus,

- i gcomhréir leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr[12], a bhain úsáid as an mhodheolaíocht seo chun margaí miondíolacháin a thaispeáint, d'iarr an tÚdarás ar na páirtithe anailís a dhéanamh láraithe timpeall asraonta miondíolacháin a bhí beartaithe a fháil, is é sin, suímh Statoil (an anailís Statoil-lárníoach). Thaispeáin an anailís Statoil-lárnaíoch go raibh forluí i ngach áit ach amháin i dtrí áit a léirigh an anailís Topaz-lárnaíoch.

Ar dtús, bhí an chuma ar an scéal gur eascair cúiseanna imní maidir le hiomaíocht i 4 réimse as an measúnú a rinne an tÚdarás ar an idirbheart beartaithe, eadhon:
**City West:** i ndiaidh na haighneachta, fuair an tÚdarás amach an méid seo a leanas: (i) bhí stáisiún an déileálaí Statoil sa limistéar seo ag baint úsáide as ainm branda nua, Discount Fuel Deals, agus (ii) bhí ceann amháin de stáisiúin dhéileálaithe Texaco ag feidhmiú faoin mbranda Applegreen. Dá bhrí sin, bhí an tÚdarás den tuairim nár eascair cúiseanna imní iomaíochta as an idirbheart beartaithe mar go mbeadh dóthain iomaitheoirí sa limistéar; agus,

- Limistéar comhchathrach **Bhaile Hart, Chúil Mín agus Chaisleán Cnucha:** bheartaigh an tÚdarás go mbeadh stáisiún seirbhíse a bheadh lonnaithe i mBaile Hart san iomaíocht le ceann sa Chúil Mín ach nach mbeadh sé san iomaíocht le stáisiún i gCaisleán Cnucha. Mar thoradh ar an idirbheart beartaithe laghdódh an líon éadanchlár i mBaile Hart agus sa Chúl Mhín ó 3 go 2, agus laghdódh an líon éadanchlár i gCaisleán Cnucha ó 4 go 3. Dá bhrí sin, chuir an tÚdarás a réamhthuairim in iúl go mbeadh laghdú ar an rogha dá dtarlódh an t-idirbheart agus go mbeadh méadú ar an líon stáisiún sa limistéar seo a bhainfeadh le cuideachtaí. Chun dul i ngleic leis an gcúis imní seo, gheall Topaz go ndéanfadh sé ceann dá stáisiúin a dhiúscairt i limistéar Chúil Mhín/Bhaile Hart. Bhainfí é seo amach mura ndéanfadh sé an léas a athnuachan nuair a d'éagfadh sé ag deireadh 2006. De réir a ghealltanais, níor fhéach Topaz lena léas a athnuachan. Tuigtear don Údarás Iomaíochta gurb é Applegreen atá i bhfeighil an asraoin mhiondíola seo anois.

*Conclúid*

In ainneoin go bhfuil an spriocdháta reachtúil imithe anois d'aontaigh Topaz go gcuirfeadh sé i bhfeidhm na moltaí a chuir sé faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta roimhe seo. I dtuairim an Údaráis Iomaíochta, má chuirtear na moltaí seo i bhfeidhm ar bhonn leanúnach beifear ag dul i ngleic leis na cúiseanna imní iomaíochta a eascródh as an gcumasc agus a fuarthas amach ó anailís an Údaráis Iomaíochta agus mar thoradh air sin feidhmeoidh na margaí do tháirgí peitriliam scagtha go maith do thomhaltóirí.



11. Tagraíonn éadanchlár do bhrandaí atá in iomaíocht lena chéile. Glactar leis, i measúnú iomaíochta a dhéantar ar bhonn éadanchláir seachas ar bhonn asraoin go bhfuil suímh bhrandaithe faoi riail chuideachta ola, agus mar sin déanann sé neamhaird de go bhféadfadh iomaíocht idirbhranda a bheith ann idir CO agus DO.
12. Féach, UK Competition Commission's Safeway Merger Enquiry, 2003.

**An méid atá déanta ag an Údarás Iomaíochta chun a chinntiú nach dtarlódh a leithéid d'earráid arís**

Tar éis don Údarás Iomaíochta an earráid a aimsiú, d'fheidhmigh sé go gasta chun an scéal a chur ina cheart:

1. cuireadh nósanna imeachta nua i bhfeidhm díreach i ndiaidh na hearráide chun a chinntiú go mbeadh gach spriocdháta le haghaidh cumaisc faoi réir nósanna imeachta inmheánacha níos fearr agus go mbeadh gá seiceáil agus athsheiceáil a dhéanamh ar na sonraí cuí go léir;

2. reáchtáil oifigeach sinsearach fiosrúchán inmheánach (oifigeach nach raibh aon bhaint aige/aici leis an obair as ar eascair an earráid) chun a chinneadh cad é ord na n-imeachtaí a tharla as ar eascair an earráid. Cuireadh an fiosrúchán i gcrích i mí Dheireadh Fómhair 2006 agus cuireadh na torthaí in iúl do Bhaill an Údaráis;

3. rinneadh athscrúdú ar an léirléamh ar an bhfrása "within 1 month" mar atá in Ailt 18(1) agus 21(2) den Acht mar thoradh ar athbhreithniú ar bhunachair sonraí cumaisc, ó thaobh na ndátaí criticiúla is cóir a chur san áireamh ar bhunachar sonraí agus an chaoi ar chóir na dátaí sin a shainiú;

4. bhí ceardlann ag Rannóg na gCumasc le comhairleoir dlí de chuid an Údaráis i mí na Nollag 2006 inar pléadh go mion na nósanna imeachta ar ghá a leanúint agus athbhreithniú á dhéanamh ar chumasc, agus dhírigh sé go háirithe ar an gcaoi a ndéantar teorainneacha ama agus spriocdhátaí a ríomh;

5. tá athbhreithniú inmheánach idir lámha chun ár nósanna imeachta a chomhtháthú lenár gcórais TF chun go mbeidh níos lú seans ann go ndéanfaidh duine daonna earráid nuair atá dátaí á ríomh. Ainmníodh na riachtanais a mbeadh gá leo ó thaobh bogearraí de agus tá na bogearraí á dtáirgeadh faoi láthair. Táthar ag súil iad a bheith in úsáid faoi dheireadh mhí Eanáir 2007; agus

6. chuir an tÚdarás Iomaíochta isteach a nós imeachta le go ndéanfadh a iniúchóirí inmheánacha athbhreithniú orthu chun a chinntiú go bhfuil siad ag comhlíonadh na gcaighdeán is airde tionsclaíochta. Tá sé sceidealta tús a chur leis seo i mí Eanáir agus tá siad seo a leanas san áireamh ann:

   - athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta inmheánacha agus seachtracha reatha atá ag an Údarás nuair atá sé ag déanamh meastóireachta ar chumaisc agus éadálacha;
   - moltaí maidir le bealaí ina bhféadfadh an tÚdarás Iomaíochta feabhas a chur ar a nósanna imeachta; agus,
   - measúnú ar an méid atá an tÚdarás agus Rannóg na gCumasc ag comhlíonadh na nósanna imeachta reatha agus moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfaí feabhas a chur air sin.

### 2.4 Cumaisc Mheáin

Cuireadh i bhfeidhm, an 1 Eanáir 2003, ar ordú an Aire, go mbainfí tairseacha láimhdeachais le haghaidh cumaisc mheáin. Is é a chiallaíonn sé seo ná go gcaithfear cumaisc a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta má tá duine de na páirtithe sa chumasc beartaithe ag gabháil do chúrsaí sna meáin (lena n-áirítear, nuachtáin, raidió agus craolachán, ach gan a bheith teoranta dóibh).

Lamhálann an tAcht Iomaíochta, 2002, don fhéidearthacht go bhféadfadh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta cosc a chur le cur i bhfeidhm cumaisc fiú amháin tar éis don Údarás Iomaíochta cumasc meáin a cheadú ar bhonn iomaíochta tar éis

imscrúdú iomlán a dhéanamh - an tAire á chosc ar mhaithe leis leas an phobail.

1n 2006, rinne an tÚdarás breithniú ar 22 cumasc meáin i gcomparáid le 23 cumasc meáin a cuireadh i bhfios dó in 2005 agus 14 in 2004. De na 22 cumasc meáin a cuireadh i bhfios dó in 2006;

- bhain 2 cheann le stáisiúin raidió a éadáil;
- bhain 11 le foilseacháin chlóite nó foilseacháin ar líne a éadáil;
- bhain 6 cinn le hardáin agus/nó le hábhar craoltóireachta a éadáil;
- bhain 3 cinn le héadáil a raibh spriocanna neamh-mheáin i gceist léi (tá siad seo clúdaithe san Acht Iomaíochta 2002 nuair atá páirtí amháin nó níos mó páirteach i ngnó sna meáin).
- cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta 19 díobh faoi dheireadh na bliana agus tugadh 3 cinn trasna go dtí 2007; agus
- Ní dhearna an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta aon ordú le linn 2006 imscrúdú iomlán a dhéanamh faoi Alt 22 den Acht Iomaíochta 2002 nó cumasc meáin a thoirmeasc.

**Tábla 2.2: Cumaisc Mheáin a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta in 2006**

| Fógra | Dáta an Fhógra | Earnáil | Stádas agus Dáta an Chinnidh |
|---|---|---|---|
| M/06/094 - BSkyB/365 | 22 Nollaig 2006 | Cianseirbhísí Cearrbhachais/ Seirbhísí eagarthóireachta | 11 Eanáir 2007 |
| M/06/090 – ESPN Global Limited/ NASN Limited | 11 Nollaig 2006 | Craolachán teilifíse agus ábhar na gclár a shindeacáitiú | 3 Eanáir 2007 |
| M/06/089 - Doughty Hanson/ Setanta | 8 Nollaig 2006 | Craolachán teilifíse | 5 Eanáir 2007 |
| M/06/079 - Guardian Media Group plc/ Century Radio Limited/ Century Radio 105 Limited | 17 Samhain 2006 | Craolachán raidió sa Bhreatain | 06 Nollaig 2006 |
| M/06/071 - JA Trading/ River Newspapers | 27 D. Fómhair 2006 | Meáin | 23 Samhain 2006 |
| M/06/067 - Connaught Tribune/Galway Bay FM | 25 M. Fómhair 2006 | Nuachtáin agus raidió | 24 D. Fómhair 2005 |
| M/06/062 - Euromoney / Metal Bulletin | 01 M. Fómhair 2006 | Seirbhísí airgeadais agus Faisnéis Gnó | 21 M. Fómhair 2006 |
| M/06/061 - D'Olier / Gloss | 01 M. Fómhair 2006 | Foilseachán sna Meáin | 22 M. Fómhair 2006 |
| M/06/059 - The Irish Times / MyHome | 25 Lúnasa 2006 | Fógraíocht na Réadmhaoine | 25 M. Fómhair 2006 |
| M/06/054 - Pearson (FT) / Mergermarket | 16 Lúnasa 2006 | Nuacht ghnó leictreonach agus táirgí faisnéise | 14 M. Fómhair 2006 |
| M/06/053 – GE / Memphis | 14 Lúnasa 2006 | Comhpháirteanna Eitlíochta | 04 M. Fómhair 2006 |
| M/06/049 - Newspread / Wholesale Newspapers | 24 Iúil 2006 | Meáin: nuachtáin a fhoilsiú agus a dháileadh | 04 D. Fómhair 2006 |
| M/06/043 - General Electric / Biacore | 06 Iúil 2006 | Bainistíocht feithiclí | 25 Iúil 2006 |
| M/06/040 - Ken Peterson / Leap | 30 Meitheamh 2006 | Leathanbhanda | 25 Iúil 2006 |
| M/06/032 - Trinity Mirror / Email 4 Property | 08 Meitheamh 2006 | Idirlíon | 16 Meitheamh 2006 |
| M/06/028 - Doughty Hanson / TV3 | 23 Bealtaine 2006 | Craolachán | 01 Meitheamh 2006 |
| M/06/023 - GE / Zenon | 12 Aibreán 2006 | Cóireáil Uisce agus Fuíolluisce | 08 Bealtaine 2006 |
| M/06/021 - Independent / PropertyNews | 06 Aibreán 2006 | Foilseachán sna Meáin | 05 Bealtaine 2006 |
| M/06/014 - Magnet / Netsource | 08 Márta 2006 | Meáin – ceangal leathanbhanda | 05 Aibreán 2006 |
| M/06/008 - Thomas Crosbie / Wexford Echo | 24 Feabhra 2006 | Meáin/ Nuachtáin a fhoilsiú | 21 Márta 2006 |
| M/06/007 - Disney / Pixar | 20 Feabhra 2006 | Scannáin | 16 Márta 2006 |
| M/06/005 - Emap / Cafeslim | 23 Eanáir 2006 | Meáin agus bainistíocht ualaigh ar líne | 23 Feabhra 2006 |

Trí ordú a rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, faoi Alt 18(5) den Acht Iomaíochta, 2002, Ionstraim Reachtúil (I.R.) Uimh. de 2002 sonraítear go bhfuil gach cumasc meáin ina aicme ("class") meáin a chaithfear a chuir i bhfios go héigeantach fiú amháin mura bhfuil an cumasc meáin sin ag sárú na dtairseach airgeadais don fhógra sainordaitheach atá leagtha amach in Alt 18(1) den Acht Iomaíochta 2002.

Cibé scéal é, toisc aicme an chumaisc mheáin atá sonraithe san Ordú cuireadh an-chuid cumasc i bhfios don Údarás nach bhfuil aon nasc acu leis an Stát, agus i gcásanna áirithe, nach bhfuil aon nasc praiticiúil acu le gnóthaí sna meáin in aon chor toisc:

1. go sainmhínítear cumasc meáin ("media merger") san Acht mar chumasc ina bhfuil ar a laghad ceann amháin de na gnóthais ag gabháil do chúrsaí sna meáin chumarsáide sa Stát; agus

2. nuair atá an tÚdarás Iomaíochta ag ainmniú an ghnóthais atá páirteach ann ("undertaking involved") leanann sé cleachtas an Choimisiúin Eorpaigh amharc ar na ngnóthas atá páirteach ann mar an ngrúpa iomlán, seachas mar an chuideachta í féin nó an ceannaitheoir nó an spriocdhream.

Ina theannta sin, mar thoradh air tá cúrsaí míloighciúil anois toisc go gcaithfidh an tAire measúnú a dhéanamh ar chumaisc mar chumaisc mheáin. Faoi Alt 23(2) den Acht Iomaíochta tá sé d'oibleagáid ar an Údarás cóip den fhógra a sheoladh ar aghaidh chuig an Aire, agus tá sé d'oibleagáid ar an Aire a bhreithniú cibé acu treoir a thabhairt don Údarás imscrúdú a dhéanamh faoi Alt 22 den Acht Iomaíochta 2002 nó gan imscrúdú a dhéanamh. Níl sé soiléir gur bealach ciallmhar é seo le hacmhainní an Aire agus an Údaráis Iomaíochta a úsáid agus ní bheadh gá na hidirbhearta seo a chur i bhfios go sainordaithe mura mbeadh forálacha I.R. Uimh 622 de 2002.[13]

Tá moltaí curtha ag an Údarás Iomaíochta faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ag iarraidh réiteach a fháil ar na deacrachtaí seo leis an leasú cuí ar I.R. Uimh. 622 a chuideodh leo an scéal a leigheas. Agus mura bhféadfaí é a leigheas ar fad ar a laghad bheadh réiteach éigin ar an scéal. Tá an próiseas seo fós idir lámha.

**2.5 Cumaisc faoi bhun tairseacha infhógartha**

Féadfaidh cumaisc atá faoi bhun tairseacha láimhdeachais infhógartha iomaíocht a theorannú chomh maith. Go háirithe, d'fhéadfaidís Ailt 4 agus/nó 5 den Acht Iomaíochta a shárú, Ailt a chinntíonn nach bhfeidhmíonn cuideachta chun aimhleasa na dtomhaltóirí.

Tar éis roinnt cumasc den sórt sin a fhiosrú, d'eisigh an tÚdarás Iomaíochta Fógra (N/03/001) ar an 30 Meán Fómhair 2003 ag dearbhú a pholasaí maidir leis na hidirbhearta sin. Soiléiríonn an fógra an chaoi a ndéanfaidh an tÚdarás Iomaíochta cumaisc neamh-infhógartha a láimhseáil agus dearbhaíonn sé polasaí an Údaráis maidir lena chinntiú nach ndéanann na hidirbhearta sin dochar d'iomaíocht ná do thomhaltóirí.

Is é bun agus barr an scéil, má mheasann an tÚdarás Iomaíochta, tar éis réamhimscrúdú a dhéanamh, go n-eascróidh cúiseanna imní as an idirbheart, rachaidh sé i dteagmháil leis na páirtithe chun a chinneadh cibé acu an dteastaíonn uatha cumasc a chur i bhfios go toilteanach nó nach dteastaíonn. Murar cuireadh an t-idirbheart i bhfeidhm go fóill, tá an deis ag na páirtithe fógra toilteanach a thabhairt. Má theipeann ar na Páirtithe fógra a thabhairt go toilteanach, féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imeachtaí dlíthiúla a eisiúint ag lorg urghaire chun srian a chur le cur i bhfeidhm an chumaisc. Má cuireadh an t-idirbheart i bhfeidhm cheana féin, déanfaidh an tÚdarás Iomaíocht imscrúdú chun a fháil amach cibé acu ar sáraíodh Ailt 4 agus/nó 5 den Acht Iomaíochta 2002 nó nár sáraíodh.



13. Léiríonn na samplaí seo a leanas an deacracht: 1) in M/05/061 Trader Publishing/Webzone, rangaíodh an faighteoir mar fhógraitheoir gluaisteán agus an sprioc mar sholáthraí seirbhísí TF. Toisc go raibh an faighteoir mar chuid den Guardian Newspaper Group, a dhíolann nuachtáin sa Stát, b'ionann an t-idirbheart agus cumasc meáin de réir bhrí an Achta; 2) General Electric Company, de bhua a éadála ar CNBC news Craolachán network, meastar go bhfeidhmíonn sé sna meáin sa Stát. Mar seo, b'ionann an éadáil le déanaí chun ar Zenon Inc. a fháil (áis chóireála uisce) agus cumasc meáin de réir bhrí an Achta (féach M/06/023 GE/Zenon).

Le linn 2006, rinne an tÚdarás Iomaíochta réamh-mheasúnú amháin ar chumasc a bhí faoi bhun na tairsí infhógartha, agus cuireadh an cás i gcrích ina dhiaidh sin nuair a fuarthas amach nach n-eascródh aon saincheisteanna tromchúiseacha iomaíochta as an gcumasc.

**2.6 Nósanna Imeachta maidir le Cumaisc**

In 2005, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta dhá dhoiciméad chomhairliúcháin ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara ar ghnéithe ar leith a bhaineann leis na nósanna imeachta atá ag an Údarás maidir le cumaisc. Maidir le nósanna imeachta don athbhreithniú ar chumaisc agus éadálacha agus nósanna imeachta don rochtain ar na comhaid athbhreithnithe atá ag na páirtithe a chuireann an cumasc in iúl.

Fuair an tÚdarás Iomaíochta 2 aighneacht ag baint leis na doiciméid chomhairliúcháin. Tar éis dó a athbhreithniú a dhéanamh ar na haighneachtaí agus ar bhreithniúcháin pholasaí eile, d'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta an dá shraith nósanna imeachta seo a leanas ar a shuíomh gréasáin agus tháinig siad i bhfeidhm an 1 Márta 2006:

- **Revised Procedures for the Review of Mergers and Acquisitions:** Cuirtear síos sa doiciméad seo ar na nósanna imeachta atá ann chun déileáil le cumaisc agus le héadálacha a cuirtear i bhfios don Údarás agus déanann sé nuashonrú ar na nósanna imeachta a bhí ann roimhe sin i bhfianaise thaithí an Údaráis Iomaíochta ó 2003 i leith.

- **Procedures for Access to the File in Merger Cases:** Cuireann an doiciméad seo treoir ar fáil do ghnóthaí agus do chleachtóirí dlí maidir le polasaí an Údaráis Iomaíochta i leith na rochtana a bheadh ag na páirtithe sa chumasc ar a gcomhad le linn athbhreithniú an Údaráis Iomaíochta ar chumaisc agus éadálacha; agus,

An 12 Nollaig, 2006, leasaigh an tÚdarás Iomaíochta Fógra N/02/003 ("Notice in respect of certain terms used in Section 18(1) of the Competition Act 2002").

Rinneadh dhá leasú ar Fhógra N/02/003 dar teideal anois "Notice in respect of certain terms used in Part 3 of the Competition Act, 2002".

Ar an gcéad dul síos, leasaíodh Airteagal 3 chun soiléiriú a dhéanamh ar an téarma "carries on business" tar éis dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara seachtracha. Tá an tÚdarás anois den tuiscint go gcuimsíonn an téarma sin gnóthais a bhfuil (a) láithreachas fisiceach acu ar oileán na hÉireann agus a dhíolann le custaiméirí nó a sholáthraíonn seirbhísí do chustaiméirí ar oileán na hÉireann, NÓ, nach bhfuil láithreachas fisiceach acu ar oileán na hÉireann, ach a bhfuil díolacháin déanta acu ar oileán na hÉireann dar luach ar a laghad €2 mhilliún sa bhliain airgeadais is déanaí.

An dara leasú a rinneadh ná seo a leanas: cuireadh isteach Airteagal 5 nua, chun go gcuimseofaí an tuiscint atá ag an Údarás ar an bhfrása "within 1 month after" mar a úsáidtear in Alt 18(1) agus in Alt 21(2) den Acht. Forálann an tAirteagal, go bunúsach, don méid seo a leanas: nuair a úsáidtear an frása i gceachtar den dá alt, déanfar an mhí a ríomh ag cur san áireamh an dáta óna dtosóidh an mhí a sonraítear. Mar seo, nuair a chaithfear fógra a thabhairt "within 1 month after" ón dáta ar a gcuirtear i gcrích an chomhaontuithe, déanfar lá críche an chomhaontuithe a ríomh ar an gcéad lá den mhí. Beidh deireadh leis an mhí ar an lá roimh an lá comhfhreagrach an mhí dar gcionn.[14]

Tháinig an Fógra leasaithe i bhfeidhm láithreach an 12 Nollaig, 2006. Maidir le hAirteagal 5, ámh, cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta tréimhse chairde, a éagfaidh an 1 Márta 2007, chun a gcleachtais a athrú dá réir.



14. Mar shampla, nuair a chuirtear comhaontú i gcrích, déantar tairiscint, nó is é 12 Aibreán an dáta cuí ("appropriate date"), agus críochnóidh mí ar an 11 Bealtaine.

### 2.7 Cumaisc Idirnáisiúnta agus Polasaí maidir le Cumaisc

**Cás M.4439 – Ryanair/Aer Lingus**

Cuireadh éadáil i bhfios don Choimisiún Eorpach faoi Rialachán cumasc an CE ("ECMR") an 30 Deireadh Fómhair, 2006 nuair a bhí sé beartaithe ag Ryanair Aer Lingus a éadáil agus fuair an tÚdarás Iomaíochta cóip den Fhoirm CO an 1 Samhain, 2006.

Ghabh an tÚdarás Iomaíochta de láimh réamh-mheasúnú ar an bhfógra ag díriú go háirithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhócas ar iomaíocht i bPoblacht na hÉireann ("the State") agus bhreithnigh sé cibé acu an cóir dó iarratas ar atreorú ("request for referral") a eisiúint faoi Airteagal 9 de Rialachán Cumasc an Chomhphobail Eorpaigh (ECMR).

Ag teacht dó ar a bhreith, bhreithnigh an tÚdarás Iomaíochta, ag cur san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an idirbheart beartaithe ar iomaíocht sa Stát,[15] na nithe seo a leanas:

1. an bhfuil foras níos oiriúnaí ann ná an Coimisiún, ag féachaint do shainghnéithe an cháis?
2. an raibh uirlisí nó saineolas níos oiriúnaí ann maidir leis an idirbheart áirithe ná an Coimisiún?
3. an raibh lócas dóchúil an tionchair a bheadh aige ar iomaíocht níos fairsinge ná Éire?

Bheartaigh an tÚdarás gurb é an Coimisiún an foras is oiriúnaí, go háirithe toisc an taithí a bhí ag an gCoimisiún go dtí seo agus an saineolas atá aige ag déileáil le cumaisc idir aerlínte agus an ceapadh agus cur i bhfeidhm leigheasanna chun "déileáil" le saincheisteanna iomaíochta a d'fhéadfadh a theacht chun cinn & toisc go bhfuil lócas na hiomaíochta scaipthe amach thar líon mór Ballstát toisc cineál na ngníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag na páirtithe sa chumasc.

Tá an tÚdarás Iomaíochta fós i dteagmháil le Coimisiún an AE ina imscrúdú ar an gcumasc beartaithe seo.

**An Coimisiún Eorpach**

**Coiste Comhairleach um Chomhchruinnithe**

Mar chuid dá oibleagáidí idirnáisiúnta ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt sa Choiste Comhairleach um Chomhchruinnithe i ndáil le dhá chumasc a bhí beartaithe ag leibhéal an hEorpa:

- Cás-Uimhir. Comp/M.3796 – Omya/JM Huber; agus,
- Cás-Uimhir. Comp/M.4000- Inco/Falconbridge

Athbhreithniú an Choimisiúin Eorpaigh ar Nósanna Imeachta agus ar Fhógraí
Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt i gcúpla painéal de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a rinne athbhreithnithe. Ina measc bhí painéil a rinne iniúchadh ar na nithe seo a leanas:

- Draft Commission Consolidated Jurisdictional Notice – le foilsiú in 2007;
- Draft Non Horizontal Merger Guidelines – tá comhairliúchán poiblí le bheith ann ina thaobh in 2007 ; agus,
- Working Arrangements for the Functioning of the Advisory Committee on Concentrations – curtha i gcrích in 2006.

15. I gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach in ECMR agus de réir Fógra Choimisiún an AE EU Commission Notice on Case Referral in Respect of Concentrations (2005/C 56/02).

## Nósanna Imeachtaí Cumaisc in Éirinn (An tAcht Iomaíochta, 2002)

**Tástáil Cumaisc: Iomaíocht a Laghdú go Substainteach**
Baintear úsáid as an tástáil seo chun a bheartú cibé acu an cóir cumasc a cheadú nó nach cóir bunaithe ar an ndéanfaidh sé iomaíocht a laghdú go substainteach ("substantially lessen competition") sa mhargadh earraí agus seirbhísí sa Stát. Baintear úsáid as an tástáil seo sa Bhreatain, agus ghlac an Coimisiún Eorpach le leagan cosúil leis le déanaí. Díríonn an tástáil seo ar an gcaoi a rachaidh idirbheart i gcion ar iomaíocht agus ar thomhaltóirí, agus air sin amháin.

**Tairseacha Fógra**
Déantar na tairseacha fógra a ríomh ó láimhdeachas na cuideachta. Ní mór don dá chuideachta láimhdeachas bliantúil domhanda de €40 milliún sa bhliain a bheith acu. Ní mór don dá chuideachta a ngnó a bheith á reáchtáil acu ar oileán na hÉireann, agus ní mór do chuideachta amháin €40 milliún a bheith á ghiniúint aici sa Stát. Má shroichtear na tairseacha seo, caithfear an cumasc beartaithe a chur i bhfios don Údarás.

**Cumaisc faoi bhun na dtairseach**
D'fhéadfadh tionchair fhrithiomaíocha a bheith ag cumaisc atá faoi bhun na dtairseacha seo a bheadh díobhálach do thomhaltóirí. Ligeann an tAcht Iomaíochta, 2002, na cumaisc seo a chur i bhfios don Údarás Iomaíochta go toilteanach, le cinnteacht dhlíthiúil a bhaint amach. Cuid den chúis atá leis seo ná go bhfuil cumaisc faoi bhun na dtairseach fós faoi réir bearta feidhmiúcháin faoi Ailt 4 agus 5 den Acht, agus rinne an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú ar na hidirbhearta sin.

**Cumaisc Mheáin**
Caithfear cumaisc atá faoi bhun na dtairseach ach a bhfuil baint acu le gnó sna meáin chumarsáide a chur i bhfios don Údarás iomaíochta - seo de dheasca Ordaithe ón Aire a rinneadh an 1 Eanáir, 2003. Tá sainmhíniú cuíosach leathan ag an Údarás Iomaíochta anseo ar cad is gnó sna meáin ann, lena n-áirítear gnó a bhfuil leas aige i nuachtáin, raidió, teilifís agus ardáin chraolacháin, mar shampla. Chomh maith leis sin, sonraíonn an tAcht Iomaíochta gur féidir leis an Aire cumasc a thoirmeasc ar mhaithe le leas an phobail, fiú amháin má cheadaigh an tÚdarás Iomaíochta é.

**Réamh-Imscrúdú (Céim 1)**
Is é atá i gCéim 1 ná scrúdú tosaigh míosa ar an gcumasc – agus de ghnáth is leor é chun cumasc a cheadú. Is féidir síneadh a chur leis an tréimhse mhíosa seo nuair a iarrann an tÚdarás Iomaíocha go foirmiúil go gcuirfeadh na páirtithe eolas breise ar fáil nó nuair a chuireann na páirtithe moltaí isteach le bearta sonracha a ceapadh chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní a chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl. Ceadaíodh os cionn 98% de na cumaisc i gCéim 1, ar cumaisc iad a cuireadh i bhfios don Údarás in 2005.

**Imscrúdú Iomlán (Céim 2)**
Féadfaidh an tÚdarás Iomaíochta imscrúdú iomlán a dhéanamh (imscrúdú Céim 2) mura bhfuil sé ábalta a chinneadh, tar éis dó an réamhscrúdú a dhéanamh, cibé acu an eascródh laghdú substainteach ar iomaíocht ("substantially lessening of competition") as an gcumasc. Is é atá i gCéim 2 ná tréimhse thrí mhí eile ina ndéantar scrúdú sonrach ar idirbheart agus ar an margadh/na margaí ina bhfuil na páirtithe ag feidhmiú.

**Measúnú**
Le linn Chéim 2 den imscrúdú, má tá cúiseanna imní tromchúiseacha ag Rannóg na gCumasc san Údarás Iomaíochta, d'fhéadfadh sé Measúnú i scríbhinn ar an idirbheart a sheoladh chuig na páirtithe le linn na tréimhse. Leagann sé seo amach cúiseanna imní Rannóg na gCumasc, agus ligeann sé dóibh iad a fhreagairt.

Ceadú ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
I gcás cumaisc mheáin, má cheadaíonn an tÚdarás Iomaíochta cumasc ag Céim 1, seoltar é ar aghaidh chuig an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, agus tá 10 lá ag an Aire a chinneadh an dteastaíonn uaidh iarraidh ar an Údarás Iomaíochta imscrúdú iomlán (Céim 2) a dhéanamh.

Nuair a cheadaíonn an tÚdarás Iomaíochta cumasc meáin tar éis imscrúdú Céim 2 a dhéanamh, tá 30 lá ag an Aire chun an cumasc a cheadú le coinníollacha ag gabháil leis, nó an cumasc a thoirmeasc. Ní bhaineann cinneadh an Aire le critéir iomaíochta, ach baineann sé le forais a bhaineann le leas an phobail mar atá sonraithe san Acht Iomaíochta (ar a dtugtar "relevant criteria"). I measc na gcritéar ábhartha tá nithe mar seo a leanas: éagsúlacht úinéireacht, neart na meán dúchasach agus trasúinéireacht i bhfoirmeacha éagsúla sna meáin.

**Achomharc chun na gCúirteanna**
Má dhéantar cumasc a thoirmeasc, tá mí amháin ag na páirtithe a chinneadh an dteastaíonn uatha achomharc iomlán a chur faoi bhráid na hArd-Chúirte nó nach dteastaíonn. Má dhéanann na páirtithe achomharc, cinnfidh an Chúirt cibé acu an bhfuil bonn cirt le cinneadh an Údaráis Iomaíochta nó nach bhfuil.

**Ról Rannóg na gCumasc san Údarás Iomaíochta**
An príomhról atá ag Rannóg na gCumasc ná dul i mbun a thaisc dhlíthiúil - is é sin athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí agus cinntí a dhéanamh maidir le cumaisc a cuirtear i bhfios don Údarás laistigh de thréimhse ama shainithe. Chomh maith leis sin, déanann Rannóg na gCumasc imscrúdú ar chumaisc atá faoi bhun na dtairseach infhógartha faoi Ailt 4 agus 5 den Acht Iomaíochta 2002. Tá sé mar ionadaí na hÉireann, freisin, ag cruinnithe an Choimisiúin Eorpaigh maidir le cásanna cumaisc agus polasaí cumaisc.

Seo a leanas na poist atá ann i Rannóg na gCumasc: Stiúrthóir, Comhairleoir Dlí, Bainisteoir Rannóige agus ceithre Oifigeach Cásanna – tá post amháin le haghaidh Oifigeach Cásanna nach bhfuil líonta faoi láthair.

iomaíocht

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar




# Roinn 3: An Iomaíocht a Chur Chun Cinn in Éirinn

Chomh maith lena fheidhmeanna maidir le feidhmiú dlí agus rialú cumasc, tá sé de dhualgas ar an Údarás Iomaíochta an iomaíocht a chur chun cinn sa gheilleagar ar roinnt bealaí éagsúla:

(i) An tionchar atá ag na dlíthe reatha ar iomaíocht a aithint agus trácht orthu;
(ii) Comhairle a chur ar an Rialtas, ar Airí agus ar ghníomhaireachtaí, faoi na himpleachtaí atá ag reachtaíocht nó rialacháin bheartaithe ar iomaíocht;
(iii) Staidéar a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn iomaíocht sa gheilleagar agus torthaí an staidéir sin a fhoilsiú; agus
(iv) An pobal agus údaráis phoiblí a chur ar an eolas agus comhairle a chur orthu, maidir le saincheisteanna iomaíochta.

### 3.1 Srianta poiblí le hiomaíocht a aithint

Lean an tÚdarás Iomaíochta lena fheachtas poiblí in 2006 chun feasacht a spreagadh agus a iarraidh go ndéanfaí dlíthe agus rialacháin fhrithiomaíocha a dhíchur. Is féidir le srianta poiblí le hiomaíocht a bheith ann ar an iliomad bealaí éagsúla, agus go minic ar bhealaí caolchúiseacha. Ina measc tá siad seo a leanas: srianta iomarcacha a bheith ar ghnó a chur ar bun nó iontráil i ngairm áirithe, reachtaíocht a thugann cearta monaplachta do ghnóthas áirithe agus fógraíocht a thoirmeasc. Déantar idirdhealú idir na srianta poiblí sin agus srianta príobháideacha atá níos ábhartha ó thaobh fheidhmeanna an Údaráis Iomaíochta de a bhaineann le forfheidhmiú agus athbhreithniú ar chumaisc. Tá an toradh deiridh céanna i gceist leo araon, áfach, is é sin níos lú luacha ar airgead agus níos lú rogha do thomhltóirí.

In Aguisín D tá liosta iomlán de na haighneachtaí foirmiúla a rinne an tÚdarás Iomaíochta le linn 2006. Ina measc tá roinnt aighneachtaí a cuireadh faoi bhráid Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit mar fhreagra ar an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí. Mar shampla, chuir an tÚdarás aighneachtaí faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí maidir le Dréacht-Bhille na gCleachtóirí Leighis agus faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir le rialú na hearnála Bainistíochta Dramhaíola. Tá gach ceann de na haighneachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta www.tca.ie. Tá achoimre ar cheann de na haighneachtaí seo, ar rialú na hearnála Bainistíochta Dramhaíola, anseo thíos.

**Páipéar comhairliúcháin ar Rialú na hEarnála Bainistíochta Dramhaíola: Aighneacht curtha faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.**

An 5 Deireadh Fómhair 2006 chuir an tÚdarás Iomaíochta isteach a fhreagra ar an bPáipéar Comhairliúcháin *"Regulation of the Waste Management Sector"*, a d'fhoilsigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Seo a leanas ba chuspóir leis an bPáipéar Comhairliúcháin *"provide an opportunity for interested parties to comment on the need for a regulatory framework in the waste management sector and, if such a need is identified, to identify the most appropriate form of regulation which should be applied."*[16]

Ina aighneacht, chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl an tuairim nach raibh géarghá le rialtóir dramhaíola agus thagair sé don fhianaise idirnáisiúnta atá ann gur é an córas tairisceana iomaíoch an bealach is fearr costais níos ísle a bheith ann in aghaidh an aonaid oibriúcháin le haghaidh soláthraí seirbhíse agus chun praghsanna níos ísle a bhaint amach don tomhaltóir. Seo a leanas a mhol an tÚdarás Iomaíochta:



16 Páipéar comhairliúcháin *"Regulation of the Waste Management Sector"*, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Lúnasa 2006.

- Ba chóir córas iomaíochta don mhargadh a chur in ionad an chórais iomaíochta atá ann faoi láthair sa mhargadh;

- Ba chóir treoirlínte soiléire a leagan síos mar chuid de na Dréacht-Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Ceadúnas Saoráide agus Clárú) do na húdaráis chuí ag cur síos go sonrach ar an gcaoi ar chóir iarratais ar cheadúnais a mheas agus na hamscálaí ar chóir a cheangal leis an bpróiseas measúnaithe agus athnuachana;

- Ba chóir comhairle a chur ar údaráis áitiúla ar an gcaoi is fearr a bpróisis tairisceana a cheapadh i gcás tabhairt isteach ar chórais tairisceana iomaíocha le haghaidh seirbhísí bailithe dramhaíola faoi stiúir údaráis áitiúil; agus

- Sa chás go gceaptar Rialtóir Dramhaíola ní cóir go mbeadh freagracht ar an Rialtóir praghsanna a shocrú, ar bhonn náisiúnta ná ar bhonn réigiúnach.

### 3.2 Comhairle a chur maidir le reachtaíocht agus rialacháin bheartaithe ar shaincheisteanna iomaíochta

Cuireann an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí Rialtais maidir leis an tionchar a bheadh ag aon reachtaíocht nó tograí polasaí atá á mbreithniú ar iomaíocht, más ann don tionchar sin. De réir an Achta Iomaíochta 2002 tá feidhm shonrach ag an Údarás Iomaíochta comhairle a chur ar na Rialtas, ar Airí agus ar Airí Stáit maidir leis na himpleachtaí a bheadh ag reachtaíocht mholta ar iomaíocht. Agus é ag cur i gcrích a fheidhmeanna féachann an tÚdarás Iomaíochta le cúiseanna imní a thabhairt chun solais agus aon iarmhairtí neamhfhabhracha do thomhaltóirí a réamh-mheas.

Chomh maith le haighneachtaí foirmiúla a dhéanamh agus trácht ar dréachtreachtaíocht shonrach, cuireann an tÚdarás iomaíochta comhairle ar Ranna agus ar ghníomhaireachtaí Rialtais ar bhealaí eile agus i bhformáidí éagsúla amhail cruinnithe, cumarsáid i scríbhinn nó an dá cheann. In 2006 scríobh na tÚdarás Iomaíochta freagra, i 19 cás, ar iarratais ar chomhairle ó Ranna Rialtais, agus ó chomhlachtaí poiblí ag clúdach raon leathan earnálacha agus saincheisteanna éagsúla mar shampla:

- Chuir an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar an IAASA agus ní raibh cás leasa poiblí ann a d'éiligh cosaint dhlíthiúil ar an teideal Cuntasóir ("Accountant") agus dá dtabharfaí srian mar seo isteach bheadh costais níos airde ar idir chuntasóirí is thomhaltóirí

- Chuir an tÚdarás comhairle ar Chomhchoiste an Oireachtais um Chumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádúrtha maidir leis an dréacht-Bhille Craolacháin 2006, maidir leis an ról atá beartaithe ag an Údarás i ndáil leis an ról atá beartaithe ag Údarás Craolacháin na hÉireann, agus táillí ceadúnais teilifíse a bhailiú agus a úsáid;
- Chuir an tÚdarás comhairle ar an Casino Review Group gur chóir béim a chur ar chritéir incháilithe sa rialú comhréireach ar chasaínithe agus mar thoradh air sin bheadh gá uasteorainn a chur ar bun don líon casaínithe a bheadh ann.

Ghlac foireann ón Údarás Iomaíochta páirt chomh maith san obair a bhí ar bun ag grúpaí oibre seachtracha:

- An Grúpa um Rialú Níos Fearr (Roinn an Taoisigh); agus

- An Foghrúpa um Rialú Níos Fearr – Achomhairc & Pionóis (Roinn an Taoisigh).

## 3.3 Scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfeidhmíonn iomaíocht in earnálacha áirithe

### Staidéar ar Ghairmeacha

Le cúpla bliain anuas bhí mórstaidéar ar bun ag an Údarás Iomaíochta ar Iomaíocht sna Seirbhísí Gairmiúla, ag féachaint ar ocht n-gairm éagsúla. Tá na tÚdarás Iomaíochta ag baint úsáide as an staidéar seo chun iniúchadh a dhéanamh ar rialacháin agus cleachtais a d'fhéadfadh srian a chur le hiomaíocht, agus tá sé ag féachaint le srianta frithiomaíocha a dhíothú nó srianta nua a chur ina n-áit. Chomh maith leis sin, tá an tÚdarás Iomaíochta ag féachaint le staidéar a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn iomaíocht sa ghairm i gceist, agus iompar a aithint a cheapann sé atá ag sárú dhlí na hiomaíochta, cé nach gá go sáródh, ach b'fhéidir atá ag cosc iomaíochta.

Foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas in 2006 mar chuid den Staidéar ar na Gairmeacha:

1. Final Report on Architects

2. Final Report on Optometrists

3. Final Report on Solicitors and Barristers

Tá na tuarascálacha seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta ag www.tca.ie.

Le linn 2007, leanfaidh an tÚdarás Iomaíochta lena staidéar ar ghairmeacha agus foilseoidh sé a thuarascáil deiridh ar ghairm na fiaclóireachta agus tosóidh obair ar thuarascálacha ar ghairmeacha an leighis agus na tréidliachta.

### Ailtirí: Tuarascáil Deiridh

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil deiridh ar shaincheisteanna a bhaineann le gairm na hailtireachta an 7 Márta 2006. Chinn an tÚdarás Iomaíochta go bhfeidhmíonn iomaíocht go maith do thomhaltóirí agus don gheilleagar ina iomláine.

Chuir an tÚdarás Iomaíochta a chúiseanna imní in iúl maidir leis an drochthionchar do thomhaltóirí, agus do bhaill eile sa ghairm chéanna, a bheadh ag eascairt as roinnt de na hathruithe i rialú ghairm na hailtireachta mar atá sonraithe sa Bhille um Rialú Foirgníochta 2005.

Ba é príomhchúram an Údaráis ná an ról beartaithe d'Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann (RIAI), an eagraíocht ionadaíoch d'fhormhór na n-ailtirí in Éirinn.
Mar a moladh ar dtús, bheadh an Bille um Rialú Foirgníochta tar éis transnaíl leasa a chur ar bun. Bheadh ar an RIAI feidhmiú ar son leasa a bhaill ach ag an am céanna a bheith freagrach as rialacha agus cleachtais a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun leas an phobail a chosaint.

Chun trasnaíl leasa a sheachaint a bheadh i ndán don RIAI mar eagraíocht ionadaíoch agus mar eagraíocht rialaitheach araon, mhol an tÚdarás Iomaíochta go gcuirfí ar bun gníomhaireacht neamhspleách fhollasach chuntasach, Comhairle Ailtirí d'Éirinn, chun rialú a dhéanamh ar ghairm na hailtireachta.

De bhreis air sin, mhol an tÚdarás Iomaíochta, má bhí an RIAI chun a bheith freagrach as ailtirí a chlárú agus a rialú, bheadh ar an gcathaoirleach agus ar fhormhór bhaill an bhoird agus na gcoistí a gcuirtear síos orthu sa Bhille um Rialú Foirgníochta 2005 teacht as lasmuigh den ghairm, agus go ndéanfadh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cathaoirligh na mbord agus na gcoistí a cheapadh. Ba chúis imní sa bhreis é ról an RIAI i gceapadh Cód Iompraíochta don ghairm.

I mí Dheireadh Fómhair, mhol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go leasófaí an




Roghchoiste Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ionas gur ó lasmuigh den ghairm a thiocfadh cathaoirleach agus formhór bhaill na mbord agus na gcoistí, agus go ndéanfadh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil cathaoirligh na mbord agus na gcoistí a cheapadh. D'aontaigh an Coiste go gcuirfí na leasuithe seo san áireamh sa reachtaíocht.

Chomh maith leis sin, rinne an tÚdarás Iomaíochta moltaí maidir le cúpla réimse ina bhfuil srian nach gá le hiomaíocht i seirbhísí ailtireachta:

- Incháilitheacht ailtirí atá traenáilte go praiticiúil iontráil sna comórtais ailtireachta do thionscadail na hearnála poiblí;
- Na teorainneacha atá ar liosta an Chumainn Dlí ar cé hiad na daoine ar féidir leo Tuairimí ar Chomhlíonadh Rialacháin Tógála a chur ar fáil;
- Easpa solúbthachta sna leibhéil árachais slánaíochta gairmiúla ag IPBMI Ltd; agus
- An gá atá le solúbthacht in oideachas ailtireachta trí mheán cúrsaí páirtaimseartha agus cúrsaí modúlacha.

Ina thuarascáil deiridh chuir an tÚdarás Iomaíochta in iúl go rabhthas tar éis dul i ngleic le cúiseanna imní éagsúla, a aithníodh sa réamhthuarascáil, a foilsíodh i mí na Samhna 2003.

- I mí Bealtaine 2004 baineadh na rialacha a bhí ag an RIAI a chuir srian gan ghá leis an gcead atá ag ailtirí fógraíocht a dhéanamh;
- Ní fhoilsíonn an RIAI eolas a thuilleadh a léiríonn na táillí céatadánacha do chineálacha éagsúla tionscadal. An t-aon eolas faoi tháillí a fhoilsíonn an RIAI ná eolas atá ar fáil i suirbhé neamhspleách ina bhfuil eolas ar chéatadáin, agus ar tháillí socraithe agus am-bhunaithe;
- Tháinig méadú suntasach ar líon na n-áiteanna traenála in Éirinn ó osclaíodh scoileanna nua ailtireachta i bPort Láirge agus i Luimneach in 2005. D'oscail scoil nua eile i gCorcaigh in 2006.

**Optaiméadraithe: Tuarascáil Deiridh**

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil deiridh ar shaincheisteanna iomaíochta a bhaineann le hoptaiméadraithe (ar a dtugtar radharcheolaithe go coiteann) an 22 Meitheamh 2006.

Chinn an tuarascáil go raibh an ghairm optaiméadrachta ina shampla de ghairm ina bhfuil an iomaíocht ag feidhmiú go maith. Bhí mionchúis imní ag an Údarás Iomaíochta, ámh, maidir le rialacha agus cleachtais a d'fhéadfadh srian a chur le hiomaíocht i soláthar seirbhísí optaiméadrachta. Rinne an tÚdarás Iomaíochta cúig mholadh a chuirfeadh feabhas ar iomaíocht agus a chosnódh í i seirbhísí optaiméadrachta. Bainfidh cur i bhfeidhm na moltaí sin an méid seo a leanas amach:

- Laghdófar amanna feithimh le haghaidh leanaí scoile áirithe a bhfuil gá acu le scrúduithe súl;
- Beidh sé níos éasca ar chleachtais optaiméadrachta nua seirbhísí a thairiscint do thomhaltóirí;
- Beidh sé níos éasca ar thomhaltóirí praghas agus raon seirbhísí optaiméadrachta atá á dtairiscint a chur i gcomparáid lena chéile;
- Comhdhéanamh bhallraíocht an Bhoird Radharceolaithe a thabhairt i gcomhréir le rialtóirí na ngairmeacha sláinte eile agus le prionsabail an rialála níos fearr; agus

- Dóthain optaiméadraithe a sholáthar le cinntiú go bhfreastalófaí ar an éileamh fadtéarmach ar sheirbhísí optaiméadrachta.

**Aturnaetha agus Abhcóidí: Tuarascáil Deiridh**

D'fhoilsigh an tÚdarás Iomaíochta a thuarascáil deiridh ar ghairm an dlí an 11 Nollaig 2006. Chinn an tÚdarás Iomaíochta, d'ainneoin leasuithe a tharla le déanaí, go bhfuil gairm an dlí lán de shrianta le hiomaíocht atá díréireach agus nach bhfuil údar leo. Eascraíonn na srianta seo go príomha as rialacha agus cleachtais rialaitheacha an Chumainn Dlí, An Chomhairle Bharra agus Óstaí an Rí agus as reachtaíocht ábhartha chomh maith.

Mhol an tÚdarás iomaíochta reachtaíocht chuimsitheach nua – Bille Seirbhísí Dlí – chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní a cuireadh in iúl sa tuarascáil. Chuirfeadh an reachtaíocht Coimisiún Seirbhísí Dlíthiúla ar bun ar a mbeadh freagracht fhoriomlán as rialú a dhéanamh ar ghairm an dlí agus ar an margadh le haghaidh seirbhísí dlí. Bheadh an Coimisiún Seirbhísí Dlíthiúla ina fhoras neamhspleách follasach cuntasach ina mbeadh grúpa níos leithne páirtithe leasmhara ná mar atá sa mhúnla reatha ina bhfuil féinrialú i gceist. Bheadh ról fós ag an gCumann Dlí agus ag an gComhairle Bharra i rialú na gairme ó lá go lá ach bheadh gá acu a bhfeidhmeanna ionadaíochta agus rialaitheacha a scagadh óna chéile.

Rinne an tÚdarás Iomaíochta 28 moladh eile sa tuarascáil chun fadhbanna a d'aithin sé sa ghairm dhlí a leigheas. Ar na moltaí ba shuntasaí tá siad seo a leanas:

- Deireadh a chur leis an smacht atá ag Óstaí an Rí agus ag an gCumann Dlí ar oideachas gairmiúil dlí a chuireann ar an gcumas monaplachtaí oideachais a bheith acu;
- Gairm a chur ar bun le haghaidh saineolaithe i gcúrsaí tíolactha chun praghas na seirbhíse a ísliú agus caighdeán na seirbhíse tíolactha a ardú;
- Tomhaltóirí a chumhachtú trí cheangal a chur ar an gCumann Dlí agus ar an gComhairle Bharra eolas úsáideach a chur ar fáil do thomhaltóirí faoina gcearta agus faoi ghnéithe lárnacha a bhaineann le seirbhísí dlíthiúla, mar shampla conas a shocraítear táillí dlíthiúla;
- Go mbeadh gach ball den phobal in ann comhairle dhlíthiúil a fháil ó abhcóidí - faoi láthar níl cead acu comhairle dlí ach a chur ar ghrúpa ar leith;
- An cead a thabhairt d'abhcóidí comhpháirtíochtaí a bhunú;
- É a chur de cheangal ar aturnaetha comhad a gcliaint a thabhairt d'aturnae eile más mian leis an gcliant aistriú chuig aturnae nua;
- Srianta nach bhfuil gá leo a bhaint maidir le go ndéanfadh abhcóide nó aturnae fógraíocht;
- Cead a thabhairt d'abhcóidí, atá fostaithe ag cliant, feidhmiú ar son a bhfostóirí sa chúirt, mar a dhéanann aturnaetha atá fostaithe ag cliant;
- Deireadh a chur leis an gcleachtas go bhfuil táillí an Abhcóide Shóisir ag dhá thrian de tháillí an Abhcóide Shinsir;
- Scéim fhollasach éifeachtach a chur ar bun chun stádas an Abhcóide Shinsir a bhronnadh, agus go mbeadh cead ag aturnaetha cur isteach ar an stádas sin.

Sular foilsíodh an tuarascáil deiridh ar aturnaetha agus abhcóidí, tugadh faoi roinnt tionscnamh - ar nós moltaí an Rialtais Ombudsman do Sheirbhísí

Dlíthiúla a chur ar bun agus tionscnaimh chun réimsí na gcostas dlí a leasú. Tá gach éinne a rinne iniúchadh ar an ngairm seo den tuairim chéanna - go bhfuil gá na gairmeacha dlí a thiontú ina ngairmeacha níos nua-aimseartha, níos follasaí agus níos cuntasaí. Tá na moltaí i dtuarascáil deiridh an Údaráis Iomaíochta ag teacht leis na hiarrachtaí seo a bhí ann le déanaí.

Léiríonn an leasú cuimsitheach seo atá á mholadh ag an Údarás Iomaíochta ar na gairmeacha dlí an gá tábhachtach práinneach atá le córas rialaithe a chur ar bun do ghairm an dlí, ar córas é atá comhréireach cuntasach trédhearcach solúbtha agus ag freagairt do riachtanais na dtomhaltóirí.

### Staidéar ar an Margadh Árachais Sláinte Príobháidí

In 2006 d'iarr an tAire Sláinte agus Leanaí ar an Údarás Iomaíochta agus ar an Údarás Árachais Sláinte tuairisciú ar *"further measures to encourage competition in the health insurance market and the strategy or strategies which might be adopted in order to create greater balance in the share of the market held by competing insurers"*.

Tá sé beartaithe ag  an Údarás Iomaíochta, tar éis taighde agus anailís a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte, tuairisc ar an torthaí a chur faoi bhráid an Aire Sláinte agus Leanaí go luath in  2007.

### 3.4 Feasacht agus iomaíocht a spreagadh

Bíonn an tÚdarás Iomaíochta i gcónaí ag iarraidh feasacht a spreagadh maidir le ról dearfach na hiomaíochta. Cuireann baill agus foireann an Údaráis Iomaíochta feasacht chun cinn maidir le ról na hiomaíochta i ngeilleagar na hÉireann agus bíonn sé ag iarraidh aird a tharraingt ar fhadhbanna sonracha a thugann sé faoi deara. I measc na mbealaí ina spreagtar an fheasacht seo tá óráidí poiblí a thabhairt, seimineáir a reáchtáil, cur i láthair ag comhdhálacha agus trí na meáin chumarsáide, mar shampla rinne foireann de chuid an Údaráis Iomaíochta agallaimh leis na meáin chumarsáide ag an am a raibh na tuarascálacha ar na Gairmeacha á bhfoilsiú in 2006.

Thug foireann agus baill an Údaráis Iomaíochta óráidí nó cur i láthair do luchtanna féachana éagsúla le linn 2006. Bhí na saincheisteanna a pléadh an-ilghnéitheach.... tá liosta iomlán in Aguisín D de na hóráidí agus an cur i láthair a rinne Baill agus foireann an Údaráis Iomaíochta.

Leanadh le Sraith Seimineár an Údaráis Iomaíochta in 2006 - sraith a seoladh in 2005. Déanann an tÚdarás Iomaíochta óstáil ar sheimineáir phoiblí le haoichainteoirí mór le rá ó Éirinn agus ó thíortha eile ar an liosta. Seo a leanas sonraí na seimineár a óstáladh in 2006.

**Tábla 3.2**

| Sraith Seimineár an Údaráis Iomaíochta 2006 | | |
|---|---|---|
| **Dáta** | **Cainteoir** | **Teideal** |
| 08 Feabhra 2006 | Svend Albaek | Aiteagal 82 Plépháipéar |
| 15 Márta 2006 | An Dr. Patrick Paul Wash | Measuring Consumer Harm in Cartel Cases |
| 10 Aibreán 2006 | Fazleen Ismail agus Heather Sharp | Competition and Public Sector Procurement: Some Lessons from the UK |
| 14 Samhain 2006 | Hubert de Broca | The new Commission Guidelines for setting fines in Antitrust Cases |

### 3.5 Teacht os comhair Coistí Oireachtais

Tháinig Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta os comhair Chomhchoiste an Oireachtais ar Chomhshaol agus Rialtais Áitiúil chun an Bille um Rialú Foirgníochta 2005 a phlé. Thug an Coiste cuireadh don Chathaoirleach an Bille um Rialú Foirgníochta 2005 a phlé, go háirithe maidir leis na moltaí a bhaineann le rialú ar ghairm na hailtireachta mar a leagadh amach i dtuarascáil deiridh an Údaráis Iomaíochta ar an ngairm ailtireachta den 7 Márta 2006.

Tháinig Cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta i láthair os comhair Chomhchoiste an Oireachtais ar Fhiontar agus Gnóthaí Beaga an 25 Deireadh Fómhair 2006. Thug an Coiste cuireadh don Chathaoirleach forléargas *inter alia* a sholáthar ar oibríochtaí an Údaráis Iomaíochta, go háirithe Rannóg na gCumasc, agus chun an tionchar a bheadh ag díothú Ordú na nEarraí Grósaera arna achtú i mí Márta 2006 san Acht Iomaíochta (Leas) 2006.

### 3.6 Tuarascálacha agus moltaí an Údaráis Iomaíochta roimhe seo

Mar chuid dá fheidhm aighneachta, cuireann an tÚdarás Iomaíochta comhairle ar fáil, bíonn ag lorg athruithe, agus cuireann sé moltaí faoi bhráid Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais trí pháirt a ghlacadh i bpróisis chomhairliúcháin phoiblí, mar fhreagra ar iarratais ar chomhairle, tar éis foirm iarratais a fháil ó ghnóthas nó ó thomhaltóir a bhfuil cúis imní acu nó trí staidéar margaidh foirmiúil.

Le caitheamh aimsire, bhí athruithe éagsúla ann i gcúpla réimse éagsúil. San Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, tá córas oscailte agus follasach cláraithe le hionadaíocht láidir ar mhaithe le leas an phobail. Glacadh le gnéithe den mhúnla seo i ngairmeacha eile ar nós gairm an leighis agus gairm na hailtireachta lena n-áirítear móramh na mball ar an mbord rialaitheach a bheith ag teacht ó lasmuigh den ghairm.

Ó 1998 i leith rinne ag an tÚdarás iomaíochta staidéar ar chúpla earnáil éagsúil. An ról atá an Údarás Iomaíochta ná iniúchadh a dhéanamh ar an margadh atá i gceist agus moltaí a dhéanamh bunaithe ar a chuid torthaí. Ceapadh moltaí an Údaráis Iomaíochta le bheith i gcomhréir leis na sé phrionsabal a bhaineann le rialáil mhaith mar atá leagtha amach i bPáipéar Bán an Rialtais "Regulating Better" i.e. riachtanas, éifeachtúlacht, comréireacht, follasacht, cuntasacht agus leanúnachas. Níl an chumhacht ag an Údarás Iomaíochta na hearnálacha a ndéanann sé iniúchadh orthu a leasú mar chuid dá staidéir. Seo ról an Rialtais agus ról na n-údarás poiblí a rialaíonn an earnáil i gceist.

Seo a leanas achoimre ar thorthaí na staidéar foirmiúil éagsúil a rinne an tÚdarás Iomaíochta ó 1998 i leith.



17 See http://www.betterregulation.ie/index.asp

| Tuarascáil (dáta) | Moltaí agus toradh |
|---|---|
| Ceadúnú Deochanna Meisciúla (1998) | Díríodh ceithre mholadh ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Ceapadh na moltaí seo chun a chinntiú nach gcuirfí san áireamh ach na saincheisteanna a bhaineann go díreach leis an ngné shóisialta a bhaineann le halcól a dhíol, ar nós oiriúnacht an duine atá á cheannach agus oiriúnacht an áitribh agus rialacháin sábháilteachta, nuair a bheifí ag breithniú iarratais ar cheadúnas. Maidir le moladh amháin – is é sin go mbainfí an "one mile rule" – cuireadh é i bhfeidhm san Acht Deochanna Meisciúla 2000. |
| Iompar (1999) | Rinneadh roinnt moltaí maidir le hathchóiriú agus athrialú an mhargaidh iompair do phaisinéirí iarnróid agus bus sa Stát. Mhol an tuarascáil gur chóir gur mionrialú a bheadh ann, go mbeadh sé comhréireach agus go nascfaí go soiléir é le cuspóirí sainmhínithe agus go mbeadh sé suite chomh cóngarach don mhargadh a raibh rialú á dhéanamh aige air. Tá an Rialtas tar éis a chomharthú go bhfuil sé beartaithe aige margadh Bus Átha Cliath a oscailt d'iomaitheoirí eile. |
| Árachas (2005) | Bhí 47 moladh sa tuarascáil seo, chuig an Rialtóir Airgeadais (IFSRA) (36), an Roinn Iompair (4), an Roinn Airgeadais (1),Biúró Lucht Árachais Mótair na hÉireann (4), an tSeirbhís Chúirteanna /An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (1) agus idirghabhálaithe árachais go ginearálta (1). Tá 3 cinn de na moltaí curtha i bhfeidhm ag an Rialtóir Airgeadais. |
| Baincéireacht (2005) | Bhí 25 moladh sa tuarascáil seo chuig an Rialtóir Airgeadais (IFSRA) (3), An Roinn Airgeadais (6), the Irish Payment Services Organisation (IPSO) (10), Cónaidhm Baincéirí na hÉireann (IBF) (4) agus bainc (2). Tá 8 gcinn de na moltaí curtha i bhfeidhm ag an Rialtóir Airgeadais, ag an Roinn Airgeadais, agus IBF agus ag IPSO. Ina measc tá cóid a aistriú do chuntais reatha agus athruithe a bhaineann le rialachas i gcórais íocaíochta na hÉireann. |
| Gairmeacha:<br>1. Innealtóirí (2004) | Chinn an tÚdarás Iomaíochta go raibh iomaíocht ag feidhmiú go maith, tríd is tríd, agus ní dhearna sé ach 2 mholadh. Tá an moladh a díríodh uirthi curtha i bhfeidhm ag Institiúid Innealtóirí Éireann (Engineers Ireland anois) agus níl aon ghníomhaíocht de dhíth maidir leis an moladh a díríodh ar an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. |
| 2. Ailtirí (2006) | Díríodh aon mholadh déag ar an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (6), Institiúid Ríoga Ailtirí Éireann (RIAI) (2), An Cumann Dlí (1), Irish Public Bodies Mutual Insurances Ltd (1) agus an tÚdarás um Ard-Oideachas (1). Chuir an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil trí cinn de na moltaí i bhfeidhm, le go mbeadh an córas atá molta le rialú a dhéanamh ar ailtirí níos oiriúnaí, trí leasuithe a chur i bhfeidhm ar an mBille um Rialú Foirgníochta 2005. Chuir an tÚdarás Ard-Oideachais agus RIAI na moltaí a díríodh orthusan i bhfeidhm sular foilsíodh an tuarascáil deiridh. |
| 3. Optaiméadraithe (2006) | Díríodh cúig mholadh ar an Aire Sláinte agus Leanaí (2), ar Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (1), Bord na Radharceolaithe/Cumann Radharceolaithe Éireann (1) agus ar an Údarás Ard-Oideachais (1). I gcás a bhformhór ní mór reachtaíocht a chur i bhfeidhm. |
| 4. Aturnaetha agus Abhcóidí (2006) | Bhí 29 moladh sa tuarascáil dírithe ar an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (13), ar an gCumann Dlí (3), ar an gComhairle Bharra (13) agus ar Mháistrí Fómhais agus Cláraitheoirí Contae (2). Chuir an Chomhairle Bharra 4 cinn de na moltaí i bhfeidhm sular foilsíodh an tuarascáil deiridh. Tá gá le Bille Seirbhísí Dlíthiúla cuimsitheach chun an leasú cuimsitheach a mholtar sa tuarascáil seo a sholáthar. Idir an dá linn, tá roinnt mhaith a d'fhéadfadh an ghairm a dhéanamh in 2007 chun í féin a leasú. |

Déanann an tÚdarás Iomaíochta athbhreithnithe rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na moltaí óna staidéir. Mar chuid den athbhreithniú leanúnach, bíonn an tÚdarás i dteagmháil go leanúnach leo siúd a bhfuil na moltaí dírithe orthu ag féachaint lena chinntiú go gcuirtear na moltaí i bhfeidhm.

## Ról na Rannóige Aighneachta san Údarás Iomaíochta

Aithníonn an Rannóg Aighneachta na srianta poiblí atá le hiomaíocht, déanann aighneacht le go ndéanfaí leasú ar shrianta frithiomaíocha, agus cothaíonn sé ceapadh polasaí atá i bhfabhar na hiomaíochta, de réir mar a éilítear le hAlt 30 den Acht Iomaíochta, 2002.

D'fhéadfadh srianta poiblí ar iomaíocht eascairt as dlíthe, as rialacháin nó as cleachtas riaracháin. Molann an tÚdarás iomaíochta go ndéanfaí leasuithe nuair atá srian níos mó le hiomaíocht ná mar is gá chun tomhaltóirí a chosaint, agus nuair atá na héifeachtaí neamhfhabhracha a bheadh ag srian le hiomaíocht níos mó ná mar is gá chun sprioc leas an phobail eile a shaothrú.

Cuireann An Rannóg Aighneachta comhairle ar Ranna Rialtais agus ar ghníomhaireachtaí poiblí go minic maidir leis an tionchar ar iomaíocht a bheadh ag reachtaíocht mholta nó ag reachtaíocht atá á hathbhreithniú, agus cuireann sí moltaí faoi bhráid an Rialtais, agus faoi bhráid Ranna agus gníomhaireachtaí an Rialtais, maidir le srianta frithiomaíocha a aithnítear le linn Staidéir nó nuair a dhéantar gearán leis an Údarás Iomaíochta.

Déanann an tÚdarás Iomaíochta iomaíocht a chur chun cinn ar bhonn ginearálta chomh maith, trí mheán a óráidí, a chur i láthair agus a ionadaíochta.

## Díothú Ordú na nEarraí Grósaera

Mhol an tÚdarás Iomaíochta, san aighneacht a chuir sé faoi bhráid na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i mí Iúil 2005, go gcuirfí deireadh leis an Ordú Grósaera, ag tarraingt aird ar go bhfuil Éire anois ar cheann de na tíortha is costasaí san Eoraip le haghaidh siopadóireacht bia. Díothaíodh an tOrdú Grósaera i mí Márta 2006.

Tar éis dhíothú an Ordaithe Grósaera, d'iarr an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an méid seo a leanas ar an Údarás Iomaíochta "to review and monitor the structure and operation of the grocery trade for the foreseeable future to see how it responds to the new legislative environment". Tagraítear don Grocery Monitor Project chomh maith san fhoilseachán Towards 2016: Ten Year Framework Social Partnership Agreement 2006-2015. Le linn 2006 leag an tÚdarás Iomaíochta amach struchtúr agus raon an Grocery Monitor Project. Tá sé beartaithe ag an Údarás Iomaíochta tuairisciú ar fhorbairtí san earnáil ghrósaera in 2007.

# Caithfear margadh leictreachais na hÉireann a oscailt d'iomaitheoirí eile

le Bill Prasifka

Ráiteas: Táthar ag éileamh níos mó is níos mó go n-osclófaí margadh fabhtach leictreachais na hÉireann d'iomaitheoirí eile agus ní mór dúinn dul i ngleic leis na hiarratais sin má táimid leis an méid seo a leanas a sheachaint "sleepwalking our way into an energy crisis", mar a dúirt duine mór le rá i saol an ghnó.

Toisc nár thugamar aghaidh ar na bunfhabhtanna sa tionscal leictreachais reatha tá praghsanna ag dul in airde, bíonn costais iomarcacha saothair ann agus tá brú ar an líonra atá ann chun freastal ar an éileamh ar chumhacht atá ag dul i méid i ngeilleagar atá ag fás.

Tá gá práinneach le go mbeadh leasú ann san earnáil leictreachais, agus d'fhéadfaí tús maith a chur leis an obair sin ach an BSL a bhriseadh suas go struchtúrach láithreach. D'fhógair an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh inné go raibh an BSL chun roinnt dá mhonarchana beaga a dhiúscairt, agus cuirimid fáilte roimh an dul chun cinn seo.

I dtuarascáil a chuir Deloitte ar fáil le déanaí measadh go gcuireann neamhéifeacht san earnáil leictreachais in Éirinn €100 milliún sa bhliain lenár mbillí i gcomparáid leis na tagarmharcanna atá ann go hidirnáisiúnta. Ní féidir le hÉirinn a háit sa gheilleagar idirnáisiúnta a dhaingniú mar gheilleagar iomaíoch má leanann sí ag brath ar earnáil leictreachais atá neamhiomaíoch agus í tacaithe ag monarchana seanchaite neamhiontaofa.

Chuir an Páipéar Glas a foilsíodh le déanaí cúpla moladh stuama chun tosaigh – mar shampla go gcruthófaí cúlsoláthar talún de shuímh ghiniúna a d'fhéadfaí a úsáid, go ndaingneofaí comhcheangailteacht, agus go gcuirfí i bhfeidhm margadh leictreachais mórdhíolacháin uile-oileáin i mí na Samhna 2007.

Ach ní thar oíche a chuirfear na pleananna seo i bhfeidhm agus ní leor iad chun srian a chur leis an ardú atá ag teacht ar chostas leictreachais do thomhaltóirí.

Dé Máirt seo caite, d'fhógair an OECD go gcaithfí iomaíocht san earnáil leictreachais a threisiú go práinneach mar go gcuireann praghsanna leictreachais go díréireach le boilsciú.

Dúirt Cumann Lucht Tráchtála Mheiriceá go bhfuil costais leictreachais do ghnólachtaí Meiriceánacha in Éirinn - na Dells, Microsofts agus Intels – tar éis méadú os cionn 40 faoin gcéad ó 2000 i leith.

Agus onnmhaireoirí in Éirinn ag tabhairt aghaidh ar iomaíocht atá ag siarthreisiú, is míbhuntáiste mór dóibh é go bhfuil costais arda ann agus na costais sin á gcosaint ag earnáil cosanta neamhthrádáilte.
Tá praghsanna arda leictreachais ag dul i gcion ar dhaoine in Éirinn chomh maith, go háirithe an 17 faoin gcéad sin de theaghlaigh atá bocht ó thaobh an bhreosla de, daoine aosta agus éaslána, agus na daoine a mhaireann ar ioncaim ísle shocraithe. Tuairiscíonn Deloitte gurb é €102,742 an meántuarastal ag monarcha Poolbeg, cé nár gineadh vata amháin leictreachais ann ó mhí Eanáir seo caite i leith. Is custaiméirí BSL atá ag íoc as na neamhéifeachtaí seo.

Is é bun agus barr an scéil ná nach bhfuil dóthain iomaíochta sa mhargadh in Éirinn. Tharla idir liobrálú ar mhargadh na hÉireann is phraghsanna tithe ag dul in airde, ó 1999 i leith agus ní raibh seans ceart ag fíoriomaíocht titim amach. Is é an BSL fós an príomhfhórsa a ghineann leictreachas don soláthar do thithe príobháideacha. Dá bharr seo níl margadh na hÉireann chomh tarraingteach d'infheisteoirí agus mar thoradh air sin tá gnólachtaí dála ePower agus Ireland Power tar éis mhargadh na hÉireann a fhágáil le blianta beaga anuas. Toisc go bhfuil punann ilghnéitheach ag an BSL, is é an BSL a shocraíonn praghas an leictreachais sa mhargadh 99 faoin gcéad den am.

Níl seans madra ag monarchana neamh-BSL praghsanna a shocrú. Gan iomaitheoir a bheith ann ar chomhthoise ó thaobh na giniúna de, beidh BSL ábalta monarchana nua a thógáil, a chinntiú go mbeidh soláthar leictreachais i gcónaí ann, ach ní dhéanfaidh sé seo ach ceannasacht BSL a dhaingniú.

An chaoi is fearr ar féidir le hÉirinn a hiomaíochas idirnáisiúnta a chinntiú ná na struchtúir a chruthú a thacóidh le fíoriomaíocht sa mhargadh leictreachais.

Má chothaítear dianiomaíocht i nginiúint agus soláthar leictreachais laghdófar na bacainní atá ar iontráil agus cuirfear nuálaíocht agus éifeachtacht chun cinn, agus laghdófar praghsanna dá barr. An moladh a bhí i gcónaí ag an Údarás Iomaíochta agus atá fós aige ná nach bhféadfaí é seo a bhaint amach ach amháin má dhéantar an BSL a roinnt ina chuideachtaí beaga iomaíocha fuinnimh.
Níl aon rogha eile níos fearr ann chun dul i ngleic go gasta le heaspa iomaíochta agus le praghsanna arda.

I measc na n-eagraíochtaí eile atá ag iarraidh go mbeadh leasú ann tá an OECD, An Ghníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, an Coimisiún Eorpach agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, chomh maith leis na comhairleoirí Deloitte. Molann Deloitte, mar shampla, go ndíolfaí dhá phunann le monarchana giniúna ar ceant agus trí phacáiste soláthair ar ceant.

D'ainneoin na mionsonraí, má táthar chun tabhairt faoi aon réiteach struchtúrach ní mór a chinntiú nach bhfuil eintiteas mór amháin ann atá i gceannas fhormhór mór na monarchana a shocraíonn praghsanna.

Ní oibreoidh a mhalairt de réitigh. Ní bhainfidh rialú smachtúil ach méid áirithe amach; ní féidir leis aithris a dhéanamh ar dhinimiceas na hiomaíochta, agus ní féidir leis aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna atá le praghsanna arda. De bhreis air sin, cé go bhfuil cúpla buntáiste bainte as an liobrálú go dtí seo, tá costais arda atá ag fás ag cealú na mbuntáistí sin.

Má roinntear an BSL ina chuideachtaí beaga cothófar iomaíocht, eascróidh praghsanna níos ísle as agus cuirfear le slándáil soláthair mar go mbeidh níos mó soláthraithe sa mhargadh, ní bheidh bac le hiontráil, agus cuirfear éifeachtacht agus nuálaíocht chun cinn ó thaobh na giniúna de. Chomh maith leis sin, ní bheidh na monarchana a shocraíonn praghsanna faoin gceannasacht chéanna.
Má roghnaítear aon straitéis eile seachas an BSL a bhriseadh ina chuideachtaí níos lú, ní bheidh ann ach réiteach den dara grád.
Tá BSL mórálach as a theist go dtí seo ag soláthar leictreachais do thomhaltóirí san earnáil tionsclaíochta agus do thomhaltóirí príobháideacha araon, agus cúis mhaith aige a bheith mórálach as sin. Cibé scéal é, tá deireadh leis an ré ina n-úsáidfí an BSL mar uirlis chun polasaí tionsclaíochta a shocrú, agus cuireann reachtaíocht AE cosc le go bhfillfí ar sheanlaethanta na monaplachta.

An bealach is fearr freastal anois ar leasa na dtomhaltóirí agus an iomaíochais ná leasuithe struchtúrtha ar an margadh leictreachais a chur i ngníomh seachas leanúint leis an gcur i gcéill go bhfuil iomaíocht ann.

*Is é Bill Prasifka cathaoirleach an Údaráis Iomaíochta*

*Seo leagan aistrithe d' alt a bhí in The Irish Times ar an Aoine, 1 Nollaig, 2006.*

nuálacha

tomhaltóir

íocht

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

tái

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

tomhaltóir nuálachas

iomaíocht

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

gheilleagar

fás

gheilleagar

tiomáineann
iomaíocht
bhríomhar
táirgiúlacht
fás,
nuálachas
agus
luach
do
gach
tomhaltóir
sa
gheilleagar

táirgiúlacht



# Roinn 4: Seirbhísí Polasaí & Corparáideacha

# Seirbhísí Polasaí & Corparáideacha

## Airgeadas

An maoiniú a fhaigheann an tÚdarás Iomaíochta ná deontas bliantúil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. In 2006 b'ionann an deontas a fuair an tÚdarás Iomaíochta agus €5.8m. Bhí cuntais an Údaráis Iomaíochta faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ní dócha go mbeidh an t-iniúchadh ar chuntais 2006 i gcrích go dtí an dara ráithe in 2007. Ag uair a scríofa, ámh, b'ionann an táirgeacht neamhiniúchta sealadach le haghaidh 2006 agus caiteachas €4.8m.

## Saoráil Faisnéise

Fuair an tÚdarás Iomaíochta dhá iarratas ar eolas faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise in 2006, sin iarratas amháin níos lú ná in 2005. Ba iarratais iad nach raibh ag baint le cúrsaí pearsanta. Sa dara cás diúltaíodh d'iarratas go mbeadh rochtain ar dhoiciméid agus nuair a rinneadh achomharc ar an gcinneadh sin tacaíodh leis an gcinneadh. Cé gur dócha go bhfuil an leibhéal íseal iarratais seo a dhéantar ar fhaisnéis ón Údarás Iomaíochta ag teacht leis an laghdú atá tagtha ar a leithéid d'fhaisnéis go ginearálta, tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim go mbaineann an leibhéal íseal níos mó lena pholasaí oscailteachta agus follasachta mar is léir ón líon mór doiciméad a fhoilsíonn seo, go háirithe ar a shuíomh gréasáin www.tca.ie.

## Earcaíocht

Déanann an tÚdarás Iomaíochta a fhoireann féin a earcú. Bhí trí fheachtas earcaíochta poiblí ag an Údarás Iomaíochta in 2006 agus ceapadh deichniúr mar thoradh orthu sin. Bhíothas ábalta roinnt de na ceapacháin sin a dhéanamh a bhuíochas le cinneadh an Rialtais i mí na Nollag 2005 acmhainní an Údaráis Iomaíochta a mhéadú trí sheacht phost nua a chur ar fáil do Rannóg na gCairtéal. Bhíothas in ann na ceapacháin eile a dhéanamh toisc folúntais a bheith ann i rith na bliana.

Ba ar Choimisinéirí na Státseirbhísí a thit an fhreagracht na trí phost sin a líonadh, nuair a tháinig folúntais chun cinn i rith na bliana, de bhun Alt 35(3) den Acht Iomaíochta, 2002. Tar éis na gcomórtas a reáchtáil An Coimisiún um Cheapacháin Phoiblí, cheap an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an tUasal William Prasifka ina Chathaoirleach ar an Údarás Iomaíochta agus an Dr. Stanley Wong agus Carolyn Galbreath Uasal ina mBaill den Údarás. D'imigh An Dr. Wong i mbun a cheapacháin i mí Feabhra 2006 agus d'imigh An tUasal Prasifka agus Carolyn Galbreath Uasal i mbun a gceapacháin i mí Aibreáin.

Roimhe sin bhí an tUasal Prasifka ag obair mar Choimisinéir um Rialáil Eitlíochta agus bhí sé ina Bhall den Údarás Iomaíochta idir 1996 agus 1999. Roimh 1996 bhí An tUasal  Prasifka i gcleachtas dlí príobháideach, ar dtús báire i Nua-Eabhrac agus ansin i mBaile Átha Cliath, agus é ag cur comhairle maidir le dlí na hiomaíochta in Éirinn, san Eoraip agus i Meiriceá.

Sular thosaigh An Dr. Wong leis an Údarás Iomaíochta, bhí sé ina Comhpháirtí i gcleachtas dlí i gCeanada, Davis & Company LLP, agus i gceannas an chleachtais sin. Tá sé cáilithe mar eacnamaí agus mar aturnae. Sular thosaigh sé ag obair leis an gcleachtas dlí i 1984, bhí sé ina Chomhollamh le hEacnamaíocht in Ollscoil Carleton, Ottawa.

Tá taithí ag Carolyn Galbreath i gcúrsaí dhlí iomaíochta Mheiriceá agus na hEorpa. Agus í ag obair mar aturnae trialach i Rannóg Frithiontaobhais na Roinne Dlí agus Cirt na SA rinne sí ionchúiseamh i gcásanna cúirte nuair a bhíothas ag cur an dlí ar chairtéil idirnáisiúnta agus cumaisc chorparáideacha

**Teicneolaíocht Faisnéise**

Tar éis a fheidhm neamhspleách Theicneolaíochta Faisnéise agus Chumarsáide (TFC) a chuir ar bun in 2005, chaith an tÚdarás Iomaíochta an chuid is mó dá chuid ama agus dá acmhainní in 2006 ag fáil agus ag forbairt inniúlacht fóiréinseach TF chun cuidiú leis ina imscrúduithe agus plean téarnaimh ghnó a fhorbairt a fhreastalódh ar an Údarás dá dteipfeadh ar na gcóras TFC ina iomláine. Chomh maith leis sin, chuir an tÚdarás Iomaíochta i gcrích an athfhorbairt a bhí á dhéanamh aige ar a shuíomh gréasáin, www.tca.ie, agus athsheoladh an suíomh i mí Mheán Fómhair. An chúis a ndearnadh athfhorbairt ar an suíomh ná chun go mbeadh sé níos áisiúla don úsáideoir trí an líon mór eolais atá foilsithe go dtí seo a chur i gcatagóirí.

**Gealltanais Idirnáisiúnta**

Ghlac an Rannóg Polasaí an fhreagracht uirthi féin comhordú a dhéanamh ar ghealltanais idirnáisiúnta an Údaráis Iomaíochta in 2006.

**European Competition Network (ECN)**

Cuireadh an ECN ar bun, ar scór Rialacháin 1/2003 chun a chinntiú go gcuirfí dlí iomaíochta an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm go comhréireach ar fud na mBallstát uile. An cuspóir atá ag ECN ná frámaíocht dhlíthiúil éifeachtach a thógáil chun agóid i gcoinne cuideachtaí a bhíonn ag gabháil do chleachtais ghnó trasteorainn a chuireann srian le hiomaíocht agus atá neamhfhabhrach do thomhaltóirí. Tá ballraíocht in ECN éigeantach do gach Ballstát.

Le linn 2006, bhí an tÚdarás Iomaíochta gníomhach i ngach ceann de na naoi Ghrúpa Oibre ECN agus in ocht gcinn as na trí cinn déag de Fhoghrúpaí an ECN. Chomh maith le gníomhaíochtaí an ECN d'fhreastail an tÚdarás Iomaíochta ar Éisteachtaí Ó Bhéal agus ar chruinnithe Coistí Comhairleacha maidir le sárú ar dhlí iomaíochta an AE.

**An Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD)**

Tá Éire ina ball den OECD de bharr comhaontú rialtais. Tagann na tríocha rialtas atá ina mbaill den OECD le chéile chun cúrsaí eacnamaíochta, sóisialta agus polasaí rialtais a phlé. Feidhmíonn an OECD freisin mar fhoinse neamhspleách le haghaidh taighde agus anailíse ar pholasaí. Tá an OECD comhdhéanta de choistí a dhíríonn ar raon leathan saincheisteanna polasaí. An Coiste atá freagrach as polasaí iomaíochta ná an Coiste Iomaíochta. Déanann an Coiste Iomaíochta leasú atá dírithe ar an margadh trí chinnteoirí sa rialtas a spreagadh le dul i ngleic le cleachtais agus rialacháin fhrithiomaíocha. Freastalaíonn an tÚdarás Iomaíochta ar chruinnithe Choiste Iomaíochta an OECD agus ar chruinnithe an dá pháirtí oibre atá bainteach leis: Páirtí Oibre 2 um Iomaíocht agus Rialú agus Páirtí Oibre 3 um Chomhair agus Forfheidhmiú.

Le linn 2006 chuir an tÚdarás Iomaíochta dhá chomhaighneacht faoi bhráid Pháirtí Oibre 2 ar na hábhair seo a leanas *Increasing Competition between Payments Cards and Competition and Regulation in Retail Banking*. Chuir an tÚdarás Iomaíochta ceithre chomhaighneacht faoi bhráid Pháirtí Oibre 3 ar na hábhair seo a leanas: *Private Remedies (dhá aighneacht), Techniques and Evidentiary Issues in Proving Dominance/Monopoly Power and Plea Bargaining/Settlement of Cartel Cases.*

**Údarás Iomaíochta na hEorpa (ECA)**

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina bhall den ECA. Cuireann an ECA fóram ar fáil le go mbeadh plé ann i measc Údaráis Iomaíochta Idirnáisiúnta sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch. I measc bhaill an ECA tá údaráis iomaíochta Bhallstáit an AE, an Coimisiún Eorpach, Ballstáit Limistéar Saorthrádála na hEorpa agus Údarás Faireachais EFTA. Féachann an ECA le feabhas a chur ar chomhoibriú idir údaráis iomaíochta agus cur le héifeacht fhorfheidhmiú dhlí náisiúnta agus Eorpach.

Le linn 2006 ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt sa Ghrúpa Oibre um Aerthrácht agus d'fhoilsigh an grúpa oibre sin páipéar dar teideal *Code-sharing agreements in scheduled passenger air transport*. Tá sé beartaithe ag an ngrúpa measúnú a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an earnáil iompair aeir. Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt freisin sa Ghrúpa Oibre um Sheirbhísí Airgeadais a d'fhoilsigh a thuarascáil deiridh *Competition Issues in Retail Banking and Payments Systems Markets in the EU*. In 2006 bunaíodh Grúpa Oibre nua um Smachtbhannaí.

**Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta**

Tá an tÚdarás Iomaíochta ina bhall den Líonra Idirnáisiúnta Iomaíochta (ICN). Féachann an ICN le hionad speisialtaithe ach neamhfhoirmiúil a chur ar fáil d'údaráis iomaíochta chun go mbeadh teagmháil rialta eatarthu agus go rachfaí i ngleic le cúiseanna imní praiticiúla a bhaineann le hiomaíocht. Tá Údarás Iomaíochta na hÉireann ar ghrúpa stiúrtha an ICN agus bíonn sé feidhmeach i dtrí cinn de líonraí na ngrúpaí oibre; An Grúpa Oibre um Iompraíocht Aontaobhach (UCWG), An Grúpa Oibre um Chumaisc (MWG) agus an Grúpa Oibre um Chairtéil (CWG).

Le linn 2006 cuireadh an UCWG ar bun chun iniúchadh a dhéanamh ar na dúshláin a mbíonn ar údaráis iomaíochta dul i ngleic leo agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar iompar frithiomaíoch aontaobhach i gnólachtaí ceannasacha, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá an tÚdarás Iomaíochta ina chathaoirleach ar ar Fhoghrúpa um Iniúchadh agus Anailís Cumasc an MWG. Ag Comhdháil Bhliantúil an ICN in 2006, sheol an foghrúpa Treoirlínte maidir le Cumaisc – toradh ar dhá bhliain oibre agus comhoibrithe idir ghníomhaireachtaí éagsúla. Feidhmíonn an tÚdarás iomaíochta ar dhá fhoghrúpa de chuid an CWG. Ghlac an tÚdarás Iomaíochta páirt i gCeardlann Cairtéal de chuid an ICN a reáchtáladh sa Háig, an Ísiltír, i mí na Samhna 2006.

**An Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit**

D'eisigh an Roinn Airgeadais an Cód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit (2001) agus leagann sé amach na prionsabail a bhaineann le rialachas corparáideach atá de cheangal ar chomhlachtaí stáit a ghlacadh. Éilíonn an Cód go gcomhlíonfadh gach comhlacht stáit na forálacha ábhartha agus go ndearbhódh siad gach bliain go bhfuil sé seo ag titim amach nuair atá siad ag tuairisciú don Aire cuí.

Mar a tuairiscíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2005 cheap an tÚdarás Iomaíochta Cód Iompraíochta i scríbhinn ina bhfuil caighdeáin chomhaontaithe maidir le prionsabal agus cleachtas ar a mbunóidh an tÚdarás cúrsaí iompraíochta agus rialachais. Rinneadh athbhreithniú ar an gcód in 2006 agus cuireadh mionleasuithe i bhfeidhm i bhfianaise a thaithí óna chuid oibríochtaí.

Cheap an tÚdarás Iomaíochta Cuideachtaí an Helm Group mar iniúchóirí seachtracha ar chonradh dhá bhliain ag cuimsiú 2006 agus 2007. Le linn 2006, rinne Helm 5 iniúchadh inmheánach ar chomhlíonadh an Údaráis ar nósanna imeachta éagsúla, idir rialú buiséid is phleanáil straitéiseach agus gnó.

tomhaltóir nuálachas agus luach do gach tomhaltóir sa gheilleagar

iomaíocht

tiomáineann iomaíocht bhríomhar táirgiúlacht fás, nuálachas agus luach do gach tomhaltóir sa gheilleagar

tiomáineann iomaíocht bhríomhar táirgiúlacht fás, nuálachas agus luach do gach tomhaltóir sa gheilleagar

táirgiúlacht

### Bainistíocht Acmhainní Daonna

Chuir an tÚdarás Iomaíochta tús le forbairt ar a chóras bainistíochta acmhainní daonna in 2006. Tá fás leanúnach tagtha ar an Údarás ó thaobh líon foirne de - fás beagnach 200% ó 2000 i leith. Tá isteach is amach le 60 duine ag obair don Údarás anois, agus leis seo tá an tÚdarás an tabhairt tús áite don tábhacht a bhaineann le dóthain foirne a bheith ann chun a fhreagrachtaí agus a dhualgais reachtúla a chomhlíonadh faoi dhlí fostaíochta, sláinte agus sábháilteachta etc agus chun cuidiú le forbairt foirne chomh maith.

Ba chuid thábhachtach d'obair an Údaráis Iomaíochta é eolas faoi obair an Údaráis a chur ar fáil don phobal agus eolas faoi pholasaí iomaíochta go ginearálta a chur ar fáil chomh maith. Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh gréasáin an Údaráis Iomaíochta (www.tca.ie) chun a chinntiú go gcuireann sé an t-eolas is cuimsithí agus is féidir ar fáil maidir le fógraí cumaisc, cinntí forfheidhmithe agus preas ráitis.

Tá ról ríthábhachtach ag na meáin i ngníomhaíochta an Údaráis Iomaíochta a chur in iúl don phobal i gcoitinne.

Ina theanna sin, ghlac Baill agus foireann an Údaráis Iomaíochta páirt san iliomad díospóireachtaí sna meáin chlóite agus chraolacháin ar shaincheisteanna éagsúla a bhaineann le cúrsaí iomaíochta.

### Ráiteas Straitéise

Tá sé de cheangal ar an Údarás Iomaíochta, faoi Alt 33 den Acht Iomaíochta 2002, Ráiteas Straitéise a chur ar fáil a chuireann síos ar a shainstraitéisí agus ar na táscairí feidhmíochta a bhfuil súil aige a bhaint amach sa ghearrtéarma agus sa mheántéarma. Cuimsíonn an Ráiteas Straitéise reatha an tréimhse ó 1 Eanáir go dtí 31 Nollaig 2008. Cé go bhfuil súil ag an Údarás Iomaíochta fairsingiú go hincriminteach, níl a straitéis ag díriú ar a acmhainneacht a fhorbairt a thuilleadh, ach ar a fheidhmeanna a chur i ngníomh ar an mbealach is tráthúla agus is éifeachtaí agus is féidir.

**Straitéis 2006-2008 an Údaráis Iomaíochta**

I Ráiteas Straitéise 2006-2008 an Údaráis Iomaíochta tá breac-chuntas ar an gcéad chéim eile ina fhorbairt mar eagraíocht. Is plean straitéiseach é a chuireann in iúl go bhfuil an tÚdarás Iomaíochta ag súil le fás incriminteach. Tá an Ráiteas Straitéise dírithe ar fheidhmeanna an Údaráis Iomaíochta a chomhlíonadh ar an mbealach is tráthúla agus is éifeachtaí agus is féidir.

Ceapadh Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta tar éis comhairlúchán fairsing a bheith ann le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha. Mar eagraíocht atá ag fás agus ag forbairt níl an tÚdarás Iomaíochta ag díriú a thuilleadh ar acmhainneacht a thógáil ach ar fheabhas a chur ar chainníocht agus ar cháilíocht a 'aschuir' agus ar a soláthar.

Tugann Ráiteas Straitéise an Údaráis Iomaíochta breac-chuntas ar a phlean straitéiseach i dtrí chéim:

- **Céim 1** Pléitear an cheist – **'Cad iad cuspóirí an Údaráis Iomaíochta?'** Dá réir sin, tosaíonn an rannóg seo le ráiteas maidir le Ráiteas Misin agus Spriocanna an Údaráis Iomaíochta. Chomh maith leis sin, tá cur síos sa rannóg seo ar róil an Údaráis Iomaíochta – róil a tugtar dó de réir reachta.

- **Céim 2** pléitear an cheist – **'Cad iad na dálaí, inmheánacha agus seachtracha, a théann i bhfeidhm ar an gcaoi a bhféadfadh an tÚdarás Iomaíochta a chuspóirí a bhaint amach?'** Breithníonn an rannóg seo an timpeallacht inmheánach ar an gcéad dul síos agus cuireann sé síos ar struchtúr agus ar acmhainní an Údaráis. Ansin breithnítear an timpeallacht sheachtrach agus na forbairtí atáthar ag súil leo. Cuirtear síos ar na *Fachtóirí atá Riachtanach chun go mbeidh rath ar an obair.*

- **Céim 3** pléitear an cheist – **'Ag cur san áireamh na fachtóirí a bhaineann leis an timpeallacht ina bhfuil an tÚdarás Iomaíochta ag feidhmiú, cén chaoi is fearr a d'fhéadfadh sé a chuspóirí a bhaint amach?'** Tá breac-chuntas sa rannóg seo ar na sainstraitéisí atá ag an Údarás Iomaíochta don tréimhse 2006 – 2008. Cuirtear síos chomh maith

| Rannóg | Aighneachtaí | Cumasc | Seirbhísí Corparáideacha | Cairtéil | Monaplachtaí | Polasaí |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Baill** | Declan Purcell | Paul Gorecki | Bill Prasifka | Carolyn Galbreath | Stanley Wong | Bill Prasifka |
| **Feidhmeanna** | Staidéar, anailís agus aighneacht maidir le hiomaíocht i margaí ina ndéanann an Stát srian a chur le hiomaíocht agus le librealú margaí | Fógraí agus forfheidhmiú fógraí | Comhordú ar sheirbhísí riaracháin, ar chaidreamh poiblí agus ar ionadaíocht ó bhéal seachtrach/ inmheánach, | Imscrúdú agus ionchúiseamh agus forfheidhmiú i gcoinne cairtéil Alt 4 | Imscrúduithe agus forfheidhmiú nuair a bhaintear mí-úsáid as ceannasacht (ingearach agus cothrománach ) faoi Ailt 4 agus 5 | Tacaíocht anailíseach do rannóga eile, go príomha Rannóg na gCumasc. Bainistiú agus Comhordú ar Obair Idirnáisiúnta. Forbairt ar Struchtúir Faisnéise agus Traenála. Ceapadh agus Cur i bhfeidhm polasaithe agus straitéisí. |
| **Bainisteoirí Rannóige** | Carol Boate | Cormac Keating | Ciaran Quigley | Ray Leonard | Vivienne Ryan<br>Patrick Kenny | John Evans |
| **Comhairleoirí Dlí** | | | Noreen Mackey<br>David McFadden | | | |
| **Bainisteoir Cumarsáide** | | | Mark Garrett*<br>Cathal Hanley | | | |
| **Oifigigh Cásanna** | Brian Devine<br>Jacinta McDonnell<br>Maureen O'Sullivan<br>Andrew Rae<br>Dave O'Connell | Ibrahim Bah<br>Linda Ni Chualladh<br>Brendan O'Connor | | Derek Charles<br>Michael Downey<br>Colette Hegarty*<br>Catherine Kilcullen<br>Eksteen Maritz<br>†Tony Mulligan<br>†Michael Prendergast<br>Elisa Ryan<br>TJ Fitzpatrick<br>John Burke<br>Kenneth McGreevy | Victoria Balaguer<br>Kate Renda<br>Vanessa Fenton*<br>Han Nie<br>Barry O'Donnell<br>Rosemary O'Loughlin<br>Kieran Coleman | Ann Ribault O'Reilly<br>Janet McCoy<br>Kathryn Mac Guill<br>David Boyle<br>Michel Pacillo |
| **Ardoifigigh Feidhmiúcháin** | | | Olive O'Malley<br>(Oifigeach Airgeadais)<br>James Plunkett<br>(Bainisteoir TF) | | | |
| **Oifigigh Feidhmiúcháin** | | | Sandra Rafferty<br>Stephen Lalor<br>Pat Downey | | | |
| **Oifigigh Cléireachais** | | | Elizabeth Heffernan<br>Laraine Cooper<br>Catherine Cuthbert<br>Robert Holmes<br>Sandra Brennan | | | |



* Tá Vanessa Fenton, Mark Garret agus Colette Hegarty ar shosanna gairme faoi láthair.

† Tá Bleachtaire-Sháirsintí Tony Mulligan agus Michael Prendergast ar iasacht leis an Údarás Iomaíochta faoi láthair ó Bhiúró an Gharda Síochána um Scrúdú Calaoise.




# Aguisíní

## Aguisín A: Staitisticí maidir le Cumaisc a ndearnadh Measúnú orthu 2003-2006

| | 2006 | 2005 | 2004 |
|---|---|---|---|
| **Cumaisc Fógartha** | **98** | **84** | **81** |
| fógraí riachtanacha (Alt 18(1)) | 97 | 84 | 81 |
| fógraí toilteanacha (Alt 18(3)) | 1 | 0 | 0 |
| **Tugtha ar Aghaidh ón mBliain Roimh Ré** | **7** | **11** | **13** |
| tugtha ar aghaidh mar Chéim 1 | 7 | 10 | 11 |
| tugtha ar aghaidh mar Chéim 2 | 0 | 1 | 2 |
| **Atreoraithe chuig Coimisiún an AE (ECMR Airt. 9)** | **0** | **0** | **0** |
| **LÍON IOMLÁN NA gCÁSANNA** | **105** | **95** | **94** |
| cumaisc meán as an líon iomlán | 22 | 23 | 14 |
| an líon díobh a d'imigh isteach i gCéim 2 i mbliain an fhógra | 4 | 1 | 3 |
| an líon díobh a d'imigh isteach i gCéim 2 sa bhliain roimh an bhfógra | 0 | 1 | 2 |
| **Cásanna a Aistarraingíodh** | **2** | **1** | **1** |
| Aistarraingthe ag Céim 1 | 2 | 1 | 0 |
| Aistarraingthe ag Céim 2 | 0 | 0 | 1 |
| **Cinntí** | **96** | **87** | **82** |
| Céim 1 Ceadaithe gan mholtaí | 93 | 80 | 78 |
| Céim 1 Ceadaithe le moltaí | 0 | 5 | 1 |
| Céim 2 Ceadaithe gan choinníoll | 2 | 0 | 1 |
| Céim 2 Ceadaithe le coinníollacha | 0 | 2 | 1 |
| Céim 2 Toirmiscthe | 1 | 0 | 1 |
| **Atreoraithe chuig Coimisiún an AE (ECMR Art 22)** | **0** | **0** | **0** |
| **Tugtha ar Aghaidh chuig an gCéad Bhliain Eile** | **7** | **7** | **11** |
| Tugtha ar Aghaidh mar Chéim 1 | 6 | 7 | 10 |
| Tugtha ar Aghaidh mar Chéim 2 | 1 | 0 | 1 |

## Aguisín B: Cumaisc a cuireadh i bhfios don Údarás Iomaíochta in 2006

| Fógra | Earnáil | Dáta an Fhógra | Stádas |
|---|---|---|---|
| M/06/001 - Carillion/Mowlem | Foirgníocht | 06 Eanáir 2006 | I gCrích |
| M/06/002 - IBM / Micromuse | Seirbhísí Bainistíochta Líonra TF | 16 Eanáir 2006 | I gCrích |
| M/06/003 - Honeywell / First Technology | Seirbhísí Airgeadais | 19 Eanáir 2006 | I gCrích |
| M/06/004 - Morgan Stanley / Lloyds TSB (The Goldfish Business) | Seirbhísí Airgeadais | 20 Eanáir 2006 | I gCrích |
| M/06/005 - Emap / Cafeslim | Meáin agus bainisíocht ualaigh ar líne | 23 Eanáir 2006 | I gCrích |
| M/06/006 - Jabil / Celetronix | Comhpháirteanna leictreonacha a sholáthar do OEMs | 09 Feabhra2006 | I gCrích |
| M/06/007 - Disney / Pixar | Scannáin | 20 Feabhra2006 | I gCrích |
| M/06/008 - Thomas Crosbie / Wexford Echo | Meáin / Foilsitheoireacht Nuachtán | 24 Feabhra2006 | I gCrích |
| M/06/009 - Hachette / Time Warner Book Group | Foilsitheoireacht | 28 Feabhra2006 | I gCrích |
| M/06/010 - DuPont / Syngenta | Fungaicídí Gránaigh a Tháirgeadh agus a Dhíol | 03 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/011 - Sony / Konica | Scáil lionsa singil digiteach a tháirgeadh agus a dhíol | 03 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/012 - CRH (SKS) / Halfen | Oiriúintí Foirgníochta | 03 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/013 - Honeywell / Gardiner | Córais Slándála Aláraim Dóiteáin | 06 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/014 - Magnet / Netsource | Meáin – Ceangal Leathanbhanda | 08 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/015 - ABN Amro / Rémy Cointreau | Táirgeadh agus buidéalú Brandaí Biotáille | 10 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/016 - Agamemnon / Schuberth | Clogaid chosanta a tháirgeadh agus a dhíol | 15 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/017 - CRH Deutschland / Syncotec | Oiriúintí Foirgníochta | 15 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/018 - Dell / Alienware | Gléasanna agus Forimeallaigh Ríomhaireachta | 29 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/019 - Mars MAV / S&M NuTec | Sneaiceanna do Pheataí | 31 Márta 2006 | I gCrích |
| M/06/020 - Societe Generale / Pioneer Global | Seirbhísí Airgeadais | 04 Aibreán 2006 | I gCrích |
| M/06/021 - Independent / PropertyNews | Meáin-Foilsitheoireacht | 06 Aibreán 2006 | I gCrích |
| M/06/022 - Micron Technology / Lexar Media | Leathsheoltóirí agus gléasanna stórála | 07 Aibreán 2006 | I gCrích |
| M/06/023 - GE / Zenon | Cóireáil Uisce agus Fuíolluisce | 12 Aibreán 2006 | I gCrích |
| M/06/024 - CVC / Allsport | Fáiltiú corparáideach | 12 Aibreán 2006 | I gCrích |
| M/06/025 - KKR / Flextronics | Seirbhísí bogearraí Cumarsáide | 04 Bealtaine 2006 | I gCrích |
| M/06/026 - Goldman Sachs / AS Arovit | Sneaiceanna do Pheataí | 05 Bealtaine 2006 | I gCrích |
| M/06/027 - Tetra Laval / Carlisle | Trealamh chun Próiseáil a dhéanamh ar Bhia Leachtach | 10 Bealtaine 2006 | I gCrích |
| M/06/028 - Doughty Hanson / TV3 | Craolachán | 23 Bealtaine 2006 | I gCrích |
| M/06/029 - Quantum / ADIC | Téarnamh TF | 02 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/030 - 3i / Bealtaineborn | Táirgí Cúraim Leanaí agus Tí | 06 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/031 - Saint Gobain / JP Corry | Tógálaithe Marsantacha agus Táirgí Soláthair Tógála | 07 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/032 - Trinity Mirror / Email 4 Property | Idirlíon | 08 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/033 - Screen / Applied Materials- JV | Córais Riain Leathsheoltóra | 12 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/034 - Warburg Pincus / Tornier | Ionchlannáin ortaipéideacha a dhearadh agus a tháirgeadh | 13 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/035 - Babcock & Brown (BCM) / ESOT / eircom | Teileachumarsáid | 13 Meitheamh 2006 | I gCrích |

| | | | |
|---|---|---|---|
| M/06/036 - Caisse Regionale / Taittinger et Viticole | Dáileadh Seaimpéine | 22 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/037 - Sagard / Olympia | Baincéireacht Infheistíochta | 23 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/038 - Motorola / TTP Communications plc | Bogearraí Feidhmchláir le haghaidh Gléasanna Soghluaiste | 23 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/039 - Kingspan / Xtratherm | Ábhair Inslithe | 26 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/040 - Ken Peterson / Leap | Leathanbhanda | 30 Meitheamh 2006 | I gCrích |
| M/06/041 - Resolution / Abbey National | Árachas Saoil | 06 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/042 - ABN Amro / Volution | Córais Teasa agus Bainistíocht Cábla | 06 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/043 - General Electric / Biacore | Bainistíocht Feithiclí | 06 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/044 - Topaz / Statoil Ireland | Allmhairiú, stóráil agus soláthar táirgí ola agus peitriliam | 12 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/045 - Ing Groep / Appleyard | Bainistíocht Feithiclí | 17 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/046 - CD&R / New Sally | Táirgí Cúraim Gruaige, cosmaidí, agus fearas stíleála & nithe scéimhe eile a dháileadh. | 19 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/047 - ABN AMRO / Amtico | Urlárach tíle vinile lannach | 20 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/048 - Warburg Pincus / Somera | Trealamh Teileachumarsáide | 24 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/049 - Newspread / Wholesale Newspapers | Meáin: nuachtáin a fhoilsiú agus a dháileadh | 24 Iúil 2006 | I gCrích |
| M/06/050 - EMC / RSA SECURITY | Slándáil Teicneolaíochta Faisnéise | 02 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/051 - Largo / Tayto | Sneaiceanna | 04 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/052 - Debenhams / Roches Stores | Díolacháin Mhiondíola | 09 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/053 - GE / Memphis | Comhpháirteanna Eitlíochta | 14 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/054 - Pearson (FT) / Mergermarket | Táirgí leictreonacha don nuacht ghó agus táirgí faisnéise | 16 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/055 - ThyssenKrupp / Alcoa (ENAAS Business Activities) | Seirbhís aerospáis | 17 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/056 - Flextronics / Eastman Kodak | Ceamaraí digiteacha a dhearadh, a tháirgeadh agus a dháileadh | 18 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/057 - Coillte / Weyerhaeuser | Táirgí Foraoiseachta | 22 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/058 - AXA / Eliokem | Ceimiceáin | 23 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/059 - The Irish Times / MyHome | Fógraíocht - Tithe | 25 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/060 - BNY Holdings / AIB/BNY Securities Services (Ireland) Limited | Seirbhísí riaracháin cistí agus iontaobhaí/ coinneála | 31 Lúnasa 2006 | I gCrích |
| M/06/061 - D'Olier / Gloss | Meáin agus Foilsitheoireacht | 01 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/062 - Euromoney / Metal Bulletin | Seirbhísí Airgeadais agus Gnó | 01 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/063 - 3i / Selective Beauty | Cosmaidí | 04 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/064 - Kelido (Westcoast) / Clarity Computer | TF | 07 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/065 - IBM / Filenet | TF / Bogearraí | 08 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/066 - Mosaic / Rubicon | Díolacháin Mhiondíola | 11 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/067 - Connaught Tribune/Galway Bay FM | Nuachtáin agus Raidió | 25 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/068 - PCP ONE / Champion Sports | Miondíolachán | 25 M. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/069 - GE Fanuc - Radstone | Teicneolaíocht Faisnéise | 06 D. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/070 - ABN AMRO - Saunatec | Seirbhísí Airgeadais, Trealamh Sabhna agus galfholcadáin | 06 D. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/071 - JA Trading/ River Newspapers | Meáin | 27 D. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/072 - Apax Partners/ Incisive Media | Eolas Gnó a sholáthar | 27 D. Fómhair 2006 | I gCrích |

| | | | |
|---|---|---|---|
| M/06/073 - Bord na Mona/ Edenderry Power | Fuinneamh | 27 D. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/074 - Deutsche Bank AG / Tilney Group Limited | Seirbhísí Airgeadais | 27 D. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/075 - Arcapita/ Viridian | Fuinneamh | 27 D. Fómhair 2006 | I gCrích |
| M/06/076 - Oracle/Metasolv | Bogearraí teileachumarsáide | 06 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/077 - Banca Intesa/ Sanpaolo | Seirbhísí baincéireachta, airgeadais agus árachais | 07 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/078 - Spotless Group (AXA)/ Punch Industries/ Glanmire | Na hearnálacha cúraim fabraice, cúraim bhaile agus cúraim phearsanta | 16 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/079 - Guardian Media Group plc/ Century Radio Limited/ Century Radio 105 Limited | Craolachán Raidió sa Bhreatain | 17 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/080 - LINPAC Materials Handling Limited/ Allibert Buckhorn | Cineálacha áirithe RTPanna a tháirgeadh agus a sholáthar | 20 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/081 - AXA Investment Managers Private Equity S.A./ CABB GmbH | Táirgí Ceimiceacha | 22 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/082 - Bernard McNamara/Derek Quinlan/DDDA/ South Wharf plc | Earnáil Maoine | 23 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/083 - Deutsche Post/TSO | Foinsiú allamuigh ar Próiseáil Doiciméad Gnó | 15 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/084 - British Teileachumarsáid plc/ Plusnet plc | Seirbhísí cumarsáide leictreonacha a sholáthar | 27 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/085 - Regent Acquisitions Limited (Royal Bank of Scotland Group plc)/ Winset Investments Limited (TTT Moneycorp) | Seirbhísí Malairte Eachtraí | 28 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/086 - R.R. Donnelley & Sons Company/ Banta Corporation | Gnó bainistíochta soláthair, seirbhísí priontála agus foinsiú allamuigh ar dhoiciméid ghnó | 30 Samhain 2006 | I gCrích |
| M/06/087 - Applied Materials, Inc./ Brooks Software | Uathoibriú monarchan & táirgí bainteacha | 01 Nollaig 2006 | Active |
| M/06/088 - Barclays Private Equity France SAS/ APEM Group SA | Lascaí, luamháin stiúrtha agus méarchláir a tháirgeadh | 05 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/089 - Doughty Hanson/ Setanta Sport | Craolachán Teilifíse | 08 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/090 - ESPN Global Limited/ NASN Limited | Craolachán teilifíse agus sindeacáitiú ar ábhar cláir | 11 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/091 - Barclays Private Equity France/ N.V. De Smet | Innealtóireacht agus soláthar ar mhonarchana tionsclaíochta do na tionscail seo a leanas: (i) ola agus saillte; (ii) dromchla-ghníomhaithe agus ceimiceáin bhainteacha; agus (iii) olacheimiceáin agus bithdhíosail | 13 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/092 - Citibank Investments/ Quilter Holdings | Seirbhísí bainistíochta saibhris | 13 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/093 - Abbot/ Kos Pharmaceutical | An Earnáil Chógaisíochta | 14 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/094 - BSkyB/365 Media | Cearrbhachas agus na Meáin | 22 Nollaig 2006 | Gníomhach |
| M/06/095 - Barclays/ Worldmark | Táirgí a aimsiú do ghléasanna leictreonacha | 22 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/096 – IBM/Vallent | Teicneolaíocht Faisnéise | 22 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/097 - Sagard/ Aliplast | Táirgí cóimhiotal bog clúmanaim | 22 Nollaig 2006 | I gCrích |
| M/06/098 - Premier Foods/ RHM | Bia | 28 Nollaig 2006 | Gníomhach |

## Aguisín C: Aighneachtaí Foirmiúla a rinne an tÚdarás Iomaíochta in 2006

| Uimhir na hAighneachta: | Aighneacht chuig: | Topaic: | Achoimre ar na Moltaí: |
|---|---|---|---|
| S/06/001 | An Coimisiún Eorpach | Páipéar Glas ar Chaingne maidir le Damáistí toisc Rialacha Frithiontaobhais an CE a Shárú | Cuireann an Páipéar Glas an cheist an cóir rialacha speisialta a bheith ann maidir le fianaise dhoiciméadach a nochtadh, agus más cóir, cén chaoi ar chóir é sin a dhéanamh. Tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim go bhféadfaí mearbhaill a chur ar dhaoine dá ndéanfaí comhchuibhiú ar réimse amháin dlí ar fud an AE. Ag cur an caveat tábhachtach seo san áireamh, bhreithnigh an tÚdarás Iomaíochta na roghanna atá ann maidir leis an múnla ar chóir do rialacha ar nochtadh a bheith acu (más ann dóibh). |
| S/06/002 | Údarás Maoirseachta, Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | Cosaint dhlíthiúil ar an téarma "Cuntasóir" | Tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim nach bhfuil aon chás leasa poiblí a bhfuil gá aige leis an téarma "cuntasóir" a chosaint, i láthair na huaire. Forálann an córas atá ann faoi láthair go mbeadh cosaint reachtúil ann le haghaidh gné lárnach den obair a dhéanann cuntasóirí i gcleachtas poiblí ach ceadaíonn sé saoirse freisin maidir le seirbhísí eile a sholáthraíonn siad. Dá dtabharfaí isteach córas chun cosaint dhlíthiúil a thabhairt don téarma "Cuntasóir" rachadh costais in airde do thomhaltóirí. |
| S/06/003 | An Roinn Sláinte agus Leanaí | Reachtaíocht chun Údarás um Eolas agus Cáilíocht a Bhunú | Tacaíonn an tÚdarás Iomaíochta le bunú HIQA agus an ról tábhachtach a bheadh aige i soláthar eolais ar sheirbhísí cúraim shláinte do thomhaltóirí. Má chuirtear feabhas ar an bhfáil atá ag tomhaltóirí ar eolas beidh níos mó cumhachta acu agus beidh ar a gcumas cinntí eolasacha a dhéanamh maidir lena sláinte agus leis an seirbhís agus cóir leighis a roghnaíonn siad. |

| Uimhir na hAighneachta: | Aighneacht chuig: | Topaic: | Achoimre ar na Moltaí: |
|---|---|---|---|
| S/06/004 | Fóram Rialála Gnó | An tUalach a Laghdú a Chuireann Rialú ar Chúrsaí Gnó | Tá an tÚdarás Iomaíochta tar éis cúpla earnáil a aithint ina bhfuil fadhbanna iomaíochta ag cur go mór leis na costais a bhaineann le gnó a rith agus ar féidir leigheas a fháil orthu ach leasuithe a chur i bhfeidhm ar chúrsaí rialaithe. Dá mbeadh rialú níos fearr ann sna hearnálacha baincéireachta, árachais, dramhaíola agus leictreachais bheadh níos mó iomaíochta ann agus laghdófaí costais ghnó, rud a chuideoidh le gnólachtaí a bheith níos iomaíche, in Éirinn agus thar lear. San aighneacht tá sonraí maidir le moltaí an Údaráis Iomaíochta chun rialú níos fearr a dhéanamh ar na hearnálacha seo chun iomaíocht a chothú, agus na moltaí seo ag eascairt as anailís chriticiúil a rinneadh ar an earnáil. |
| S/06/005 | An Roinn Sláinte agus Leanaí | Dréacht-Bhille um Chleachtóirí Leighis 2006 | Athraíodh comhdhéanamh Chomhairle na nDochtúirí Leighis, athruithe a gcuirimid fáilte rompu. Chomh maith leis sin tá próiseas níos cuíchóirithe ann le go gclárófaí cleachtóirí leighis ó thíortha eile, agus tá feabhas curtha ar na rialacháin a bhaineann leis an oiriúnacht feidhmiú mar chleachtóir agus ról nua Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte i bpleanáil daonchumhachta do chleachtóirí leighis. Tá cúpla cúis imní fós ann ar ghá dul i ngleic leo chun a chinntiú go n-oibríonn na rialacháin nua ar mhaithe le leas is fearr na dtomhaltóirí agus na seirbhísí leighis. |
| S/06/006 | Comhchoiste an Oireachtais ar Chumarsáid, Muir agus Acmhainní Nádurtha | Dréacht-Bhille Craolacháin 2006 | Cuireann an tÚdarás Iomaíochta fáilte roimh théama na moltaí sa Bhille mar chéim thábhachtach i dtreo a chinntiú go ndéantar sainiú ceart ar an sainchúram seirbhíse poiblí agus go ndéantar póilíneacht cheart air agus go mbeadh maoiniú ar fáil do chraoltóirí na seirbhíse poiblí ar an mbealach is fearr le nach gcuirfí as d'iomaíocht. Tá cúpla cúis imní ainmnithe ag an Údarás maidir leis na moltaí agus tá moltaí déanta aige chun dul i ngleic leis na cúiseanna imní sin. |
| S/06/007 | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil | Páipéar Comhairlicháin ar an Earnáil Bainistíochta Dramhaíola | Tá an tÚdarás Iomaíochta den tuairim nach bhfuil aon ghá soiléir le go mbeadh rialtóir dramhaíola ann agus go léiríonn fianaise idirnáisiúnta gurb é an córas tairisceana iomaíochta an chaoi is fearr an praghas is fearr in aghaidh an aonaid a bhaint amach do thomhaltóirí. Má cheaptar rialtóir dramhaíola, molann an tÚdarás Iomaíochta nach cóir gurb ar an rialtóir a bheadh an fhreagracht praghsanna a shocrú, ar bhonn náisiúnta ná ar bhonn réigiúnach. |
| S/06/008 | Roinn an Taoisigh | Páipéar Comhairliúcháin ar Achomhairc Rialaitheacha | D'fhonn na gnéithe riachtanacha a bhaineann le foras maith rialaitheach a sholáthar i.e. saineolas, éifeachtacht agus críochnúlacht, molann an tÚdarás Iomaíochta gur chóir breathnú ar bhunú cúirt speisialta a mbeadh Breitheamh de chuid na hArd-Chúirte i gceannas air, a mbeadh saineolaithe ar fáil dó i réimsí cuí a bhaineann le rialú, a fhreastalódh, in éineacht leis an mbreitheamh i gceannas, ar an achomharc iomlán. |
| S/06/009 | An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha | Páipéar Glas ar Fhuinneamh | Molann an tÚdarás Iomaíochta go mbeadh clár cuimsitheach ann ar leasuithe struchtúracha i margadh leictreachais na hÉireann chun iomaíocht a chothú i nginiúint agus i soláthar leictreachais, chun tosca a bheith ann a laghdódh praghsanna do thomhaltóirí, chun bacainní a laghdú ar iontráil, chun deireadh a chur le ceannasacht BSL agus chun slándáil agus inbhuaine soláthair leictreachais a chinntiú. |

## Aguisín D: Óráidí agus Cur i Láthair a rinne Baill agus Foireann an Údaráis Iomaíochta in 2006

| Teideal | Fóram | Dáta | Duine |
|---|---|---|---|
| "Is the overall approach of the Commission in its Article 82 Discussion Paper on tying /bundling the correct one?" | Pléphainéal, Chumann Lucht Tráchtála Mheiriceá chuig an AE, Ceardlanna ar an Athbhreithniú ar Airteagal 82 agus na himpleachtaí do thionscail, an Bhruiséil | 16 Eanáir | Paul Gorecki |
| Nóta Tráchta ar Pháipéar Sean Lyons - Testing which proposed regulations need 'Competition Proofing' | Seimineár urraithe ag an Statistical and Social Inquiry Society of Ireland, Baile Átha Cliath | 26 Eanáir | Paul Gorecki |
| Regulation, Competition and Political Economy | Fóram maidir le Rialú Gnó | 23 Feabhra | Declan Purcell |
| The Abolition of Groceries Order: Enforcement by the Competition Authority | Comhdháil ar Dheireadh a Chur leis na Ordú Grósaera, arna óstáil ag Competition Press | 1 Márta | Paul Gorecki |
| Competition Issues in the Agri-Food Sector | Coláiste na Tríonóide | 10 Aibreán | Declan Purcell |
| Comments on the Building Control Bill, 2005 and the Competition Authority's Report on Competition in the Architect's profession. | Comhchoiste an Oireachtais ar an gComhshaol agus Rialtas Áitiúil | 26 Aibreán | Bill Prasifka |
| Removing the Protective Shackles | Comhdháil Bainistíochta Sinsearaí, An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta | 27 Aibreán | Declan Purcell |
| Enforcement in the Post Groceries Order Era | Comhdháil Bhliantúil ar an Tionscal Bia & Dí in Éirinn | 27 Aibreán | Stanley Wong |
| Merger Remedies in Ireland | International Competition Network, CCB, Cape Town, an Afraic Theas | 5 Bealtaine | Stanley Wong |
| Market Definition in Pharmaceutical Wholesale Mergers | European Competition Network | 19 Meitheamh | Brian Devine |
| Regulation and Competition | An Dlí-Chumann Corpraithe | 12 Iúil | Noreen Mackey |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Form versus Effects-Based Approaches to the Abuse of a Dominant Position: the case of TicketMaster Ireland | Páipéar foilsithe in Journal of Competition Law and Economics, Imleabhar.2, lgh 533-548 | M. Fómhair | M. Fómhair |
| Ensuring Effective Competition in Waste Collection | Comhdháil 2006 Environment Ireland , B.Á.C. | 4 M. Fómhair | Paul Gorecki |
| Competition Law and the Agri-Food Sector | ICOS UCC Dairy Director Development Programme, B.Á.C. | 6 M. Fómhair | Paul Gorecki |
| The Professions Studies | An Grúpa um Rialú Níos Fearr | 20 M. Fómhair | Declan Purcell |
| Presentation to the Business Leaders' Conference | Comhdháil Ceannasaithe Tionscail 2006 | 8 M. Fómhair | Bill Prasifka |
| Competition Policy in Ireland | Competition Press, | | |
| Comhdháil Bhliantúil | 28 M. Fómhair | Bill Prasifka | |
| Expanding Civil Penalties Constitutionally | Competition Press, Comhdháil Bhliantúil | 28 M. Fómhair | Noreen Mackey |
| The Political Economy of Competition | UCD | 24 D. Fómhair | Declan Purcell |
| Criminal Cartels in Ireland: The Heating Oil Case | Páipéar foilsithe in The European Competition Law Review, Eagrán 11, lgh 631-640 | Samhain | David McFadden and Paul Gorecki |
| Sanctions in Competition Cases in Ireland | An Institiúid Gnóthaí Eorpacha | 14 Samhain | Bill Prasifka |
| Liberalisation of Pharma distribution, regulation and distribution - Ireland | European Competition Network | 17 Samhain | Declan Purcell |
| Competition Policy- An Instrument to Fight Inflation | Grúpa Oibre um Fhrithbhoilsciú | 29 Samhain | Declan Purcell |
| How Directors can be Disqualified following Competition Cases | Páipéar Foilsithe in *Competition,* Eagrán 8, Imleabhar 14 | Nollaig | David McFadden |
| Competition Law Enforcement in Ireland | Cur i Láthair os comhair ÚdarásIomaíochta na Portaingéile, Liospóin | 1 Nollaig | Stanley Wong |
| Competition in Legal Services | Ráitis Tosaigh ag seoladh Thuarascáil Deiridh ar Aturnartha agus Abhcóidí | 11 Nollaig | Bill Prasifka |
| The Legal Profession: Competition and Liberalisation | Ráitis Tosaigh ag an gComhdháil ar an gCás Eacnamaíochta atá ann le go leasófaí Seirbhísí Gairmiúla | 13 Nollaig | Declan Purcell |

## Notaí

**Notaí**

## Notaí

tiomáineann iomaíocht bhríomhar táirgiúlacht fás, nuálachas agus luach do gach tomhaltóir sa gheilleagar

**The Competition Authority**

An tÚdarás Iomaíochta
**Parnell House,** 14 Parnell Square, Dublin 1, Ireland.
**Tel:** +353 (0)1 804 5400 ▪ **LoCall:** 1890 220 224 ▪ **Fax:** +353 (0)1 804 5401 ▪ **www.tca.ie**